Is féidir linn a thuairisciú gur chuir 30 de na PPNanna tuarascálacha ar ais. Ba í an tuarascáil do Chathair Chorcaí ba mhó a sheas amach. Nuair is féidir, tá sonraí inchomparáide ó 2019 curtha san áireamh, ach ní fhéadfá comparáid a dhéanamh go díreach leis an sonraí atá sa Tuarascáil Bhliantúil do 2019 toisc gur bhain an tuarascáil sin le 31 de na 31 PPNanna. Rinne an Roinn cinneadh i mbliana, ar mhaith le hiomláine, go mbainfí úsáid as na príomhfhigiúirí ballraíochta a tháinig ón CRM, seachas an suirbhé.

Gluais na dTéarmaí

Tá réimse leathan sainmhínithe ann a chlúdaíonn cineál agus raon feidhme rannpháirtíochta an phobail agus an rialtais áitiúil. Mínítear cuid acu seo thíos:

Ciallaíonn **an Grúpa Comhairleach** an Grúpa Comhairleach Náisiúnta PPN (féach freisin **NAG**).

Is **Comhaltaí Comhlach** iad na grúpaí nach gcomhlíonann na critéir iomlána a bhaineann le ballraíocht sa PPN.

Tagraíonn **Pobal** d'áit (dála comharsanacht nó limistéar níos leithne), féiniúlacht (dála a bheith bainteach le grúpa eitneach), nó ábhar spéise (dála rud a bheith i bpáirt ag duine le daoine eile, mar shampla, cearta do dhaoine faoi míchumas).

Fógraíodh **Glao an Phobail** i mí Aibreáin 2020, chun an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta a nas-cadh leis na hearnálacha pobail agus deonacha ar mhaithe leis an ngníomhaíocht phobail a chomhordú, an cúnamh pobail a chur i dtreo na háite ina dteastaíonn sé, ag díriú ar dhaoine scothaosta agus ar an dream is leochailí sa phobail agus leas á bhaint as fuinneamh na n-oibrithe deonacha na tíre mar fhreagairt ar Covid-19.

Córas CRM: Is córas digiteach é an córas Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí a dhéanann bainistiú ar an gcaidreamh agus ar an idirghníomhaíoch le custaiméirí nó le príomhpháirtithe eile agus tugann sé deis lear mór sonraí a bhailiú agus a anailísiú.

Ciallaíonn **DoS** Stiúrthóir Seirbhísí (san Údarás Áitiúil).

Déanann an **Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** maoirseacht ar oibríocht agus ar fhobairt an chórais rialtais áitiúil agus soláthraíonn sé an creat beartais faoina n-oibríonn údaráis áitiúla agus faoina soláthraíonn siad seirbhísí do na pobail a bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta agus freastal orthu. Ó mhí lúil 2017, aistríodh an creat beartais a bhaineann leis na LCDCanna, LECPanna agus PPNanna ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear in Airteagal 28A de Bhunreacht na hÉireann ról an rialtais áitiúil maidir le fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach na bpobal agus na cumhactaí a thugtar le dlí a úsáid agus a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh an **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD / an Roinn)** i mí lúil 2017 chun an fhobairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. Maidir leis na PPNanna, is í an Roinn an maoinitheoir is mó, déanann sí cathaoirleacht ar an nGrúpa Chomhairleach Náisiúnta agus tá freagracht fhioriomlán uirthi ó thaobh forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar na PPNanna.

Is í **An Chomhairle Tofa** fóram déanta beartais an údaráis áitiúil; déanann baill an cheantair bhardasaigh cinntí a théann i bhfeidhm ar a limistéir Ceantair Bhardasaigh. Úsáideann Comhairle Tofa (agus iad ag feidhmiú ag leibhéal an údaráis áitiúil nó an cheantair bhardasaigh) 'feidhmeanna forchoimeádta' a shainítear sa dlí thar raon reachtaíochta. Is é an feidhmeannas i.e. na hoifigigh lánimseartha faoi stiúir an phríomhfheidhmeannaigh a dhéanann bainistíocht ó lá go lá ar an údarás áitiúil. Tá sé de dhualgas ar an bpríomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle Tofa agus a bhfeidhmeanna á gcur i gcrích acu.

Lámhleabhar: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh i mí na Samhna 2020 chun cabhrú leis na PPNanna agus le páirtithe leasmhara eile, agus é ag teacht in ionad an **Treoir Úsáideora**.

JPC: An Comhchoiste Póilíneachta: Coiste de chuid an Údaráis Áitiúil ar a bhfuil comhairleoirí, Teachtaí Dála, Seanadóirí, na Gardaí agus páirtithe leasmhara seachtracha ar nós na PPNanna a mholann tograí beartais i dtaca le saincheisteanna póilíneachta. Foráladh in Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána go mbunófaí JPCanna i ngach limistéar riarrachán atá ag na hÚdaráis Áitiúla agus é mar chuid de struchtúir an Rialtais Áitiúil.

LAGS: Riartar an Clár Leader ag an leibhéal áitiúil trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAGanna).

LCDC: An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil – Coiste Údaráis Áitiúil ar a bhfuil baill phoiblí agus phríobháideacha a dhéanann maoirseacht ar chláir forbartha pobail i réimse lena n-áirítear LEADER agus SICAP. De ghnáth bíonn 5 chomhalta ag na PPNanna ar an gcoiste sin. Is é aidhm LCDC cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm mar a bhaineann leis an bhforbairt áitiúil agus pobail.

LEADER: Clár maoinithe a bhíonn á sheachadadh trí LAGS, a bhfuil sé mar aidhm leis tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil i gceantar tuaithe. Is clár é LEADER a thacaíonn le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail araon chun tionscadail a sheachadadh atá thírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil i gceantar tuaithe agus a spreagann an éagsúlú eacnamaíoch i gceantair thuaithé.

Nascghrúpa: Grúpa atá ina bpáirtithe leasmhara de chuid an PPN atá bainteach le saincheist ar leith agus a thagann le chéile chun moltaí beartais a dhéanamh agus oibriú go dlúth le hionadaí an PPN ar Bhord nó ar Choiste ábhartha.

Údarás Áitiúla (ÚÁ): Comhairlí Cathrach nó Contae. Tá ról lárnach acu maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch agus fiontraíocht ag an leibhéal áitiúil. Bíonn tacaíocht an rialtais áitiúil ar an talamh ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar go leor de na tionscnamh a thugann spreagadh do na pobail áitiúla. Ina measc seo tá félite agus imeachtaí áitiúla; dearadh sráid-dreacha agus scéimeanna athnuachana sráidbhailte; tacaíocht do mhicrifhontair, páirceanna gnó agus aonaid ghoir; rannpháirtíocht i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh; leathanbhanda tuaithe a chur chun cinn agus pleanáil le haghaidh infheistíochtaí móra sa gheilleagar glas.

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDC): Eagraíochtaí a bhfuil sé mar shainchúram orthu tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta ina ndobharcheantair. Is iondúil go mbíonn conradh ag LDCCanna chun clár dála an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER), An Clár um Chuimsíú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus Tús a sheachadadh.

Forálann an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 do raon athruithe a bhaineann le heagrú agus obair na n-údarás áitiúil. I measc nithe eile, foráltear ann do chónascadh idir roinnt údarás áitiúil; deireadh a chur le comhairlí baile; deireadh a chur le boird forbartha cathrach agus contae; coistí forbartha pobail áitiúla a bhunú agus foráltear ann do raon athruithe ar na feidhmeanna a dhéanann údaráis áitiúla. Cuireadh tús le hAlt 46 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 an 1 Meitheamh 2014 and soláthraíonn sé an bonn reachtach a thugann éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Phoiblí agus do na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna).

Ciallaíonn **MOU** Meabhrán Tuisceana (comhaontú idir LA agus PPN).

Ceantar Bardasach (MD): Foroinn de limistéar Údaráis Áitiúil. Tagann comhairleoirí le chéile ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus sa chomhairle iomlán. Bunaíodh na Ceantair Bardasacha i diaidh an Acharta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil in 2014.

(n=XXX) Léiríonn sé uimhir e.g., líon na bhfreagraí, líon na ndaoine a d'fhreagair ceist.

Ciallaíonn **NAG** Grúpa Comhairleach Náisiúnta an PPN.

Is Eagraíochtaí neamhbhrabúsí iad na h-eagraíochtaí a oibríonn ar mhaithe leis an tsochaí, le pobail agus/nó le sainleas ar leith. Ní dhéanann siad brabús agus infheistítear ar ais san eagraíocht aon ioncam a dhéanann siad atá os cionn an méid a theastaíonn chun an eagraíocht a rith, a fheabhsú nó chun a choinneáil ag feidhmiú. Ní dhéantar aon íocaíochtaí le haon scairshealbhóirí. Cuimsíonn sé réimse leathan eagraíochtaí ó ghrúpaí an-bheag nach bhfuil aon teacht isteach acu go dtí carthanais mhóra.

Iomlánach: Na ballghrúpaí ar fad atá i PPN. Is é an coiste iomlánach a dhéanann an chinnteoireacht deiridh don PPN.

Ciallaíonn **Buiséad an PPN** an méid atá ar fáil go bliantúil don PPN, ón Roinn Forbartha Tuaithé agus Pobail, ón ÚÁ agus ó fhoinsí eile.

Salesforce: córas bainistíocha sonraí agus faisnéise atá comóntha do na PPNanna ar fad. Ligeann an córas do PPNanna faisnéis maidir le ballghrúpaí a ghabháil agus a bhainistiú, sonraí i dtaobh eagraíochtaí agus grúpaí pobail agus líonraí a stóráil, maoiniú a bhainistiú, feachtais ar nós cumarsáid ríomhphoist a bhainistiú, tuarascálacha saincheaptha a ghiniúint agus go leor eile.

Is é an **Rúnaíocht** foras riarcháin an PPN agus é mar ról aige cinní an tSeisiún iomlánach a chur i bhfeidhm; a chinntí go n-oibríonn an PPN gan stró idir na Seisiún iomlánacha; gníomhaíochtaí an PPN a chomhordú; cumarsáid rialta a dhéanamh le Ballghrúpaí uilig an PPN agus eolas a scaipeadh chomh forleathan agus is féidir faoi gach gníomhaíocht de chuid an PPN; agus éascú agus a chumasú a dhéanamh ar Oibrithe an PPN ina gníomhaíochtaí laethúla chun cuspóirí an PPN a bhaint amach.

Tá **SICAP** (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail): deartha chun an bhochtaineacht a laghdú agus an cuimsíú sóisialta agus an comhionannas a chur chun cinn. Oibríonn gach soláthraí SICAP le daoine aonair agus le grúpaí pobail i gcathair / chontae nó i bhforoinn de, agus béim á leagan ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste agus ar cheantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Ciallaíonn **SLA** Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (go hiondúil idir PPN agus soláthraí seirbhíse nó an tÚdarás Áitiúil agus soláthraí seirbhíse).

Cuimsíú Sóisialta: gníomhaíocht atá dírithe ar oibriú chun seansanna agus deiseanna saoil níos fearr a thabhairt don dream atá imeallaithe sa tsochaí, atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó atá difhostaithe agus úsáid á bhaint as cur chuige forbartha pobail chun pobail inbhuanaithe a thógáil, áit a gcuirfear tábhacht an chomhionannais agus an chuimsithe chun cinn agus a mbeidh meas ar chearta an duine.

SPC (An Coiste um Bheartais Straitéiseacha): coistí na n-údarás áitiúil i gcomhairlí cathrach agus i gcomhairlí contae ar a bhfuil ballraíocht ag Comhairleoirí Tofa, ionadaithe ón earnáil ghnó, lucht tacáiochta na feirmeoireachta, grúpaí comhshaoil/caomhnaithe, ceardchumainn agus baill den phobal agus oibrithe deonacha. Tá sé de chúram ar na Coistí um Bheartais Straitéiseacha (SPCanna), mar choistí de chuid na comhairle, comhairle a chur agus cúnamh a thabhairt don chomhairle i dtaca le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Níl aon sainchúram orthu maidir leis na gnáthoibriúcháin a bhaineann le seachadadh seirbhísí. Tá sé i gceist leis an gcóras CBS deis a thabhairt do chomhairleoirí agus don lucht leasa sna hearnálacha ábhartha páirt iomlán a ghlacadh ón túis sa phróiseas déanta beartas

Ciallaíonn **Forbairt Inbhuanaithe** forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Grúpa Téamach: Grúpa de pháirtithe leasmhara an PPN a oibríonn ar théama beartais a bhfuil baint aige leo ar fad, m.sh., míchumas, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht.

Tusla: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh, ghníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí níos fearr do leanaí.

Treoir an Úsáideora: Sraith ilchodach Treoirlínte agus comhairle a eisíodh in 2016 chun cabhrú leis na PPNanna agus na páirtithe leasmhara eile, cuireadh an Lámhleabhar ina ionad i mí na Samhna 2020.

Is iad **na heagraíochtaí faoi stiúir oibrithe deonacha** iad siúd atá á rialú ag grúpa d'oibrithe deonacha atá ag gníomhú mar choiste, mar bhord nó mar struchtúr eile. D'fhéadfadh go mbeadh foireann fostaithe acu freisin agus iad ag gníomhú thar ceann an Bhoird.

Is pobal **Folláin** é an pobal a bhfuil riachtanais bhunúsacha an duine á gcomhlíonadh ann, ina mbraitheann daoine go bhfuil cuspóir acu agus go bhfuil ar a gcumas spriocanna tábhachtacha a bhaint amach, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus saol a chaitheamh a bhfuil meas acu air agus atá tábhachtach dóibh.

Ciallaíonn **Grúpa Oibre** an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht na Saoránach atá ag an Rialtas Áitiúil. Bunaíodh an grúpa seo i Meán Fómhair 2013. Ba é an ról a bhí aige moltaí a dhéanamh maidir le hionchur níos fairsinge agus níos éagsúla a bheith ag saoránaigh sa chinnteoireacht ag leibhéal an rialtais áitiúil. Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar 28 Feabhra 2014 agus ba é an toradh a bhí ar a chuid moltaí ná gur bunaíodh na PPNanna.

Ciallaíonn **Oibrí Acmhainne**, Oibrí Tacaíochta nó oibrí eile atá ag obair don PPN chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí – 2020

Chomh maith leis na ceisteanna a cuireadh sna blianta roimhe seo, d'iarr an Roinn ar gach PPN roinnt sonraí a chur ar fáil maidir leis an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 agus na srianta um chomhairle sláinte ina dhiaidh sin ar obair a PPN in 2020. Dúirt gach freagróir as na 30 freagróir go raibh tionchar ag Covid-19 ar obair an PPN in 2020. Tá cuid de na téamaí coitianta liostaithe thíos agus in Agusín 3 cuirtear san áireamh mionsonraithe ar thionchair a thuairiscigh gach PPN agus é ina bhfocail féin. Chomh maith le freagrait don phaindéim, iarradh ar na PPNanna samplaí a thabhairt freisin de thograí nó de ghníomhartha sonracha a thug ionadaithe an PPN chuig na boird agus na coistí cinnteoirreachta agus chun cur síos a dhéanamh ar na tionchair a d'imír a PPN féin.

Freagraí maidir le Covid-19

- ▶ D'fhreagair na PPNanna go sciobtha chun líonraí idirghníomhaireachta a bhí ag feidhmiú ar fud an chontae a bhunú
- ▶ D'fhreagair na PPNanna go sciobtha don aistriú ar líne agus d'aithin siad, cé gur éascaigh sé seo rochtain do chuid den phobal, go raibh daoine eile faoi mhíbhuntáiste agus go ndearnadh gach iarracht a chinntíú gur tacáodh leis na pobail seo.
- ▶ Thacaigh sé leis an tionscnamh Glaobh Pobail.
- ▶ Téama coitianta a bhí sa bhochtaineacht bia agus d'oibrigh na PPNanna le gníomhaireachtaí eile chun a chinntíú go raibh réimse leathan tionscnamh ag cuidiú le teaghlaigh leocheaileacha
- ▶ Téama coitianta eile ab ea an soláthar faisnéise. Bhí an tuiscint ann gur theastaigh eolas a bhí cothrom le dáta agus cruinn ó phobail éagsúla ar bhealaí éagsúla agus chuir na PPNanna bileoga agus póstaer ar fáil, chinntígh siad gur nuashonraíodh na láithreáin ghréasáin, chruthaigh siad grúpaí WhatsApp agus choinnigh siad ag imeacht iad. Bhí ról lárnoch ag na PPNanna mar a bhain le bunú agus cothabháil Línte Cabhrach Freagartha Pobail ar fud na tíre.
- ▶ Ní nach ionadh ba thosaíochtaí do na pobail iad an tsláinte fhisiciúil, an mheabhairshláinte agus an fholláine agus thosaigh na PPNanna raon leathan clár agus thacaigh siad leo, ag oibriú le go leor grúpaí éagsúla le linn dianghlásála.
- ▶ Bhí an t-eolas agus na líonraí áitiúla a bhfuil fáil orthu cheana féin ag na PPNanna thar a bheith luachmhar in 2020.

Ag dul i bhfeidhm ar an Daonlathas Pléighrúpa

- ▶ Gníomhartha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Foras Cinnteoirreachta – Comhairle Cathrach Baile, Togra – Rinne an Chomhairle Cathrach, i bpáirt le príomh-chomhpháirtithe eile na sochaí sibhialta de chuid LECP Actions, an cás go raibh gá le hacmhainní breise chun príomhgníomhaíochtaí an LECP a chur chun cinn. Toradh - Chuir an Chomhairle Cathrach an maoiniú ar fáil chun Conradh a shocrú le Comhordaitheoir Gníomhaíochtaí páirtaimseartha do LECP, a chuaigh i mbun oibre in 2021.
- ▶ Baineadh úsáid as an Ráiteas Folláine a seoladh in 2019 in aighneacht chuig Dréachtphelean Forbartha an Chontae in 2020.
- ▶ D'éirigh leis an PPN an pobal a bheith rannpháirtíocht sa chomhairliúchán a bhain le forbairt a dhéanamh ar láithreán páirce donn. Tá ionadaithe an PPN páirteach sa Chomhchoiste Póilíneachta. Tá moltaí nua curtha chun cinn ag ionadaithe Pobail maidir le hoibriú na gcoistí seo, lena chinntíú go dtugtar éisteacht do ghuth an phobail.
- ▶ Tacáodh le Involve agus tionscnamh an daonlathais rannpháirtigh.

Ag dul i bhfeidhm ar Fholláine An Phobail

- ▶ Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt & Áineasa: Togra: Gradaim Spóirt agus ócáid tiomsaithe airgid a eagrú agus a reáchtáil. Toradh: Bhí lonadaí de chuid an PPN ar an bhfochoiste a rinne forbairt ar an bpróiseas do na gradaim agus don ócáid. D'éirigh go hiontach leis an tionscadal agus ar an oíche bronnadh dámhachtainí ar go leor daoine óga /réaltaí spóirt reatha agus oibrithe deonacha chomh maith le ciste suntasach a bheith bailithe don ospís áitiúil.
- ▶ De bharr iad a bheith ag comhoibriú ar an JPC bhí rochtain dhíreach ag an bpobal ar na Gardaí áitiúla nuair a ba ghá teach mór drugaí a bhaint as a chéile le linn na chéad dianghlásála agus lean an chumarsáid eatarthu ina dhiadh sin. Rinneadh monatóireacht ar iompar frithshóisialta, agus bhí an fhreagairt níos cinnte dá bharr, rud a chuaigh chun tairbhe don phobal ar fad.
- ▶ Staidéar Insiúlta/ So-úsáidte ag daoine aosta

Ag dul i bhfeidhm ar an gCuimsiú Sóisialta

- ▶ Chuir lonadaí an CPS um Fhiontraíocht Eacnamaíoch & Forbairt Turasóireachta moladh chun cinn maidir le saoránaigh Néaréagsúla a bheith san áireamh sa Mhargadh Fostaíochta.
- ▶ Ionadaí, Tithíocht SPC: D'aontaigh an Chomhairle Cathrach go ndéanfar, roimh an gcéad bhabhta eile de na Deontais Phobail, comhairliúchán le grúpaí pobail maidir leis an rannóg um chuimsiú sóisialta chun plé a dhéanamh ar rudaí a d'fhéadfá a cur leis agus a athrú m.sh., leibhéal an mhaoinithe atá ar fáil, comhiarratais ar mhaoiniú breise agus tionscadail chomhroinnté.
- ▶ Toisc a thábhacht a bhaineann leis an gCuimsiú Sóisialta, reáchtáil an PPN den chéad uair in 2020 Seachtain um Chuimsiú Sóisialta. Reáchtáladh imeachtaí i rith na seachtaine a chuaigh chun tairbhe do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus pobal na n-imirceach agus a rinne freastal orthu.

Ag dul i bhfeidhm ar an tacáiocht don Chomhshaol

- ▶ Ghlac lonadaithe de chuid an PPN an cúram orthu féin suirbhé a dhéanamh ar an Straitéis Bainistíocha Crann (Fuarthas 235 freagra), thaispeáin siad sleamhnáin ag tacú le hiarratas áitiúil ar chrios oidhreachta faoi chosaint, agus rinne siad taighde maidir le soilsíú poiblí LED tar éis taighde a bheith roinnte ag gníomhái áitiúil. Toradh: Tugadh cuireadh faoi dhó d'lonadaithe de chuid an PPN labhaint le Ceannaire Tionscadail na Straitéise Bainistíocha Crann taobh amuigh de ghnáthchruinnithe an SPC. Tharla go leor malartú eolais, lena n-áirítear eolas i dtaobh chriosanna oidhreachta atá faoi chosaint. Eagraíodh cruinniu speisialta 90 nóiméad eatarthu freisin ach bhí cúnamh ar fáil i gcónaí ó oifigigh na Comhairle agus éascaíocht á dhéanamh acu.
- ▶ Rinne lonadaí Comhshaoil SPC moladh maidir limistéar ar leith sa chontae ar chóir breathnú air do Scéim nua coillteoireachta dúchasaí ar thailte poiblí. Beidh an cosc atá curtha ar úsáid Glyphosate ag an gComhairle (Ranna na bPáirceanna agus an Chomhshaoil) ina pholasáí scríofa de chuid na Comhairle feasta. I measc na mbuntáistí eile, d'fhéadfadh sé sin cuidiú le spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin na Comhairle Cathrach agus d'fhéadfadh go ndéanfadh údarás áitiúla eile ar fud na hÉireann aithris air. Ghlac an SPC leis an rún agus rachaidh sé anois chuitg lonadaí iomlán Comhshaoil CBS na Comhairle.
- ▶ Tá sé molta ag ár n-ionadaí Comhshaoil go ndéanfadh ár ÚÁ imscrúdú ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le Sráidbhaile ECO a chruthú don chontae tríd an SPC. Mar thoradh air seo, chuir an PPN aighneacht mhionsonraithe faoi bhráid an dréachtphlean forbartha, agus é seo san áireamh ann.

- ▶ Ionadaí CBS don Chomhshaoil & Gníomhaithe ar son na hAeráide. Nuair a chuir siad ceist ar leith ar an gclár oibre a bhain le Critéir Mhaoiniúcháin faoin Scéim Tacaíochta um Theas In-athnuaithe, pléadh leo go díreach taobh amuigh den chruinniú. Moladh go gcuirfi an tEolaire Deisiúcháin ar fáil tríd na Láithreáin Conláiste Cathartha chun deisiú agus athúsáid troscáin, earraí leictreacha agus earraí ginearálta tí a spreagadh. Tá an t-eolaire scaipthe anois tríd na leabharlanna, Na hlonaid Faisnéise do Shaoránaigh agus oifigí na comhairle, chomh maith le CAS.
- ▶ Aighneacht don CBS ar an gComhshaol agus Athraithe Aeráide: Moladh gur chóir do Roinn na bPáirceanna daoine a spreagadh le crainn/ toir/ábhar síolta a fhaightear go háitiúil a bhailíú agus a fhás chun foinsí tábhachtacha bithéagsúlachta a chaomhnú agus a fheabhsú. An t-ábhar pléite, ag fanacht le toradh. D'eagraigh an PPN in éineacht le baill den Fhóram Comhshaoil agus an One Future Group cruinniú oll-stocaireacht le Teachtaí Dála chun an ghníomhú ar son na hAeráide a bhrostú agus a dhéanamh níos cothroime. Rinne an PPN chomh-óstáil ar chruinniú ar líne le gach Teachta, mar chuid den 'Stocaireacht ar TD ar mhaithe le Gníomhú níos Tapúla agus níos Cothroime ar son na hAeráide' a bhí ar bun ar fud na tire. Ag ionad in aice le Teach Laighean i mBaile Átha Cliath a bhíodh an 'oll-stocaireacht' seo, a d'eagraigh an chomhghuaillíocht *Stop Climate Chaos*, ar siúl blianta eile, agus ba é seo an chéad uair don ócáid a bheith ar bun ar líne. Tá sé de bhuntáiste aige seo go mbíonn i bhfad níos mó daoine ag glacadh páirte go náisiúnta, chuaigh níos mó ná 1,000 duine isteach ar ghlaonna Zúm lena dTeachtaí Dála áitiúla, chun a chur in iúl dóibh a phráinní atá sé gníomhú go radacach ar son na haeráide. Fuair iarrachtaí an PPN ina leith seo clúdach náisiúnta ar na meáin.
- ▶ An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Ag dul i bhfeidhm ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

- ▶ An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Mí Iúil 2020: Tionscnamh Deontas Beag Meabhairshláinte Pobail Éire Shláintiúil – moltaí á gcur chun cinn ag ionadaí an PPN.
- ▶ Clár Leader an AE - Ionadaithe PPN páirteach sa phlé agus mhol siad/thacaigh siad le tionscadail aonair i Meán Fómhair 2020
- ▶ Thacaigh na hlonadaithe le leathadh amach an FoodCloud go háitiúil.
- ▶ Ceardlann ar an SDG ag díriú ar an bhForbairt; óstáil ar *Make Way Day* chun aird a tharraingt ar fhadhbanna inrochtaineachta a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas ag a raibh Réamhfhocail ó Anne Rabbitte TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht i leith an Mhíchumais; óstáil ar sheimineáir ghréasáin ar Scéimeanna Bailte agus Sráidbhailte; scéim CLÁR maidir le feabhsaithe sa phobal agus go leor cúrsaí oiliúna do ghrúpaí pobail.

Dul i bhfeidhm chun leasa ár mBallgħrupáí

- ▶ Bhí tionchar ag an PPN ar an gcinneadh go mbeadh fáil ag grúpaí pobail agus do għrupáí deonacha ar dhá cheann de na deontais phobail le hagħaidh costais reatha ó lá go lá, i mbliajn nach bhfəadfaidís gnáth-thiomsú airgid a dhéanamh.
- ▶ Clár Feabhsúcháin Pobail - Mhol ionadaithe an PPN gur ghá tacaíocht a ofrál do għrupáí a dteastaíonn cúnamh uathu le hiarratais ar dheontais.
- ▶ Tá córas i bhfeidhm ag an PPN anois inar féidir le grúpaí pobail ceisteanna atá ina gcúis imní a thabhairt chun cinn le gur féidir le hionadaithe an PPN plé leo taobh istigh de na SPCanna/JPCanna agus go deimhin idir na cruinnithe foirmiúla chomh maith – Is mó an seans go bhfaighidh saincheisteanna a dtarraingítar aird orthu faoi ainm an PPN freagra ná dá mbeadh grúpaí Pobail aonair ag stocaireacht ina leith leis na hÚdaráis Áitiúla.

- ▶ Thug an obair a dhéanann an PPN i dtaca le deiseanna maoinithe a aimsiú agus a chur chun cinn seans do raon grúpaí rochtain a fháil ar thacaíocht airgeadais nach mbeadh siad ar an eolas ina dtaobh murach sin.

Dul i bhfeidhm ar an Lánpháirtíocht

- ▶ Mar thoradh ar ionchur ó Lónra Míchumais an PPN ag na comhairliúcháin éagsúla, tá athruithe curtha ar chuid den obair athghiniúna ar an mbaile. Tá trasrian síogach nua agus boscaí fuaime curtha in áit, colbhaí deisithe srl.
- ▶ Aighneacht ar Throscán Sráide: chun a chinntí go ndéanann an ÚÁ cigireacht ar an tuiscint atá i measc díoltóirí ar an Míchumas.
- ▶ Mhol duine dár n-ionadaithe ar Bhord áitiúil an Ionaid Cúram Phríomhúil (APCC) go dtabharfaí turas fiorúil timpeall an ionaid nua chun an chuma a bhí air a thaispeáint. Comhaontaíodh é seo agus tá an fiseán á thírgeadh agus scaipfear é go háitiúil in 2021. SITT-Inrochtaineacht maidir le Soghluasteach- Rinneadh athrú ar na Pointí Piocra Suas ar na bealaí.
- ▶ Mhol ionadaí an PPN go gceapfaí ball den phobal Taistil mar Leaschathaoirleach ar an gCoiste Áitiúil um Thithíocht don Lucht Siúil. Is grúpa tánaisteach é seo de chuid an Choiste um Beartas Straitéiseach, Tithíocht.

Dul i bhfeidhm ar Chearta an Duine

- ▶ Tithíocht & Eastát Corparáideach, An Coiste um Beartas Straitéiseacha (SPC): Togra: D'iarr sé nuashonruithe maidir leo seo a leanas: larfheistiú, folús, cothabháil tionótachta, deontais míchumais/agus cóiríocht don Lucht Siúil. Chomh maith leis sin, ardaíodh an cheist maidir leis an easpa áiseanna pobail atá in éineacht leis na tithe nua atá á thógáil sa chontae. Toradh: Pléadh míreanna, agus tugadh nuashonruithe sa chás go raibh dul chun cinn á dhéanamh sna réimsí seo. Mar sin féin, ní dhearnadh aon ghníomh ná plean chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna.

Ag dul i bhfeidhm ar Lónraí

- ▶ Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontar, Turasóireacht, Polasaí Pleanála & Forbartha- D'iarr an tlonadaí Comhshaoil go dtabharfaí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), a bhfuil ról bunúsach aici mar a bhaineann le láithreáin oidhreachta agus turasóireachta taobh istigh den chontae, os comhair an CBS d'fhoinn plé a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfaí comhoibriú. Chuir an Stiúrthóir Seirbhísé in iúl go bhféadfaí cuireadh a thabhairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí cur i láthair a thabhairt don SPC ach go mbeadh gá plean oibre suntasach a chomhaontú roimh ré. Déanfar tuilleadh plé ar an gceist seo i rith na bliana.

Cuid 1: Ballraíocht

Tá go leor buntáistí ag baint le ballraíocht sa PPN. Nuair a théann eagraíochtaí isteach i PPN faigheann siad:

- Rochtainear fhaisnéis ábhartha maidir le maoiniú agus deontais a thagann tríd an Údarás Áitiúil.
- An deis a gcuid gníomhaíochtaí a fhógaírt trí nuachtlitir an PPN, an láithreán gréasáin, ríomhphoist srl.
- Rochtainear fhorbairt acmhainní agus ar imeachtaí oiliúna a thacóidh leo ina gcuid oibre.
- Rochtainear eolas faoi chinntí agus moltaí atá á ndéanamh ina gcontae / ina gcathair agus an deis a dtuairimí a thabhairt agus ionchur a bheith acu ina dtaobh, in éineacht le balleagraíochtaí eile de chuid an PPN.
- Deis chun nasc a chruthú le heagraíochtaí eile sa chontae / sa chathair atá b'fhéidir bainteach leis an gcineál céanna tionscadal oibre agus foghlaim uathu.
- An deis a bheith mar chuid de Nascghráupa ar son Bord nó Coiste leasa agus a bheith in ann a dtuairimí a chur in iúl agus cur le beartais áitiúla.
- An deis comhaltaí a ainmniú chun bheith ar Bhord nó ar Choiste thar ceann an PPN.

Ní mór do gach eagraíocht ansin Coláiste amháin a léiríonn a bpríomhleas a roghnú le bheith páirteach ann – Pobail agus Deonach, Comhshaoil nó Cuimsiú Sóisialta.

Ag deireadh na bliana 2020, bunaithe ar fhigiúirí ón gcóras CRM, bhí **17,530** grúpa (lena n-áirítear Comhaltaí Comhlach) ina mbaill de PPN ar fud na 31 PPN. Is as eagraíochtaí Pobail agus Deonacha formhór na gcomhaltaí i gcónaí (79.5%), agus ina dhiaidh sin tagann na hEagraíochtaí um Chuimsiú Sóisialta (17%) agus na hEagraíochtaí Comhshaoil (3.5%). Tugtar briseadh síos i dTábla 2 thíos ar an mBallraíocht bunaithe ar an gcineáil eagraíochta agus léiríonn sé na hathruithe comparáideacha i ngach réimse le linn 2019.

Tábla 2: Comhdhéanamh bhallraíocht an PPN 2019* agus 2020*

An Coláiste	2019 (n=31)	2020 (n=31 - Fígiúirí CRM)	Athrú ar Uimh.	% Iomlán 2020
Pobal agus Deonach	12,083	13,929	+1,846	79.5
Comhshaoil	596	613	+17	3.5
Cuimsiú Sóisialta	2,920	2,988	+68	17
Iomlán	15,599	17,530	+1,931	

* Comhaltaí Comhlach san áireamh

Thairg 15 PPN Ballraíocht Chomhlach san iomlán, go hiondúil d'eagraíochtaí nár chomhlíon na critéir ar fad a bhain le ballraíocht, ach ar theastaigh uathu a bheith páirteach agus eolas a fháil. San iomlán, bhí 312 Comhalta Comhlach ag na PPNanna - 249 Comhalta Comhlach Pobail agus Deonacha, 16 I Comhalta Comhlach Comhshaoil, agus 47 Comhalta Comhlach Cuimsiú Sóisialta (méadú 38% ó 225 mar a bhí an bhliain roimhe sin).

Rinne 17 PPN athchlárú iomlán, agus rinne an chuid eile nuashonrú ar shonraí teaghála na mball de réir mar a cuireadh ar an eolas iad ina dtaobh.

Cuid 2: Ionadaíocht agus Cinnteoireacht

Iarradh ar na PPNanna in 2020 tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a ndeachaigh siad i gcomhairle leis na grúpaí ag a raibh ballraíocht, idir eolas a dháileadh, freastal ar imeachtaí comhairliúcháin agus aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh. Tugtar achoimre i dTábla 3 ar na gníomhaíochtaí ar thug na PPNanna fúthu chun cuidiú lena mbaill a bheith páirteach sa daonlathas ar bealach machnamhach.

Tábla 3: Rannpháirtíocht i gComhairliúcháin, 2020

Modh	I gcónai	Uaireanta	Go hannah	Riamh
Eolas scapthe ar na ballghrápaí faoi chomhairliúcháin áitiúla	25	4	1	0
Eolas scapthe ar na ballghrápaí faoi chomhairliúcháin náisiúnta	17	12	1	0
D'fhreastail ionadaithe de chuid PPN ar imeachtaí comhairliúcháin ar son an PPN	7	17	5	1
D'fhreastail Oibrí Acmhainne ar imeachtaí comhairliúcháin ar son an PPN	8	14	5	3
Rinne aighneachtaí i scríbhinn chuig comhairliúcháin thar ceann an PPN nó mar fhoghrúpa de (nascgrúpa, srl.)	5	19	1	5
D'eagraigh an PPN comhairliúcháin leis na baill (i.e., cruinnithe agus suirbhéanna a eagrú)	4	18	2	6

Mar is léir ó Thábla 3, chuir formhór na PPNanna eolas a mbaill ar an eolas i gcónaí faoi aon chomhairliúcháin áitiúla nó náisiúnta a bhí ar siúl. I bhformhór na gcásanna d'fhreastail Oibrithe Acmhainne nó ionadaithe na PPNanna ar imeachtaí comhairliúcháin thar ceann an PPN 'I gcónaí' nó 'Uaireanta', and arís thuairiscigh tromlach go ndearna siad aighneachtaí i scríbhinn nó gur eagraigh siad a gcuid imeachtaí comhairliúcháin féin lena chomhaltaí 'I gcónaí' nó 'Uaireanta'.

Thug 30 PPN a dtuairimí maidir leis an gcaoi a n-eagraítear comhairliúcháin agus /nó thug siad roinnt sonraí faoi chomhairliúcháin ar ghlac siad féin páirt iontu, mar atá in Agusín 4.

Tacaíocht don Ionadaíocht

Éilíonn rannpháirtíocht agus ionadaíocht go mbeadh na páirtithe ar fad rannpháirtíochta i ndáiríre. Iarradh ar na PPNanna aiseolas a thabhairt maidir lena ndearcadh ar an bpróiseas rannpháirtíochta, agus tá sé leagtha amach i dTábla 4.

Tábla 4: Tacaíocht don Ionadaíocht, 2020

Tacaíocht	Glacann an ÚÁ gach chinneadh nó a cuireann sé gach rud i gcrích agus cuireann sé an PPN ar an eolas ina dhiaidh sin	Iarrann an ÚÁ ionchur ón PPN maidir le réimsí áirithe, a roghnaíonn an ÚÁ	Coinníonn an ÚÁ smacht ar an bpróiseas, ach tugann sé deis don PPN ionchur a mholadh	Comhoibríonn an LA agus an PPN mar a bhaineann le gach gné den phróiseas
Mar a bhaineann le Socrú Clár Oibre (An clár oibre a leagan amach don chruinniú / don bhliain nua / téarma oifige 5 bliana)	6	5	16	3
Mar a bhaineann le Dréachtú (polasaithe, pleannanna cumarsáide a scríobh etc.)	6	4	17	3
Mar a bhaineann le Cinnleoireacht (phróiseas cinnleoireachta faoi bheartais, tionscnaimh srl..)	3	8	17	2
Mar a bhaineann le Cur chun feidhme (ag cur beartais i bhfeidhm)	8	7	13	2
Mar a bhaineann le Monatóireacht (monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar thortháí beartais nó cinnidh)	9	7	12	2
Mar a bhaineann leis an Athchóiriú (úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bailíodh sa Chéim Mhonatóireachta chun beartas nó tionscnamh a mheas agus a athchóiriú)	12	5	11	2

Ní raibh ach dhá PPN a chuir in iúl go dtarlaíonn comhoibriú go seasta ag gach céim den phróiseas ionadaíochta.

Fís d'Fholláine an Phobail

Le tacaíocht ó mhaoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), thuairiscigh trí PPN déag go raibh Fís chríochnaithe acu mar a bhain le Folláine an Phobail. Chuir an dream ar fad nach raibh ceann acu in iúl gur mar gheall ar Covid-19 a cuireadh moill ar an obair sin agus a cuireadh ar athló í agus tá rún acu leanúint ag obair air ag súil go mbeidh sé críochnaithe i 2021 agus 2022.

Samplaí den tionchar a bhí ag an bhFís ar chinnteoireacht

- Chuir an Fhís le Pleananna, Polasaithe agus Straitéisí Chomhairle Contae an Longfoirt, dála a bPlean Corparáideach, An Plean Forbartha Contae, An Straitéis Idirchultúrtha, An Straitéis Rotháochta/ Siúil srl. Baineadh úsáid as mar bhonn do ghrúpaí a bhí ag forbairt Sainorduithe Toghcháin agus mar bhonn d'Oiliúint na nlonadaithe agus Ionadaithe SPC.
- Tá Fís Folláine Pobail PPN Chiarráí curtha faoi bhráid chreat Sláintiúil Chiarráí agus beidh sé mar bhunús do ghníomhaíochtaí a thiocfaidh as an struchtúr seo. Cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Chiarráí é mar a bhain le forbairt phlean forbartha an Chontae agus cuirfeadh faoi bhráid an LECP é chomh maith nuair a bheidh sé á fhorbairt. D'fhorbair PPN Chiarráí an achoimre ar an bhfulláine pobail agus cuireadh oiliúint ar gach ionadaí de chuid an PPN atá ar na coistí éagsúla de chuid CBS, JPC, LCDC, etc. maidir leis an gcaoi le húsáid éifeachtach a bhaint as an doiciméid seo agus bíonn sé ina uirlis luachmhar ag cruinnithe toisc go bhfuil aiseolas soiléir ann faoi na rudaí a bhraitheann an pobal is gá a dhéanamh

chun go mbeadh an contae ina áit iontach do na glúnta seo agus do na glúnta atá le teacht. Toisc gurb é seo t-aon chomhairliúchán pearsanta a bhí ar siúl in 2020 is doiciméad fiorluachmhar é.

- D'úsáid an PPN an Fhís d'Fholláine an Phobail chun tionchar a imirt agus le mianta an phobail a chur in iúl do na gníomhaireachtaí stáit agus na hionadaithe áitiúla, agus, thar aon rud eile, le bonn eolais a chur faoina chuid oibre ó thaobh ionadaíochta a dhéanamh ar an bpobal agus iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar chinntí agus ar ghníomhaíochtaí chun cabhrú leis an bhfís seo a bhaint amach.

Cé gur daingníodh na Físeanna Folláine ag túis na bliana 2021 is in 2020 a tharla an próiseas forbartha agus dá bhrí sin bhí tionchar acu ar ár n-aighneachtaí i dtaca le Dréachtphelean Forbartha an Chontae. Agus na ráitis folláine á ndréachtú bhí plé againn le grúpaí nach raibh baint againn leo roimhe seo. Tar éis comhairliúchán suntasach den chineál sin braith na hionadaithe go raibh sainordú tugtha dóibh ionadaíocht a dhéanamh ar ghrúpaí an PPN ar choistí agus ar fhóraim agus tá siad ar an eolas anois faoi na saincheisteanna atá ag leibhéal an cheantair bhardasaigh agus an chontae araon. Úsáidtear na ráitis freisin chun aighneachtaí a chur ar an eolas. Mar dhoiciméid bheo, déanfar athmheasúnú orthu go bliantúil d'fhonn a chinntí go léiríonn siad tuairimí agus mianta reatha ghrúpaí PPN an Chláir.

- Tá Fís Folláine Pobail Thiobraid Árann léirithe cheana féin i bplean corporáideach Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is cuid lárnach é de phlean 2020-2024 toisc gur tógadh gné an phobail de na 4 chuid atá sa phlean go díreach ón bhFís Folláine Pobail.
- Tá Fís Folláine Pobail na hlarmhí mar aon le comhairliúcháin iomlánacha mar bhonn do Phlean Straitéiseach 5 Bliana PPN na hlarmhí 2021-2025, agus ina dhiadh sin a phleananna oibre bliantúla. Scaipeadh cóipeanna d'fhís Folláine Pobail na hlarmhí ar gach ballghrupa de chuid an PPN, comhairleoirí tofa agus ionadaithe an PPN. Cuireadh Fís Folláine Pobail na hlarmhí faoi bhráid an Phlean Forbartha an Chontae (CDP) le haghaidh comhairliúcháin agus tá príomhghnáithe na físe á gcur san áireamh sa rannóg folláine den Phlean Forbartha. Bheidh an Fhís Folláine an Phobail á h-úsáid chomh maith ag bPlean Forbartha Eacnamaíochta Áitiúil (LECP) nua.
- Tá an Fhís ionchorpraithe freisin sna Téarmaí Tagartha do na Nascgrúpaí Nasc atá le teacht ardán níos fearr ó thaobh polasaí a chur ar fáil mar bhonn eolais do na hionadaithe.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Cinnteoireachta

Ar cheann de na príomhbhealaí inar féidir le PPNanna tionchar díreach a imirt ar na cinntí a dhéantar ag leibhéal an rialtais áitiúil tá ionadaíocht a bheith acu ar Bhoird agus ar Choistí, dála Coistí um Bearтаis Straitéiseacha, Comhchoistí Póilíneachta, Boird Contae agus mar sin de. Tugtar briseadh síos iomlán i dTábla 5 ar chomhdhéanamh na mBord agus na gCoistí.

Tábla 5: Rannpháirtíocht Ionadaithe an PPN ar Bhoird agus ar Choistí, 2020

	2020
Lón na nlonadaithe	941
Fir	493
Mná	434
B'fhearr leo gan a rá	14
Céatadán Fir: Mná: Eile	53:46:1
Lón na nlonadaithe nua a toghadh	147
Fir	65
Mná	82
Céatadán Fir: Mná	44:56
Lón na nlonadaithe a d'éirigh as le linn na bliana	85
Fir	41
Mná	44
Céatadán Fir: Mná	48:52
Lón iomlán Bord agus Coistí	410

Tháinig méadú ar lón iomlán na nlonadaithe ó 928, mar a bhí in 2019, go dtí 941 in 2020, ag tabhairt faoi deara gur thagair tuarascáil 2019 do 31 PPN agus go mbaineann tuarascáil 2020 le 30 PPN. Tháinig laghdú beag ar lón na mBord agus na gCoistí ar a bhfuil na hlonadaithe ó 424 i gcás na 31 PPN in 2019 go dtí 410 sna 30 PPN in 2020.

Bhí iomaíocht i gceist i gcás 38 suíochán sa bhliain 2020, agus 146 nár bhain iomaíocht leo (is é sin le rá, nár ceadaíodh nó nár bhfuarthas ach ainmniúchán amháin in aghaidh an tsuíocháin don phost). Bhí 160 suíochán oscailte ar fáil d'ionadaíocht ón PPN ar Bhoird agus ar Choistí in 2020.

Mar atá le feiceáil i dTábla 5, tá cothromaíocht inscne ann nach mór mar a bhaineann le hionadaíocht an PPN ar Bhoird agus ar Choistí agus céatadán níos airde d'ionadaithe ban tofa in 2020. Chomh maith leis sin chuaigh níos mó mná ná fir ar scor in 2020.

Thuairiscigh ceithre PPN déag (46%) go bhfuil duine amháin ar a laghad a dhéanann ionadaíocht ar son an PPN ar níos mó ná Bord nó Coiste amháin, 40 duine san iomlán. I gcás go leor acu, tharla sé seo toisc go raibh sé deacair dóibh teacht ar a ndóthain ionadaithe le saineolas ar leith agus tá cuid mhaith acu ag obair chun leigheas a fháil air seo in 2021 i bhfianaise na treorach a tugadh i Lámhleabhar an PPN i mí na Samhna 2020.

Chuir dhá cheann is fiche de na 30 PPN in iúl go raibh deacracht acu ionadaithe a earcú in 2020. Tharla sé seo den chuid is mó mar thoradh ar shrianta Covid-19, an tiomantas ama atá riachtanach le freastal ar chruinnithe agus a bheith eolach ar na hábhair, agus easpa tacaíochta agus saineolais i réimsí áirithe nuair a chuirtear san áireamh gur oibrithe deonacha iad seo ar fad.

Tacaíochtaí d'Ionadaithe PPN

Aithnítear an ról atá ionadaithe an PPN fud fad líonra an PPN agus is mór againn an obair atá á déanamh acu ar bhonn deonach agus an taithí atá acu. Tá réimse tacáíochtaí do na hlonadaithe curtha i bhfeidhm sna PPNanna agus tugann Tábla 6 níos mó sonraí ina dtaobh.

Tábla 6: Tacaíochtaí d'lonadaithe an PPN in 2020

Cineál Tacaíochta	Líon na PPNanna	Líon na nGrúpaí (más infheidhme)
Nascghrúpaí	25	127
Grúpaí Téamacha / Grúpaí Gníomhaíochta	13	33
Cairt na lonadaithe	28	
Oiliúint Shonrach d'lonadaithe an PPN	24	
Oiliúint do Nascghrúpaí Nasc	11	
Foirmeacha Aiseolais Cruinnithe comhlánaithe ag lonadaithe	26	
Lónra lonadaithe áitiúla an PPN	12	
Tacaíocht duine le duine	25	
óstach Údaráis Áitiúil / Coiste	18	

Nuair a iarradh a ndearcadh maidir leis na tacaíochtaí seo, chuir na PPNanna in iúl gur bhliain dheacair a bhí in 2020 le bheith ag idirghníomhú agus ag cur tacaíochtaí ar fáil, tráth a raibh gá níos mó ná riamh leis na tacaíochtaí sin. Níorbh fhéidir na tacaíochtaí duine le duine a oibríonn go maith go hiondúil i bhformhór na PPNanna a chur ar fáil go pearsanta in 2020, agus cuireadh cuid acu ar fáil go fiorúil.

Nascghrúpaí agus Grúpaí Téamacha

Sa chás go mbíonn Nascghrúpaí nó Grúpaí Téamacha ann, d'fhéadfadh go mbainfeadh siad le réimsí uileghabhálacha (mar shampla, Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol, Sláinte agus Folláine, Pobal agus Deonach, Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach, Forbairt Eacnamaíoch, Comhchoiste Póilíneachta agus mar sin de) nó le réimsí sainleasa (mar shampla nasctha le Coistí ar leith nó bainteach leis an Óige, Daoine Aosta, Athrú Aeráide, Daoine faoi Mhíchumas, Cultúr agus na hEalaíona, Comhshaol agus Uisce agus mar sin de). Thuairiscigh trí PPN déag gur thogh a Nascghrúpaí lonadaithe le bheith ar Choistí agus ar Bhoird, agus i PPNanna eile níor bunaíodh aon Nascghrúpaí / nó ní raibh siad gníomhach; nó rinne an Coiste nó an Coláiste iomlánach an toghadh.

As na 127 Nascghrúpa a tuairiscíodh a bheith ag feidhmiú (Tábla 6), measadh go raibh 56 acu gníomhach, is é sin le rá go mbíonn trí chruinniu níos acu laistigh den bhliain (lena n-áirítear cruinnithe fiorúla). Tá na 56 Nascghrúpa seo scaipthe thar 20 de na 30 PPN a d'fhreagair an cheist seo. I gcomparáid leis seo, bhí 30 de na Lónraí Téamacha gníomhach. Rinneadh an chumarsáid go fiorúil leis na Nascghrúpaí agus na Lónraí Téamacha ar feadh an chuid is mó de bhliain 2020.

Nuair a cuireadh ceist faoin leibhéal rannpháirtíochta i measc na ngrúpaí ar fad, dúirt 6 PPN go mbíonn 'An-lear' ann; thuairiscigh ceann amháin go mbíonn 'Go leor' ann; dúirt 11 go mbíonn 'Méid áirithe' ann; thuairiscigh 5 PPN gur 'Beagán' a bhíonn ann; agus thuairiscigh 7 nach mbíonn 'aon rannpháirtíochta ann'. Nuair a cuireadh an cheist chéanna maidir leis na Grúpaí Téamacha, chuir 4 PPN in iúl go mbíonn 'An-lear' rannpháirtíochta ann; thuairiscigh 2 PPN go mbíonn 'Go leor' de ann; dúirt 8 go mbíonn 'Méid áirithe' ann; thuairiscigh 3 gur 'Beagán' a bhíonn ann; agus dúirt trí cinn déag nach mbíonn 'aon rannpháirtíochta ann'

Ionadaithe na gCeantar Bardasach

Thuairiscigh ocht PPN déag go raibh lonadaithe acu ar na Ceantar Bardasach. Bhí na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do na hlonadaithe seo mar an gcéanna den chuid is mó lena raibh léirithe i dTábla 6 agus eagraíonn cuid de na PPNanna cruinnithe sonracha nó cláir oilíuna bhrefise don lonadaí ar an gCeantar Bardasach.

Thuairiscigh sé cinn de na PPNanna nach raibh aon lonadaí acu ar an gCeantar Bardasach. Tuigtear go mbeadh sé amhlaidh sa chás nach raibh ach Ceantar Bardasach amháin sa cheantar, ach tuairiscíodh é áfach i gceantair ina raibh níos mó ná Ceantar Bardasach amháin. Chuir na PPNanna arís go raibh tionchar ag Covid-19 agus ag easpa foirne orthu in 2020 agus go bhfuil siad ag obair ar an scéal a fheabhsú in 2021.

Cuid 3: Cumarsáid agus Cur Chun Cinn na PPNanna

Tá sé ríthábhachtach ról agus cuspóirí an PPN a chur chun cinn chun go mbeadh ballghrúpaí nua agus ballghrúpaí reatha chomh maith le páirtithe leasmhara eile páirteach ann. Bhí gach ceann den 30 PPN a d'fhreagair gníomhach ó thaobh a gcuid PPNanna a chur chun cinn in 2020. Bhí ról lárnach ag na meáin shóisialta i gcláir chumarsáide gach ceann de na PPNanna, agus úsáid á bhaint go forleathan as láithreán ghréasáin tiomnaithe, leathanaigh Facebook agus Twitter. Agus iad airdeallach ar go bhfuil grúpaí ann nach n-úsáideann na hardáin ar líne, bhain cuid de na PPNanna úsáid as ábhar clóite freisin chun cumarsáid a dhéanamh. Tugtar briseadh síos i dTábla 7 ar na modhanna cumarsáide a úsáideadh, lena n-áirítear líon na PPNanna a bhain úsáid as gach modh acu agus líon iomlán na gcumarsáidí a bhí i gceist.

Tábla 7: Cumarsáid de réir Modh Úsáidte, 2020

Modh Cumarsáide	Líon na PPNanna	Líon na gCumarsáid	Líon Lucht Leanúna / Is maith liom
Nuachtlitir Chlóite	7	404	
Ríomh-Nuachtltreacha Ar Líne	24	722	
Suíomhanna Gréasáin	20		464,374 visits
Facebook	25		31,625
Twitter	22		10,895
Eile (Instagram, Tik Tok)	7		2,206
Rannpháirtíocht in imeachtaí arna n-óstáil ag daoine eile	17	218	
Raidió Pobail Áitiúil agus/nó Meáin Áitiúla Tráchtála, i.e. cló, raidió, podchraoltaí, irisí agus blaganna	22	246	

Oibríonn na PPNanna freisin leis na Leabharlanna Áitiúla, Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid na nOibrithe Deonacha, Láithreán Oidhreachta áitiúla, agus Ionaid Spóirt áitiúla, agus comhoibríonn siad le heagraíochtaí agus le meáin eile. Tugadh faoi deara go raibh iallach orthu in 2020 cuid mhaith dá gcuid oibre cumarsáide agus fógraíochta a dhéanamh ar líne, rud a d'fhéadfadh roinnt páirtithe leasmhara a fhágáil ar lár.

Is léir go bhfuil an t-eolas a thugtar do chomhaltaí chomh tábhachtach céanna leis na modhanna cumarsáide a bhíonn in úsáid. Chuige sin, iarradh ar na PPNanna mionsonrú a dhéanamh as liosta socraithe (féach Tábla 8) ar an gcineál ábhair a scaipeadh.

Tábla 8: Ábhar ar cuireadh an Bhallraíocht ar an eolas ina thaobh in 2020

An tÁbhar	Líon na PPNanna (n=30)
Imeachtaí de chuid PPN	29
Gníomhaíochtaí de chuid PPN	28
Folúntais ag PPN	27
Gníomhaíochtaí de chuid na mBallghrúpaí	28
Tuarascálacha ó lonadaithe an PPN	22
Eolas faoi Mhaoiniú	29
Comhairliúcháin	29
Eile	14

An dream a thuairiscigh go raibh 'Eile' i measc an ábhair ar chuir siad an bhallaíocht ar an eolas faoi liostáil siad rudaí ar nós eolas eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don phobal; Faisnéis agus tacaíochtaí pobail a bhain le Covid-19; oilíúint; fógraí poiblí; foláirimh phobail; fógraí maidir le seimineáir ghréasáin; suirbhéanna agus mar sin de.

Salesforce

Is é Salesforce an phríomh-mheicníocht a bhíonn in úsáid chun an bunachar sonraí ballraíochta agus an chumarsáid leis na PPNanna a bhainistiú. Chuir trí PPN déag in iúl nach raibh aon rud ann a dteastódh uathu go dtacódh Salesforce leis nó a dtabharfad sé tuilleadh tacaíochta dó in 2020. Ba mhaith leis na freagróirí eile feabhsuithe a fheiceáil maidir le feidhmeanna na Nuachtlitreacha; an chumarsáid a bheith dírithe; tuarascálacha, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil a chomhthiomsú; agus a bheith in ann toghcháin a reáchtáil ar líne.

An Phaindéim


Ceann de na rudaí suntasacha faoi Salesforce, agus rud a léirigh an tairbhe a bhaineann leis an gcur chuige bunaithe ar néal, ná go raibh oibrithe in ann athrú go tapa agus gan aon stró go dtí a bheith ag obair ón mbaile, gan aon chur isteach ar an t-seirbhís. Bhí raibh aon deacracht ag na hoibrithe ó thaobh rochtain a fháil ar a gcuide sonraí/ríomhphoist/cumarsáid ar fad agus níor ghá aon réitigh crua-earraí TF a fháil.

D'iarr an Roinn ar Comm-IT (soláthraí seirbhise na gcóras Salesforce atá ag PPN) cumarsáid phráinneach rialtais a láru agus a sheoladh thar ceann na PPNanna le linn mhíonna tosaigh na paindéime lena chinntíú go mbeadh an t-eolas tábhachtach náisiúnta chéanna á fáil ag gach ballghrúpa ar fud na hÉireann. Mar thoradh air sin, chaith Comm-IT breis agus 320 uair an chloig ar "Obair náisiúnta" ar son na PPNanna i rith 2020.

Cásanna ó lá go lá

Lean Comm-IT ar aghaidh ag déileáil le cásanna a tháinig ó na PPNanna ó lá go lá, agus i rith na bliana tharraing na PPNanna aird ar os cionn 220 cás a bhain le fadhbanna bunúsacha tacaíochta a tharla ó lá go lá (féach Graf 1). Tugadh níos mó ná 160 uair an chloig don bhainistíocht ar chásanna a tharla ó lá go lá.

Graf 1: Cásanna Comm-IT ar tharraing an PPN aird orthu



Forbairt

Le linn 2020, d'fhorbair agus chuir Comm-IT chun feidhme an Nascghrúpa nua *Chatter*, lena n-áirítear ceardlanna oiliúna a chur ar fáil agus físeáin oiliúna ar líne a fhorbairt.

Ina theannta sin, rinne Comm-IT forbairt bhrefise ar an mol pobail le go mbeadh mír iomlán ann faoi "físeán" ann ina mbeadh roinnt físeáin nua do thosaitheoirí chomh maith le físeán ardoiliúna.

Lean siad orthu ag obair leis na PPNanna ar an réiteach athchlárúcháin, d'fhorbair siad próiseas uathoibrithe chun ríomhphoist a bhainistiú (díliostáil ó liostaí poist, roghanna ríomhphoist a bhainistiú) agus tá siad ag fanacht go mbeidh glactha go hiomlán leis an réiteach seo ag na PPNanna.

Feidhmiúlacht an tSuímh Gréasáin

Glahtar leis, sa ré dhigiteach seo, go bhféadfaí teacht ar fhaisnéis trí shuíomh gréasáin tiomnaithe. Chuir gach freagróir as an 30 in iúl go raibh suíomh gréasáin acu ag a raibh leibhéal éagsúla feidhmiúlachta, mar atá sonraithe i dTábla 9.

Tábla 9: Feidhmiúlacht an tSuímh Gréasáin, 2020

Feidhmeanna	Líon na PPNanna (n=30)
Liosta/Bunachar sonraí na mball cláraithe	25
Miontuairisci / Tuarascálacha ar Chruinnithe Rúnaíochta	18
Miontuairisci / Tuarascálacha ar Chruinnithe iomlánacha	23
Miontuairisci / Tuarascálacha ar Chruinnithe an Nascghrúpa	9
Tuarascálacha ó ionadaithe de chuid an PPN	15
Nuachtltreacha PPN	23
Fógraíocht maidir le lmeachtaí / Nuacht na mBall	25
Liosta cothrom le dáta de na hlonadaithe PPN ar fad	25
Beartais de chuid an PPN ar glacadh leo	22
Buiséid / Cuntas de chuid an PPN ar glacadh leo	17

Cuid 4: Oiliúint agus Forbairt Acmhainne

Cuireann na PPNanna oiliúint luachmhar a bhíonn saor in aisce nó ar chostas íseal ar fáil dá mballraíocht, dá Rúnaíochtaí agus dá nlonadaithe chun cabhrú leo páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail. D'fhéadfadh gur oiliúint theicniúil a bheadh i gceist (mar shampla, conas iarratais ar mhaoiniú a scríobh; rialachas; cosaint sonraí, oiriúnú do thimpeallacht ar líne) nó go mbainfeadh sé níos mó le scileanna boga (mar shampla, ceardlanna féinabhcóideachta; forbairt pobail; taispeántais théamacha). Tá eagrú agus soláthar na feidhme oiliúna agus na forbartha acmhainne seo dian ar am agus ar acmhainní agus níos déine fós mar gheall ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana. Mar sin féin, is cuid thábhachtach d'obair na PPNanna é ionas gur féidir leo tacú leis na grúpaí pobail atá acu páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht áitiúil agus chuir siad uilig iad féin in oiriúint le go bhféadfaidís freastal ar riachtanais oiliúna atá ag athrú agus do mhodhanna nua seachadadh. Tá roinnt samplaí de na cineálacha oiliúna a cuireadh ar fáil liostaithe thíos agus tugtar miondealú ar an am a bhí i gceist i dTábla 10.

Samplaí de chláir Oiliúna agus Forbairt Acmhainne a chuir na PPNanna ar fáil in 2020

- Conas Zúm a úsáid/Oiliúint Dhigiteach
- Eolas faoi Dheontais agus larratais ar Dheontais
- RGCS
- Na Meáin Shóisialta
- Cód Rialachais na gCarthanachtaí
- Tuairisciú Airgeadais
- Suíomh gréasáin a thógáil
- Ceardlanna ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Tús eolais ar bhForbairt Pobail
- Éagsúlacht
- Rialtas Áitiúil a Thuiscnt
- Ról an PPN
- Scileanna Éascaithe
- Tiomsú Airgid Éifeachtach
- Bainistíocht ar Oibrithe Deonacha
- Folláine
- Lá an Chomhshaoil
- Abhcóideacht agus Tionchar
- Ról na nlonadaithe
- Scileanna Coiste

Ag teacht lena n-éiteas pobail, cuirtear oiliúint ar fáil do gach ball agus do gach grúpa sa cheantar nuair is cuí. Coinnítear an oiliúint shonrach, ar ndóigh, do ghrúpaí / comhlachtaí ar leith (mar shampla an Rúnaíocht agus na hlonadaithe).

Table 10: Oiliúint and Forbairt Acmhainne, Acmhainní agus Cumhacht, 2020

Líon na gclár Oiliúna	160
Líon na Seisiún Oiliúna	523
Líon na nUaireanta Oiliúna a cuireadh ar fáil	949.5

Oiliúint a cuireadh ar fáil do na PPNanna

Oiliúint ar an Lámhleabhar

Seoladh Lámhleabhar an PPN i mí na Samhna 2020. Tháinig sé seo in ionad Treoir Úsáideora an PPN. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail oiliúint ar na PPNanna maidir le hathruithe agus le húsáid an Lámhleabhair.

Pobail Chumasacha a Chruthú

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i gcomhar le Ceartas Sóisialta Éireann agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge oiliúint ar fáil do na PPNanna in 2020. Cuireadh an oiliúint 'Pobail Chumasacha a Chruthú' ar fáil ar líne trí mheascán de sheisiúin réamhthaifeadta agus seisiúin bheo ar líne. Ghlac grúpa amháin páirt sa chlár sa bhliain 2020.

Oiliúint Salesforce

Cé go raibh rún ag Comm-IT ar dtús oiliúint réigiúnach duine le duine a sheachadadh, d'athraigh sé seo go tapa go dtí oiliúint ar líne. Chuir Comm-IT dhá chineál oiliúna ar fáil in 2020:

1. Oiliúint aonair duine le duine ar úsáideoirí nua (56.5 uair an chloig)
2. Ardoiliúint ar úsáideoirí leanúnacha (40.5 uair an chloig).

Cuid 5: Bainistíocht, Riarachán agus Airgeadas

Tá tacaíocht ag riarachán an PPN ó Rúnaíocht dheonach a thagann ón mballraíocht. Tuairiscíonn an comhlacht seo do Sheisiún lomlánach an PPN, ar cheart dó teacht le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad. D'fhéadfadh na PPNNanna teacht le chéile freisin ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh nó ag leibhéal áitiúil eile. Tá an Rúnaíocht freagrach freisin as gníomhaíochtaí laethúla Oibrithe an PPN a éascú agus a chumasú agus as cur i bhfeidhm an Phlean Oibre.

In 2020, leithdháileadh 347 áit ar 30 Rúnaíocht an PPN trí chéile, le meán-leithdháileadh de 11 Comhalta Rúnaíochta (tá na huimhreacha idir 7 agus 22). Bíonn an leithdháileadh ballraíochta bunaithe go príomha ar dháileadh Choláistí / Cholúin na PPNNanna (Pobal & Deonach; Cuimsíú Sóisialta; agus An Comhshaol) chomh maith le ról ar an gCeantar Bardasach (más infheidhme). Idir 2 agus 4 bliana a bhíonn téarma oifige chomhalta den Rúnaíocht, 4 bliana ar an meán. As na 347 áit atá leithdháilte, tá 285 suíochán líonta agus 62 suíochán folamh faoi láthair. Thug gach ceann de na 31 PPN le fios go raibh ráta tinrimh de 50 faoin gcéad nó níos mó ó laistigh de bhallraíocht na Rúnaíochta in 2020, agus thuairiscigh ocht PPNNanna go raibh ráta 80 faoin gcéad nó níos mó ann, agus meánrata de 73.03 faoin gcéad (féach Tábla 11).

Tábla 11: Leithdháileadh Rúnaíochta, Folúntais agus Ráta Tinrimh in aghaidh an PPN, 2020

Ainm an PPN	Leithdháileadh	Folúntais	Ráta Tinrimh (%)
Ceatharlach	9	0	80
An Cabhán	12	0	75
An Clár	10	1	75
Contae Chorcaí	22	3	70
Dún na nGall	19	4	50
Cathair Bhaile Átha Cliath	9	3	75
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	9	3	63
Fine Gall	9	1	90
Cathair na Gaillimhe	16	7	60
Contae na Gaillimhe	11	0	50
Ciarraí	11	1	80
Cill Dara	11	1	71
Cill Chainnigh	10	4	90
Laois	12	5	80
Liatroim	9	3	66
Luimneach	10	3	95
An Longfort	9	0	66
Lú	17	1	75
Maigh Eo	14	1	60
An Mhí	12	2	50
Muineachán	12	4	76
Uíbh Fhailí	7	1	95
Ros Comáin	9	1	70
Sligeach	9	1	70
Baile Átha Cliath Theas	12	1	70
Tiobraid Árann	15	4	75
Port Láirge	11	1	90
An Iarmhí	8	0	70
Loch Garman	11	3	75
Cill Mhantáin	12	3	79
IOMLÁN	347	62	73.03 (Meán)

Struchtúr Cothrom a Bhainistiú

Tá na PPNanna bunaithe ar bhonn Struchtúr Cothrom. Cinntíonn Struchtúr Cothrom nach rialaíonn aon ghlór amháin nó aon ghrúpa amháin an PPN. Ciallaíonn sé go bhfuil freaghracht chomhchoiteann ann maidir le rudaí a dhéanamh agus aidhmeanna an phlean oibre a bhaint amach. Forbraíonn sé seo cumas an ghrúpa ina iomláine agus ciallaíonn sé go dtuigeann gach ball gach gné a bhaineann leis an bpróiseas. Baintear úsáid as bealaigh éagsúla sna PPNanna chun an struchtúr cothrom a choinneáil ag imeacht, mar atá sonraithe i dTábla 12.

Tábla 12: Struchtúr Cothrom a Bhainistiú, 2020

Sásra Oibriúcháin	Lón na PPNanna (n=30)
Éascaitheoir Uainíochta	21
Ról Uainíochta (Idirchaidreamh Foirne, Airgeadas etc.)	10
Cinntí a dhéantar trí chomhthoil	25
Tograi a tugadh chuig an gCruinniú lomlánach	22
Téarmaí Tag artha a leagan béim ar struchtúr cothrom	21
Miontuairisci / Tuarascálacha ar fáil do gach ball den PPN	19

Chomh maith leis an méid atá luaite thusa, thug 22 PPN le fios go raibh foghrúpa amháin ar a laghad ag a Rúnaíocht in 2020. Áirítear orthu sin Airgeadas, Acmhainní Daonna, Cumarsáid, Idirchaidreamh Foirne, Forbairt Acmhainne, Idirlón agus na Meáin Shóisialta, Beartas agus Nósanna Imeachta, Folláine, Cumarsáid agus Tionscadail.

Cruinnithe

Tionóladh 38 Cruinniú lomlánach sna 30 PPN éagsúla in 2020. Astu seo, níor eagraíodh ceann ar bith i rith an lae, bhí 36 acu ar siúl tráthnóna agus bhí dhá cheann ar bun ag an deireadh seachtaire. Ina theannta sin, tionóladh 280 Cruinniú Rúnaíochta sna 30 PPN in 2020, agus reáchtáladh 74 díobh sin i rith an lae agus reáchtáladh 206 sa tráthnóna.

Bhí 179 cruinniú ag Nascghrópaí de chuid seacht gcinn déag de na PPNanna in 2020, bhí 89 díobh seo ar siúl i rith an lae agus 90 acu tráthnóna. Bhí 45 cruinniú de Chuid an Cheantair Bhardasaigh san iomlán ag aon PPNanna déag, 9 acu ar siúl i rith an lae agus 36 tráthnóna.

Bhí meascán de chruinnithe eile ag dhá PPN is fiche (408 san iomlán) agus iad ag plé le ceisteanna ar nós Comhairliúcháin Folláine, Dámhachtainí Pobail, Imeachtaí um Chuimsiú Sóisialta, Comhairliúcháin Eirgrid agus fóraim Chomhshaoil.

Meabhrán Tuisceana

Bhí Meabhrán Tuisceana gníomhach i bhfeidhm idir 27 PPN agus an tÚdarás Áitiúil in 2020. Maidir leis na PPNanna sin a d'oirbhígh trí eagraíocht óstach, bhí Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm i gcás seacht gcinn acu.

Struchtúr na PPNanna

Is féidir PPN a chur ar bun agus a fheidhmiú faoi roinnt struchtúr dlíthiúil agus riarracháin. As na 30 PPN a d'fhreagair, bhí 20 díobh á n-óstáil ag an Údarás Áitiúil 20; d'óstáil Eagraíocht Pobail eile ceithre cinn acu agus bhí ceithre cinn acu ag feidhmiú mar Chuideachtaí Neamhspleácha. D'athraigh dhá cheann acu a struchtúr i lár na bliana, tá ceann amháin fós ag aistriú ó bheith ina chuideachta neamhspleách go dtí a bheith á óstáil ag an tÚdarás Áitiúil agus tá an ceann eile ag athrú ó bheith á óstáil ag Údarás Áitiúil le go mbeidh sé ina eagraíocht Phobail.

Foireann agus Earcaíocht 2020

In 2020 bhí ball foirne amháin ar a laghad ag gach PPN agus bhí roinnt oibrithe tacaíochta ar conradh ag cuid acu. Tá miondealú ar na socrutithe foirne ar fáil i dTábla 13.

Tábla 13: Socrutithe Foirne in aghaidh an PPN, 2020

PPN	Oibrí Acmhainne (WTE)	Riarthóir / Oibrí Tacaíochta (WTE)	Oibrí Forbartha (WTE)	Oibrí Deonacha	Eile (Sonraí)
Ceatharlach	1	1	0	0	0
An Cabhán	1	0.5	0	0	0
An Clár	1.6	0.4	0	0	0
Contae Chorcaí	0	0	0	0	1 Éascaitheoir >Samh.
Dún na nGall	1	1	0	0	0
Cathair Bhaile Átha Cliath	1	1	0	0	Oifigeach Idirchaidrimh Maoinithe ag an CCBÁC
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	1	0.8	0	0	0
Fine Gall	1	1	0	0	0
Cathair na Gaillimhe	0.7	0.75	1	0	0
Contae na Gaillimhe	0.5	1.25	0	0	0
Ciarraí	1	1	0	0	1 Oifigeach Idirchaidrimh PPN
Cill Dara	1	1	0	0	0
Cill Chainnigh	1	2	0	0	0
Laois	1	1	0	0	0
Liatroim	0	1	0	0	0
Luimneach	Na 6 mhí tosaigh 0.5. 6 mhí deiridh 1	1	0	0	0
An Longfort	1	1	0	0	0
Lú	1	1	0	0	0
Maigh Eo	1	2	0	0	0
An Mhí	1	1	0	0	0
Muineachán	1	1	0	0	0
Uíbh Fhailí	1	1	0	0	0
Ros Comáin	1	0	0	0	1 Éascaitheoir Seachtrach
Sligeach	0.6	1	0	0	0
Baile Átha Cliath Theas	1	0.85	0	0	0
Tiobraid Árann	1	1	0	1	0
Port Láirge	1.5	0.5	0	0	0
An Iarmhí	1	1	0	0	D'fheidhmigh foireann chléireachais na Rannóg Pobail agus na Leabharlainne mar Oibrí Tacaíochta, le linn tréimhsí folúntais d'oibrithe tacaíochta
Loch Garman	1	1	0	0	0
Cill Mhantáin	1	1	0	0	0

As na 30 PPN a d'fhreagair, d'earcaigh 17 PPN baill foirne in 2020– d'earcaigh 9 gcinn acu Oibrithe Acmhainne, d'earcaigh 9 acu Oibrí Tacaíochta / Riarthóir (d'earcaigh 2 acu oibrí tacaíochta agus Oibrí Acmhainne araon) agus d'earcaigh ceann amháin acu Oibrí Forbartha. Chuir seacht gcinn de na 17 PPNanna in iúl go ndearna siad earcaíocht trí phróiseas oscailte, agus tháinig an 8 gcinn eile tríd an Údarás Áitiúil.

I gcás 21 den na PPNanna tá an fhoireann fostaithe ag an Údarás Áitiúil, tá ceathrar fostaithe go díreach ag an gCuideachta PPN agus tá cúigear fostaithe ag an Eagraíocht Óstála. Tá difríochtaí freisin idir na PPNanna mar a bhaineann leis an gcaoí a ndéantar an fhoireann a bhainistiú agus cé a dhéanann an bhainistíocht, agus thuairiscigh PPN amháin go bhfuil an fhoireann á bainistiú ag an Údarás Áitiúil amháin; sé cinn a dúirt go raibh an fhoireann á bainistiú ag an Rúnaíocht amháin; thug 17 de na PPNanna le fios go raibh an bhainistíocht comhroinnte idir an tÚdarás Áitiúil agus an Rúnaíocht; tá ceann amháin á bainistiú ag Bord Cuideachta agus ag Rúnaíocht; thug ceithre PPN le fios go raibh a bhfoirne á mbainistiú ag Cuideachta Óstach agus Rúnaíocht; agus bhí ceann amháin go hiomlán faoi rannóg na n-acmhainní daonna.

Sa chás go roinntear bainistíocht na foirne, déanann an Rúnaíocht bainistíocht ar an bplean oibre, agus na feidhmeanna riarracháin agus acmhainní daonna faoi shainchúram an Údarás Áitiúil / na hEagraíochta Óstaí.

Chuir fiche den 30 PPN a d'fhreagair in iúl go raibh an spás oifige acu lonnaithe taobh istigh d'fhoirgneamh an Údarás Áitiúil; bhí ceithre cinn lonnaithe i bhfoirgneamh na hEagraíochta Óstála agus bhí sé cinn i spás neamhspleách a bhí ar cíos.

Airgeadas

Tagann maoliniú na PPNanna ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn) agus na hÚdarás Áitiúla. Cé go soláthraíonn an Roinn an chuid is mó de bhunmhaoiniú na PPNanna, faigheann siad suimeanna beaga, os cionn a leithdháilte ionchais, óna nÚdarás Áitiúla féin chun tacú lena gcuid oibre. Tá athrú air seo ó bhlianta eile de bharr nach soláthraítear miondealú ar leithdháiltí maoinithe agus ar cheannteidil chaiteachais sa Tuarascáil Bhliantúil seo, toisc gur iarr an Roinn an fhaisnéis seo sula raibh an Tuarascáil Bhliantúil rétithe. Mar sin féin, bhí €2,997,534.91* san iomlán (ní áirítear leis an bhfigiúr Oibrí Acmhainní Sealadacha Éigeandála) roinnte idir an 30 PPN in 2020.

An Buiséad Bhliantúil a Chomhaontú

Tá an próiseas faoina ndéantar an Buiséad bhliantúil PPN a fhaomhadh nach mór mar an gcéanna i gcás an 30 PPS a d'fhreagair an cheist seo. Is é an tOibrí Acmhainne agus/nó Fochoiste Airgeadais na Rúnaíocha a dhréachtaíonn an Buiséad. Déanann an Rúnaíocht é seo a fhaomhadh ansin sula gcuirtear faoi bhráid na Seisiún Iomlánach agus na nÚdarás Áitiúil é (i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana atá i bhfeidhm).

An Buiséad Bhliantúil a Chaitheamh

Déanann an Rúnaíocht maoirseacht ar chaiteachas na PPNanna agus pléitear é ag cruinnithe na Rúnaíocha, de bhun tuarascála airgeadais chuig an gcruiinniú nó mar bhuanachomráin. Sa chás go n-úsáideann an PPN córas Agresso an Údarás Áitiúil chun a Bhuiséad a bhainistiú, leantar an córas ceadaithe a bhaineann go díreach leis an gcóras sin.

An Seisiún Iomlánach a chur ar an eolas

Thuairiscigh formhór na bhfreagróirí (n = 28) go bpostálann a PPN a Bhuiséad ar líne nó go bpléann sé a Bhuiséad ag na cruinnithe Iomlánacha. Thug dhá PPN le fios nach raibh aon phróiseas i bhfeidhm faoi láthair chun a Bhuiséad a fhaomhadh ag an Seisiún Iomlánach agus go dtabharfar aghaidh ar an gceist seo in 2021.

Aisíocaíocht Costas le hIonadaithe

Sna blianta a chuaigh thart ba é Speansais an Ionadaí an mhír chaiteachais ba mhó i mBuiséad iomlán an PPN (gan tuarastail agus nithe a bhaineann leis a chur san áireamh.) Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh modh comhaontaithe ag na PPNanna chun costais a fháil ar ais. Maidir le speansais a bhain le Boird agus Coistí na nÚdarás Áitiúil, dúirt 11 de na PPNanna gur tháinig siad seo as Croíbhuiséad an PPN; thug 13 PPNanna le fios gur íoc an tÚdarás Áitiúil astu; agus thuairiscigh sé PPN gur meascán éigin den dá rud a bhí i gceist. Sa chás go raibh an dá dhream i gceist, bhí socrú aontaithe idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil maidir leis na costais seo a aisíoc nó malartú seirbhísí a dhéanamh.

Sa chás gur tugadh cuireadh d'Ionadaí an PPN a bheith ar Bhord nó ar Choiste nár bhain leis an PPN ná leis an Údarás Áitiúil, chuir 14 de na PPNanna in iúl gur íoc an eagraíocht a bhí ag óstáil an chruinnithe na costais seo; agus thuairiscigh 16 PPN nár íoc.

Táille Óstála

Thuairiscigh ocht gcinn de na 30 PPNanna gur íoc siad táillí óstála nó táillí bainistíochta. Bhí córais éagsúla chun an táille seo a chinneadh sna PPNanna, agus PPN amháin ag tabhairt le fios go n-íocann siad táille seasta, agus íocann an dá PPN eile táille bunaithe ar chéatadán den chostais tuarastail comhlán nó ríomh deisce.

Bainistíocht Buiséid

D'aistrigh seacht gcinn de na 30 PPNanna a mBuiséad iomlán chuig cuntas bainc de chuid an PPN; bhí buiséad naoi gcinn déag de na PPNanna á bhainistiú ag an Údarás Áitiúil agus thuairiscigh ceithre PPN gur aistríodh roinnt airgid chuig cuntas Bainc de chuid an PPN atá á bhainistiú ag an Rúnaíocht.

Tá miondealú ar an gcaoi a gceadaítear caiteachas buiséid leagtha amach i dTábla 14.

Tábla 14: Próiseas Faofa Buiséid PPN, 2020

Próiseas Ceadaithe	Líon na PPNanna
Faomhann an Rúnaíocht gach caiteachas	11
Roinneann an Rúnaíocht agus an tOibrí Acmhainne an faomhadh	12
Roinneann an Rúnaíocht, an tÚdarás Áitiúil agus an tOibrí Acmhainne an faomhadh	7

Beartas Airgeadais

Thuairiscigh naoi gcinn den 30 PPN go raibh Beartas Airgeadais foirmiúil i bhfeidhm. Thug na freagróirí eile ar an gceist seo le fios gur cheadaigh a Rúnaíocht nó a nÚdarás Áitiúil cinntí caiteachais laistigh dá gcórais riarracháin féin faoi seach.

Beartais agus Nósanna Imeachta

D'fhonn dea-chleachtas a chinntiú i rialachas na PPNanna, tá sraith Beartas agus Nósanna Imeachta forbartha ag gach PPN chun tacú lena Rúnaíocht, lena Ionadaithe, lena Fhoireann agus leis na Baill. Tugtar briseadh síos i dTábla 15 ar na beartais agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm le linn 2020.

Tábla 15: Beartais agus Nósanna Imeachta i bhfeidhm, 2020

Beartas / Nós Imeachta	Líon na PPNanna (n=30)
An Bunreacht	23
Beartas i leith Taistil agus Costas	28
Nós Imeachta i leith Casaoide / Coimhlinte	21
Beartas i leith Rochtana agus Comhionannais	10
Beartas i leith Acmhainní Daonna	15
Beartas i leith tiomáint don obair	10
Beartas agus Treoirlínte um Chosaint Sonraí	23
Beartas i leith Ríomhphoist agus Úsáid Idirlín	13
Beartas Airgeadais	17
Beartas Sláinte agus Sábháilteachta	14
Eile	9
<i>Sonraí maidir le 'Eile'</i> Coimhlint Leasa; Calaois a chosc; Nósanna Imeachta maidir le Vótáil Ar Líne; Beartas in aghaidh bulaíocht agus Ciapadh; Cairt an Ionadaí; Polasaí fógraíochta do Shuíomh Gréasáin & Nuachtlitir; Comhaontú lasachta Trealmh; Beartas Oideachais & Oiliúna; Téarmaí Tagartha do Nascgrúpaí	

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

In ainneoin thionchar Covid-19, thuairiscigh seacht PPN is fiche go raibh siad i mbun roinnt comhoibrithe idirghníomhaireachta in 2020, taobh amuigh dá gcuid oibre, chun freagairt do Covid-19. Tharla sé seo i bhfoirm comhpháirtíochtaí leis an rannóg Forbartha Pobail san Údarás Áitiúil; comhoibriú idirghníomhaireachta maidir le cur i bhfeidhm na straitéise Éire Shláintíúil ag an leibhéal áitiúil; comhoibriú le Age Friendly Ireland; Lónraí um Chuimsíú Sóisialta; Ionaid Acmhainní Teaghlaigh; Cónaидhm Míchumais na hÉireann; Comhpháirtíocht Spóirt; Fóram Sláinte Pobail; Fóram Oideachais Pobail; Comhairle na nÓg; comhoibriú le hlonaid na nOibrithe Deonacha, Seachtain na Sábhálteachta Dóiteáin; cuideachtaí forbartha áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit; agus grúpaí Comhshaoil.

Cuimsíú Sóisialta

Tá na PPNanna in áit uathúil laistigh de na pobail chun plé le lear mór de na grúpaí atá imeallaithe agus cabhrú leo páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha. Chuir sé PPN is fiche in iúl go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí cuimsithe shóisialta in 2020. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh thar ceann an PPN chun a gclár oibre um chuimsíú sóisialta a chur chun cinn bhí feasacht a ardú (thug Ceatharlach, i gcomhar le Cónaídhm Míchumais na hÉireann, cuireadh do na baill freastal ar chruinníú Rochtana ar líne chun aird a tharraingt ar na deacrachtaí inrochtaineachta a bhíonn ag daoine atá faoi mhíchumas le haghaidh 'Make Way Day'); rannpháirtíocht sa phobal (bhunaigh Contae na Gaillimhe Fóram Idirchultúrtha na Gaillimhe. Rinne an Fóram seo suirbhé ar Chomhairleoirí maidir leis an rannpháirtíocht le pobail nua in Éirinn); oibriú le grúpaí imeallaithe ar fud na tíre agus tá sé curtha in iúl ag go leor de na PPNanna go raibh siad ag comhoibriú le grúpaí Romacha agus grúpaí den Lucht Siúil ina gceantair.

Cuid 6: Oibriú leis an Údarás Áitiúil

Soláthraíonn Treoir Úsáideora an PPN1 a bhí i bhfeidhm go dtí Samhain 2020 (féach Lámhleabhar PPN)2gurb é "An PPN an príomhnasc trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil (LA) ceangal leis na hearnálacha pobail, deonacha, comhshaoil agus cuimsithe shóisialta" agus "go gcuirfidh an PPN ar chumas an phobail ról foirmíúil gníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí déanta beartais agus maoirseachta sna réimsí a bhfuil an ÚA freagrach astu." Tá sé i gceist gur cur chuige comhpháirtíochta comhoibríoch a bheadh i bhfeidhm. Tá caidreamh dearfach idir an PPN agus an ÚA riachtanach chun go n-éireoidh leo.

Mar chuid den phróiseas a bhaineann leis an Tuarascáil Bhliantúil, iarradh ar na hÚdarás Áitiúla samplaí a thabhairt den chaoi ar thacaigh siad le forbairt an PPN, le rannpháirtíocht ghníomhach na n-eagraíochtaí comhshaoil, sóisialta, pobail agus deonacha mar a bhain le beartais agus cinnteoiríreacht, agus comhroinnt eolais agus forbairt acmhainne (taobh amuigh den leithdháileadh Buiséid nó croídhualgas an Oibrí Acmhainne, sa chás go bhfuil an tOibrí Acmhainne fostaithe ag an Údarás Áitiúil). Tugtar briseadh síos i dTábla 16 ar na tacáiochtaí a aithníodh maidir le gach ceann de na 30 ceantar Údarás Áitiúil a bhfuarthas freagraí ina leith.

1 <https://assets.gov.ie/6843/89a565eed98a4b7fbfdcdf840a46a144.pdf>

2 <https://www.gov.ie/en/publication/9db5e3-ppn-handbook/>

Tábla 16: Tacaíochtaí na n-údarás áitiúil do na PPNanna, 2020

Córas Tacaíochta	Number
Meabhrán Tuisceana Gníomhach i bhfeidhm do 2020	28
Meabhrán Tuisceana athbhreithnithe in 2020	25
Cúnamh a thabhairt, nuair is cuí, don PPN chun a Phlean Oibre a chur i gcrích	28
Thacaigh sé leis an PPN le bheith ina nGníomhaithe gníomhacha sa LECP	24
Rannpháirtíocht tras-rannach in Imeachtaí de chuid an PPN	23
Duine ainmnithe san Údarás Áitiúil le bheith i dteagmháil leis an PPN	23
Chuir sé croímhaoiniú breise ar fáil don PPN chun tacú lena chuid oibre (sa bhreis ar an €80,000)	15
Maoiniú breise curtha ar fáil do thionscadail ar leith de chuid an PPN	13
Feachtas shonracha chun obair an PPN a chur chun cinn laistigh den Údarás Áitiúil	11
<i>Sonraí faoi Fheachtas Shonracha</i> Litríocht PPN a chur chun cinn i bhFoirngimh na Comhairle; Athbhreithniú LECP ar tí tarlú agus rannpháirtíocht ionadaithe PPN sa phróiseas; Oifigigh Forbartha Tuithe agus Pobail na Comhairle, Foireann faoin Tuath ag tabhairt spreagadh do Ghrúpaí Pobail a bheith páirteach sa PPN agus trí chumarsáid a dhéanamh leo faoi dheiseanna maoinithe deontais atá ar fáil laistigh den eagraíocht; Thug Oibrí Acmhainní PPN caint ag am lón do bhaill foirne ÚÁ ar fud na heagraíochta chun feasacht ar an PPN a ardú; Tugtha faoi fheachtas chun cabhrú leis an PPN trí láithreán gréasáin agus nuachtlitir na foirne; Tacaíodh le Filleadh go dtí an Treoir Gníomhaíochta Pobail.	

Comhairliúcháin údarás áitiúil

D'fhéadfadh na PPNanna a bheith, agus ba cheart iad a bheith, ar cheann de na príomhbhealaí atá ag na hÚdarás Áitiúla le tuairimí an phobail acu féin a bhailiú mar fhreagairt ar ghlaonna ar chomhairliúcháin. Is iad is fearr atá in ann oibriú le baill na ngrúpaí pobail agus tá sé léirithe acu gur féidir leo aighneachtaí a fháil agus tacú leo. Tugtar forléargas i dTábla 17 ar líon na gcomhairliúchán a rinne na hÚdarás Áitiúla in 2020 agus an rannpháirtíocht leis na PPNanna le linn an phróisis seo.

Tábla 17: Comhairliúchán na nÚdarás Áitiúil, 2020

Comhairliúchán	Líon
Comhairliúchán Phoiblí na nÚdarás Áitiúil in 2020	453
Fógraí faoi Chomhairliúchán a seoladh chuit PPNanna in 2020	414
Comhairliúchán údarás áitiúil a rinneadh in 2020 agus na PPNanna ina bpríomhmeán	36
Ceardlanna comhairliúcháin arna gcomhóstáil ag an Údarás Áitiúil agus ag an PPN	49

Thuairiscigh go leor acu go raibh tionchar ag Covid-19 ar líon na gcomhairliúchán a rinneadh in 2020. Ina ainneoin sin agus an líon na tuairisceán a bheith níos ísle 2020, rinne na hÚdarás Áitiúla níos mó comhairliúchán in 2020 ná mar a rinneadh in 2019 (nuair a tuairiscíodh go raibh 390 comhairliúchán ann). Mar sin féin, bhí líon na bhfógraí comhairliúchán a seoladh chuit PPNanna in 2020 íslithe (ó 432 go 414). Bhí líon na gcomhairliúchán a tharla agus na PPNanna ina bpríomhmheán níos ísle in 2020 ná mar a bhí siad in 2019 (ó 77 go 36), agus bhí ardú de bheagán tagtha ar líon na gceardlann comhairliúcháin a bhí óstáilte i gcomhpháirt, ó 46 go 49.

Sainréimsí Comhoibrithe

Chomhoibrigh Údarás Áitiúla agus PPNanna ar go leor imeachtaí agus tionscnamh eile freisin in 2020. Áirítear orthu sin:

- Fóraim Glao an Phobail Covid-19
- Seachtain na Sábháilteachta Dóiteáin
- An Clár Feabhsúcháin Pobail
- An Straitéis um Imeascadh Iimirceach
- Tionscnamh Chomhshaoil
- Tionscnamh an Chontae Shláintíúil
- An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Gradaim Phobail
- Staidéir Insiúltacht
- Tionscadal Sláinte agus Spásanna Glasra URBACT
- Feachtas Náisiúnta don Lá *Make Way*
- Cláir Oiriúnach do Dhaoine Aosta Tionól na mBan
- Ceardlanna Comhairliúchán um Straitéis Dhigiteach
- Bailte Slachtmhara
- Tionscadail Comhionannais agus Chearta an Duine
- Plean Athbhreithnithe agus Forfheidhmithe an LECP
- Tráthnóna Eolais i dtaobh Deontais
- Cláir Feabhsúcháin Pobail

Leithdháileadh Suíochán Pobail

Tá na hÚdarás Áitiúla freagrach as raon Bord agus Coistí a bhaineann le réimsí a mbeadh spéis iontu go háitiúil. I measc samplaí de na Boird agus na Coistí seo tá:

- An Comhchoiste Póilíneachta
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Ealaíon, Cultúir, Áineasa agus Fóillíochta an CBS
- Coiste Comhpháirtíochta *Peace IV*
- Grúpa Iascaigh an Iarthuaiscirt agus An Grúpa Comhairleach Áitiúil
- An Coiste Idirchайдrimh Pobail
- An Chomhpháirtíocht Spóirt
- Na Tascfhórsaí Réigiúnacha um Dhrugaí agus Alcól
- Tithíocht, Pobal agus Folláine an CBS
- Na hEalaíona, Cultúr agus Teanga an CBS

- Athrú Aeráide, Comhshaol agus Fuinneamh an CBS
- Age Friend Alliance
- Fóram Oidhreachta
- Bóithre agus Iompair an CBS
- Bonneagair an CBS
- Cultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíoch an CBS
- Comhpháirtíocht LEADER
- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Pobail an CBS
- Tithíocht, Corparáideach agus Cultúr an CBS

Incháilitheacht le haghaidh Deontais

Incháilitheacht le haghaidh Deontais

Feidhmíonn na PPNanna mar mhol eolais do ghrúpaí pobail chun go mbeidh teacht acu ar fhaisnéis agus ar thacaíochtaí maidir le deontais na n-údarás áitiúil. Mar aitheantas air seo, agus an ról atá ag na PPNanna ó thaobh cur le éifeachtúlacht na ngrúpaí pobail trí fhorbairt acmhainne, oiliúint, lónrú agus mar sin de, tá sé leagtha síos ag cuid de na hÚdarás Áitiúla go bhfuil ballraíocht sa PPN riachtanach chun a bheith incháilithe le haghaidh deontais. In 2020, bhí an riachtanas seo ag sé cinn de na hÚdarás Áitiúla mar a bhain le gach uile dheontas; bhí an riachtanas ag ocht gcinn acu i gcás fhormhór na ndeontas ach níor bhain sé le gach deontas; i 16 Údarás Áitiúil, moladh do ghrúpaí a bheith páirteach, ach ní raibh sé éigeantach.

Oiliúint agus ionduchtú ag na hÚdarás Áitiúla

Oiliúint agus Ionduchtú ag na hÚdarás Áitiúla

Thuairiscigh 21 Údarás Áitiúil gur chuir siad ionduchtú nó oiliúint shonrach ar fáil in 2020 d'ionadaithe de chuid an PPN a bhí nua-cheaptha. Maidir le hoiliúint agus forbairt feasachta d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil, chuir 20 Údarás Áitiúil in iúl go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí oiliúna nó forbartha feasachta le baill foirne atá ag obair ina Roinn Pobail, thuairiscigh 21 acu go raibh siad páirteach sna gníomhaíochtaí seo le baill foirne atá ag obair taobh amuigh den Roinn Pobail. Fáiltíonn na hÚdarás Áitiúla roimh oiliúint leanúnach, maoiniú, cur chun cinn agus feasacht, agus straitéisí cumarsáide ón Roinn Forbartha Tuithe agus Pobail a thacaíonn le hobair na PPNanna.

Cuid 7: Moltaí

Nuaire a bhí athbhreithniú déanta ar obair na PPNanna in 2020, iarradh ar na PPNanna agus ar na hÚdaráis Áitiúla sraith moltaí a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar na PPNanna. Rinneadh na moltaí a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Rialachas
2. Rannpháirtíocht
3. Cur chun cinn na PPNanna / Cumarsáid
4. Acmhainní
5. Struchtúr

Rialachas

1. A chinntíú go bhfuil struchtúir rialachais reatha i bhfeidhm agus iad ag feidhmiú go héifeachtach.
2. Beartais a fhorbairt agus a chaighdeánú mar a bhaineann le hoibriú na PPNanna.
3. Treoir mhionsonraithe a sholáthar maidir leis na róil éagsúla a bhaineann leis na PPNanna.
4. Fís straitéiseach a fhorbairt do PPNanna.
5. Cinntigh go bhfuil MOU in áit agus é oiriúnach don fheidhm
6. Próiseas daingniúcháin ar Cholún an Chomhshaoil a shoiléiriú.
7. Smaoineamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta a thabhairt isteach (KPlanna)
8. An Fhis d'Fholláine an Phobail a fhorbairt agus a úsáid nuair a oireann.
9. Feasacht i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a fhorbairt agus iad a nascadh le pleannanna uile an chontae & an PPN.

Rannpháirtíocht

1. Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil trí oiliúint agus forbairt acmhainne.
2. A chinntíú go gcloíonn na hÚdaráis Áitiúla leis an riachtanas gur tríd na PPNanna go príomha a dhéantar comhairliúchán pobail agus ionadaíocht ar na pobail.
3. Go mbunódh foirne sinsearacha na nÚdarás Áitiúil caidreamh leis na PPNanna.
4. Struchtúir chumarsáide níos éifeachtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do na hlonadaithe agus dá mBoird / Coistí, ag cur san áireamh nuashonruithe maidir le tionscnaimh forbartha pobail.
5. Tógáil ar chaidrimh agus naisc a bhí cruthaithe le linn 2020.
6. Go nglacfaí le bunphrionsabail na rannpháirtíochta maidir leis an gcinnteoireacht áitiúil.
7. Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt na nascghrúpaí téamacha.
8. Lámhleabhar do na hÚdaráis Áitiúil a fhorbairt, dála an lámhleabhar a sholáthraíonn an IPA, ina dtabharfaí miondealú mionsonraithe i dtaobh gach roinn taobh istigh den Údarás Áitiúil.
9. Ról níos lárnáí a bheith ag an PPN sa chlár oibre a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Cur chun Cinn na PPNanna / Cumarsáid

1. Feachtas náisiúnta bolscaireachta agus faisnéise a fhorbairt do PPNanna.
2. Níos mó aitheantaí a bheith tugtha go náisiúnta do na PPNanna sna Ranna Rialtais ábhartha ar fad.
3. Pacáiste modheolaíochta maidir leis an rannpháirtíocht phobail a fhorbairt d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil.

4. An PPN a bheith á chur chun cinn go leanúnach sna pobail áitiúla agus go náisiúnta trí iad a chur san áireamh i gláir na bpáirtithe leasmhara/na gcompháirtithe chun a chinntíú go sroichimid an oiread eagraíochtaí agus is féidir, faoi gach colún.
5. An teanga atá in úsáid a shimplíú.

Acmhainní

1. Buiséad níos mó do na PPNanna ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.
2. Inbhuanaitheacht an mhaoinithe do na PPNanna a chinntíú.
3. A chinntíú gur baill foirne bhuana iad na hOibrithe Tacaíochta.
4. Oibrí Náisiúnta Acmhainní a chur ar fáil chun tacú leis na PPNanna ag an leibhéal náisiúnta.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr grádaithe fhoireann an PPN.
6. Seasmhacht an mhaoinithe a chinntíú.
7. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna go mbíonn foirne ag síorathrú.
8. Tharraing Covid-19 aird ar an ngá atá le acmhainní leordhóthanacha agus, nuair is gá, acmhainní breise.
9. An oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an dul chun cinn atá déanta sa chumarsáid dhigiteach agus cur leis.
10. Tacaíochtaí sa bhréis do ghrúpaí atá nuabhuaithe.

Struchtúr

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na PPNanna.
2. Struchtúr Náisiúnta a Fhorbairt – Rannpháirtíocht Phoiblí Éireann.
3. Struchtúr na PPNanna a shimplíú.
4. Ról a bhunú le go mbeidh Cathaoirleach ann don Rúnaíochta, agus uainíocht á dhéanamh air gach bliain.
5. Go mbeadh na PPNanna ina gcuid den phlean forbartha reachtúil do na Pleananna Ceantair Áitiúil agus na Pleananna Comhfhorbartha.

Chomh maith leis na moltaí uileghabhálacha, atá leagtha amach thusa, iarradh ar gach PPN agus Údarás Áitiúil moltaí sonracha a dhéanamh i dtaca le riachtanais oiliúna agus conas an chompháirtíocht a fheabhsú. Seo a leanas na moltaí sin:

Oiliúint

An tÚdarás Áitiúil

1. Oiliúint maidir le ról agus feidhm an PPN, agus an chaoi a dtéann sé chun tairbhe don Údarás Áitiúil.
2. Seisiún oiliúna agus faisnéise ar an bhForbairt Pobail.
3. Oiliúint ionduchtúcháin d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus do na baill thofa, agus é á sholáthar ag an leibhéal náisiúnta ar mhaithe le comhsheasmhacht.
4. Oiliúint ar forbairt agus ar úsáid na Físé d'Holláine an Phobail.
5. Seisiún eolais ar Straitéis na bPobal Inbhuanaithe, Cuimsitheach agus Cumhachtaithe.
6. Oiliúint ar na treoirlínte a bhaineann le chomhairliúcháin na nÚdaráis Áitiúla.
7. Rannpháirtíocht an phobail agus ról an PPN.
8. Scileanna TF.
9. Grúpaí atá imeallaithe a bheith páirteach ar bhealach éifeachtach.
10. Cearta an Duine agus Dualgas na hEarnála Poiblí.
11. Spriocanna na forbartha inbhuanaithe.
12. Oiliúint ar chúrsaí cumarsáide.

An PPN

1. Salesforce.
2. Abhcóideacht agus Tionchar a Imirt ar Bheartas.
3. Struchtúir na nÚdarás Áitiúil.
4. Óráidíocht Phoiblí agus Cumarsáid.
5. Rialachas.
6. Cosaint Sonraí.
7. Ionduchtú do Chomhaltaí agus d'Ionadaithe na Rúnaíochta maidir lena róil faoi seach.
8. Forbairt Beartais agus Cinnleoireacht.
9. Cearta an Duine agus Comhionannas / Dualgas na hEarnála Poiblí.
10. Na Spriocanna don Forbairt Inbhuanaithe.
11. Pleanál Straitéiseach.
12. Conas aighneachtaí a scríobh.
13. Rialachán na gCarthanachtaí.
14. Cruinnithe éifeachtacha a thionól/a éascú.
15. Na Meáin Shóisialta.
16. Scileanna TF.

Compháirtíocht

An tÚdarás Áitiúil

1. Níos mó eolais i dtaobh an PPN agus a fheidhmeanna agus a chuspóirí.
2. Ionduchtú do na hlonadaithe ar Bhoird agus ar Choistí na nÚdarás Áitiúil.
3. Níos mó ama a bheith tugtha do thionscnaimh, cruinnithe, comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí comhoibrithe eile idir na hÚdarás Áitiúla agus na PPNanna.
4. Pleanál chomhoibríoch leis na páirtithe leasmhara ar fad.
5. Níos mó cumarsáide.
6. Nuashonruithe rialta ón Údarás Áitiúil.
7. Eolas a bheith á chur ar fáil ag na hÚdarás Áitiúla i dtaobh ar róil agus feidhmeanna Bhoird agus Choistí na nÚdarás Áitiúil.
8. Go n-aithneofaí an PPN i dTreoir na nÚdarás Áitiúil mar bhealach le bheith páirteach.
9. Níos mó eolais i dtaobh an tábhacht atá leis an méid a chuireann an PPN le leagan amach beartais, ag tarraigts ar ábhair reatha Rialtais.
10. Ba cheart Ranna eile a chur ar an eolas faoi na PPNanna agus an ról atá acu.

An PPN

1. Nasc a dhéanamh le compháirtithe reachtúla eile trína máthair-Ranna chun comhsheasmhacht na mbeartas a chinntí.
2. Go spreagfadh an tÚdarás Áitiúil ionchur ó ionadaí an PPN sa chlár oibre agus sna cruinnithe. Rannpháirtíocht na mball a neartú.
3. Athruithe ar struchtúr foriomlán an CBS.
4. Cruinnithe foirmíúla idir an PPN agus foireann shinsearach na nÚdarás Áitiúil i réimsí ina bhfuil siad ag comhoibriú.
5. Clár oibre forbartha beartais a chomhaontú.
6. Go mbeadh na cláir oibre agus an t-ábhar léitheoireachta faigte in am roimh chruinnithe.
7. Comhtháthú níos fearr maidir le próiseas cinnleoireachta na nÚdarás Áitiúil.
8. Tuiscint níos fearr ar róil na gcoistí éagsúla.
9. Cumarsáid níos fearr le foireann na nÚdarás Áitiúil agus na hionadaithe ar Bhoird agus ar Choistí.
10. Níos mó comhionannais ó thaobh an ionchuir ag na Coistí agus na Boird.

Aguisín 1: Sonraí Teagmhála na PPNanna (Mí Iúil 2021)

PPN	Ríomhphost	Suíomh Gréasáin
Ceatharlach	carlowppn@carlowcoco.ie	www.carlowppn.ie
An Cabhán	cavanppn@gmail.com	www.cavancommunity.ie
An Clár	admin@clareppn.ie	www.clareppn.ie
Cathair Chorcaí	info@corkcityppn.ie	www.corkcityppn.ie
Contae Chorcaí	ppn@corkcoco.ie	www.corkcountyppn.com
Dún na nGall	donegalppn@donegalcoco.ie	www.donegalppn.ie
Cathair Bhaile Átha Cliath	info@dublincityppn.ie	www.dublincityppn.ie
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	enquiries@dlrppn.ie	www.dlrppn.ie
Fine Gall	ppn@fingal.ie	www.fingalppn.ie
Cathair na Gaillimhe	info@galwaycitycommunitynetwork.ie	www.galwaycitycommunitynetwork.ie
Contae na Gaillimhe	administrator@galwaycountyppn.ie	www.galwaycountyppn.ie
Ciarraí	ppn@kerrycoco.ie	www.kerryppn.ie
Cill Dara	kildareppn@gmail.com	www.kildareppn.ie
Cill Chainnigh	ppnkilkenny@kilkenncoco.ie	www.kilkennyppn.ie
Laois	ppn@laoiscoco.ie;	www.laoisppn.ie
Leitrim	info@leitrimppn.ie	www.leitrimppn.ie
Luimneach	ppn@limerick.ie	www.limerickppn.ie
An Longfort	ppn@longfordcoco.ie	www.longfordppn.ie
Lú	ppn@louthcoco.ie	www.louthppn.ie
Maigh Eo	mayoppn@mayococo.ie	www.mayoppn.ie
An Mhí	meathppn@meathcoco.ie	www.meathppn.ie
Muineachán	ppn@monaghancoco.ie	www.ppnmonaghan.ie
Uíbh Fhailí	ppn@offalyccoco.ie	www.offalyppn.ie
Ros Comáin	info@roscommonppn.ie	www.roscommonppn.ie/
Sligeach	ppn@sligococo.ie	www.sligoppn.com/
Baile Átha Cliath Theas	kieran@sdcppn.ie	www.sdcppn.ie/
Tiobraid Árann	coordinator@ppntipperary.ie	www.ppntipperary.ie
Port Láirge	mtobin@waterfordcouncil.ie	www.waterfordppn.ie
An Iarmhí	info@westmeathppn.ie	www.westmeathppn.ie/
Loch Garman	ppn@wexfordppn.ie	www.wexfordppn.ie
Cill Mhantáin	info@countywicklowppn.ie	www.countywicklowppn.ie/

Aguisín 2: Forbhreathnú ar Ghníomháiocht an PPN

PPN	Líon na n-áiteanna Rúralacha a leithdháileadh	Líon na nlonadaithe ag an PPN	Líon na Nasghráupa í a gníomhach	Líon na gCruinnithe lomáin a Tionóláadh	Caiteachas lomáin (2020)	Líon na Riomh-Nuachtíreacha a Táisteacha suiocán ag an PPN	Líon na gCoistí Cinnéideireachta ar a bhfuil suiocán ag an PPN	Socrú óstála	Balraiocht lomáin (comháití san áireamh)	Baill an Cholúin um Chuimisiú Sóisialta	Baill an Cholúin don Chomhshaoil	Baill choluún an Chomhphobail
Ceathairlach	9	27	0	2	105,189.07	12	30	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	435	47	12	376
An Cabhán	12	29	0	2	101,068.41	50	15	Ag aistriú ó bheith ina Chuidéachta go dtí a bheith á óstáil ag an ÚÁ	316	101	23	192
An Clár	10	22	3	2	112,203.99	12	10	Ag feidhmíú mar chuidéachta neamhspleách	291	48	19	224
Contae Chorcaí	22	8	0	0	2,102.00	0	5	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	945	166	37	742
Dún na nGall	19	53	3	1	112,629.00	12	22	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	593	51	18	524

Aguisín 2: Forbhreatnú ar Ghníomhaíocht an PPN

PPN	Líon na n-áiteanna Rúnaiochta a leithdháileadh	Líon na nlonadaithe ag an PPN	Líon na Nasghrupa í atá gníomhach	Líon na gCruinnithe lomlánacha a Tiondóladh	Caiteachas lomlán (2020)	Líon na Riomh-Nuachtuiteacha a Táirgeadh	Líon na gCoistí Cinnteoireachta ar a bhfuil suiochán ag an PPN	Socrú óstáil	Bailíocht lomlán (comhaltaí san áireamh)	Bailí an Choluim um Chuimsú Sóisialta	Bailí an Choluim don Chomhshaoi	Bailí choluún an Chomhphobail
Cathair Bhaile Átha Cliath	9	23	1	0	90,700.00	0	14	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	771	243	30	498
Dún Laoghaire / Ráth an Dúin	9	37	0	1	106,415.47	12	12	Arna óstáil ag Egraíocht Phobail eile	487	90	14	383
Fine Gall	9	26	5	1	131,945.16	12	9	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	454	79	25	350
Cathair na Gaillimhe	16	31	5	3	107,019.59	87	18	Ag feldhmiú mar chuidéachta neamhspleáchan	144	44	11	89
Contae na Gaillimhe	11	40	4	1	98,388.15	14	9	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	123	31	6	86
Ciarraí	11	11	1	0	120,071.39	0	20	Arna óstáil ag Eagraíocht Phobail eile	774	85	22	667
Cill Dara	11	24	2	0	87,390.00	67	10	Arna óstáil ag Egraíocht Phobail eile	1100	133	32	935
Cill Chainnigh	10	22	3	2	112,281.12	54	9	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	367	86	24	257
Laois	12	29	0	2	107,762.73	12	12	Arna óstáil ag an UA	580	74	18	488

Aguisín 2: Forbhreathnú ar Gníomháiocht an PPN

PPN	Líon na n-áiteanna Rúinéadta a leithidhailéadh	Líon na nlonadaithe ag an PPN	Líon na Nasghúpa í atá gníomhach	Líon na gCruinnithe lomlánacha a Tionóladh	Caiteachas lomlán (2020)	Líon na Riomh-Nuachtireachta a Táirgeadh	Líon na gCoisiúntíteoireachta ar a bhfuil suiochán ag an PPN	Socrú óstála	Balraiocht lomlán (comhaitásan áireamh)	Baill an Choluim um Chuimsú Sóisialta	Baill an Choluim don Chomhphobail
Liatroim	9	28	0	0	29,468.63	1	11	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	290	73	10
Lúimneach	10	34	8	2	73,803.11	0	9	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	131	46	10
An Longfort	9	33	0	4	117,018.55	0	14	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	446	59	6
Lú	17	37	1	2	129,279.56	52	16	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	399	121	8
Maigh Eo	14	17	0	4	101,764.67	6	7	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	986	134	23
An Mhí	12	46	2	0	117,473.55	24	10	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	1084	103	20
Muineachán	12	39	2	1	98,316.25	12	12	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	570	94	34
Uíbh Fhailí	7	22	1	1	104,121.71	48	9	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	527	58	8
Ros Comáin	9	31	0	0	45,022.34*	35	10	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	209	32	11
Sligeach	9	48	1	2	153,499.91	6	17	Arna óstáil ag an ÚA	460	39	14
											407

Aguisín 2: Forbhreatnú ar Ghníomhaíocht an PPN

PPN	Lion na n-áiteanna Rúnaíochta a leithdháileadh	Lion na nionadaithe ag an PPN	Lion na Nasghrápa í atá gníomhach	Lion na gCruinnithe lomlánacha a Tionóladh	Caiteachas lomlán (2020)	Lion na Riomh-Nuachtítreacha a Tairgeadh	Lion na gCoisíí Ciúnneoireachta ar a bhfuil suiochán ag an PPN	Socrú óstála	Bailíraiocht lomlán (comháltáis an áireamh)	Bailí an Choluim um Chuimsíú Sóisialta	Bailí an Choluim don Chomhshaoil	Bailí choilún an Chomhphobail
Baile Átha Cliath Theas	12	20	1	1	109,354.88	0	10	Arna óstáil ag Eagraiocht Phobail eile	787	177	31	579
Tiobraid Áramh	15	50	1	1	75,876.86	15	17	Ag feidhmíú mar chuidéachta neamhspleách h	1117	130	27	960
Port Láirge	11	58	4	0	109,012.00	72	24	Ag feidhmíú mar chuidéachta neamhspleách h	739	121	26	592
An larmhí	8	36	5	2	120,612.84	12	18	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	749	168	12	569
Loch Garman	11	27	0	0	101,377.00	78	13	Arna óstáil ag an Údarás Áitiúil	401	69	13	319
Cill Mhatáin	12	33	3	1	116,366.97	17	18	Arna óstáil ag Egraiocht Phobail eile	356	69	22	265
lomlán	347	941	56	38	2,997,534.91	722	410	*figíúr eatramhach	*16,631	2,771	566	13,294

*Togadh na hiomlán anseo ón suirbhé a líon 30 de na PPNanna isteach agus dá bhí sin beidh siad difriúil ó na príomhfigíúirí ballraíochta a tógadh ón gcóras CRM.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Ceatharlach

- ▶ Ar líne den chuid is mó a rinneadh na himeachtaí agus an oiliúint a reáchtáladh i rith 2020 (ó Mhárta 2020 ar aghaidh). Fuaireamar amach go raibh freastail níos fhearr ar chuid de na himeachtaí seo ná mar a bheadh ar imeachtaí fisiciúla, mar go raibh níos mó daoine in ann freastal agus iad ar a só ina dtithe féin. Fuaireamar amach, áfach, nach raibh an cumas ardteicneolaíochta ag gach ball chun rochtain a fháil ar na crui9nnithe agus d'fhreastail muid ar an dream sin trí oiliúint Zúm a chur ar fáil agus an doiciméad ar phróisis 'Fan Naschta' a chruthú agus a fhogairt. Rinneadh é seo chun acmhainn na ngrúpaí a fhorbairt le linn Covid-19, agus a chinntiú go mbeadh deis ag gach duine páirt a ghlagadh agus a bheith gafa leis.
- ▶ Chuireamar roinnt seisiún oiliúna ar fáil do na hlonadaithe agus do bhaill an Nascgrúpa i mbliana, ionas go bhféadfaimis eolas a chur ar fáil agus a chinntiú go raibh tuiscint iomlán ag na baill ar fad ar a róil agus a bhfreagrachtaí. Tá PPN Cheatharlach ar Fhóram Freagartha Covid-19 Chomhairle Contae Cheatharlach. Is é aidhm an fhóram comhordú a dhéanamh ar fhreagairt ilgħnómhaireachta tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu fad agus atá srianta Covid-19 i bhfeidhm.

An Caibhán

- ▶ Foilsíodh nuacht nuashonraithe faoi Covid-19 go laethúil ar ár suíomh gréasáin.
- ▶ Dul i mbun idirchaidrimh le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla chun eolas agus na tacaíochtaí agus comhairle atá ar fáil don phobal a fháil amach
- ▶ Tacú le tionscnamh Foodcloud agus é a chur chun cinn.
- ▶ Seoladh 242 pacáiste faisinéise faoi Covid-19 chuig daoine aonair a bhí ag cocúnú
- ▶ Seoladh 740 paca eolais faoi Covid-19 chuig grúpaí a bhí cláraithe.
- ▶ Coinníodh ag malartú eolais ó chomhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla atá ag obair ar Covid-19 le grúpaí áitiúla tríd an suíomh gréasáin & Enews.
- ▶ Dearadh, foilsíodh agus seoladh sa phost chuig gach grúpa 500 cóip de Leabhar Tacaíochta Meabhairshláinte ar Covid-19.
- ▶ Cúnamh tugtha do 'Masksforallireland' Brainse an Chabháin (bunreacht, treoirlínte a scríobh, etc.)

An Clár

- ▶ Bhunaigh Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir, PPN an Chláir, Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir agus Comhairle Contae an Chláir Foireann Freagartha Pobail an Chláir, (CCRT) i dtús mhí an Mhárta. Bunaíodh é chun tacú le heagraíochtaí a bhí ag tabhairt freagra pobalbhunaithe ar Covid-19. D'oibrigh an fhoireann leis na pobail chun nósanna imeachta cosanta agus árachais a chur i bhfeidhm lena chinntiú go raibh na hoibrithe deonacha agus na daoine a raibh siad ag cabhrú leo cosanta agus faoi árachas. Ar deireadh, bhí ballraíocht ar an bhfoireann ag Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir, PPN an Chláir, Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir, Comhairle Contae an Chláir, An Garda Síochána, na hlonaid Acmhainní Teaghlaigh, Meitheal Pobail Bhoirne, Love Shannon, Clarecare, Lónra Ban an Chláir, Fóram Leader an Chláir, Ionaid Faisnéis do Shaoránaigh agus Seirbhís Óige an Chláir, agus d'oibrigh

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

sé le lear mór eagraíochtaí tacaíochta cúraim go náisiúnta agus go háitiúil chun cabhrú le grúpaí agus daoine leochaileacha agus leis na tacaíochtaí riachtanacha a d'fhéadfadh grúpaí pobail agus deonacha a chur ar fáil sa Chlár a shainaithint. Ar cheann de na róil ba thábhachtaí a bhí ag an bhfoireann bhí tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Contae an Chláir a bhí chun tosaigh maidir le mórtionscnámh faoi stiúir an rialtais a rinne comhordú ar na tacaíochtaí Covid-19 a bhí ar fáil do ghrúpaí leochaileacha agus do dhaoine aonair ó na Gníomhaireachtaí agus Grúpaí Phobail.

- ▶ Rinne freagra PPN an Chláir ar Covid-19, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le daoine aonair, suirbhéireacht agus mapáil ar níos mó ná 500 eagraíocht phobail agus dheonach trí bhoinn sonrái PPN an Chláir agus Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir a chur le chéile agus iad in éineacht le suirbhé a dhear agus a thiomsaigh PPN an Chláir; rinne PPN an Chláir idirbheartaíocht ar chúrsaí árachais le BHP mar a bhain leis an bhfreagairt do Covid-19 a bhí faoi stiúir dhaoine deonacha, (polasaí atá i seilbh PPN an Chláir, i gcompháirt le VC an Chláir agus LDC an Chláir); treoirlínte ar chosaint agus rochtain ar Sheirbhís Ghrinnfhiúchán an Gharda Síochána do bheiris agus 150 oibrí deonach a bhí páirteach sa phróiseas cheana féin, faoi stiúir ionad Oibrithe Deonacha an Chláir; billeog eolais a dhear Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir agus ina raibh lear mór sonraí teagmhála do línte cabhrach (lena n-áirítear achoimriú ar na seirbhísí a raibh fáil orthu) a phrontáil agus a sheoladh chuig gach teaghach sa chontae le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chláir. Tá na línte cabhrach atá liostaithe sa billeog seo bunaithe go príomha ar an eolas áitiúil atá ag Foireann Freagartha Pobail an Chláir agus faisnéis a bailíodh ón méadú a tháinig le déanaí ar an trácht chuig na línte cabhrach náisiúnta.
- ▶ Oiliúint maidir le cruinnithe ar líne (Zúm) curtha ar fáil ag PPN an Chláir do gach grúpa atá páirteach i bhfreagairt Covid-19 an Chláir. Maoiniú mar a bhain le 'Glaw an Phobail' a chur chun cinn laistigh de ghrúpaí atá ag obair le Freagairt Chomhordaithe Phobail an Chláir Covid-19. Cruinnithe laethúla ar Zúm leis an bhfoghrúpa Idirgníomhaireachta chun go bhféadfaí dul i ngleic le deacrachartaí de réir mar a tháinig siad chun cinn. Foghrúpaí um Chuimsíú Sóisialta a bhunú sna gníomhaireachtaí chun grúpaí agus daoine aonair leochaileacha a shainaithint agus tacú leo. Úsáid bainte as PPN an Chláir chun tabhartais don bhanc bia, a d'eagraigh Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir, a ghilcadh isteach agus a shórtáil. Freastal ar Fhóram Freagartha Pobail Covid-19 Chomhairle Contae an Chláir mar chuid den Mheitheal Idirgníomhaireachta (ar an láthair i dtosach ach ar líne faoi láthair).
- ▶ Faisnéis cothrom le dáta agus chruiinn a scaipeadh trí ríomhphoist rialta trí chuntas tiomnaithe Gmail: clarecovidresponse@gmail.com; leathanach Facebook <https://www.facebook.com/clarecommunityresponse/>; agus cuntas Twitter <https://twitter.com/ClareResponse>; iad ar fad á riart ag PPN an Chláir.
- ▶ Tá struchtúir fud fad an chontae ag feidhmiú anois agus breis agus 50 eagraíocht cláraithe le Foireann Freagartha Pobail an Chláir agus iad ag seachadadh, ar bhonn eagraithe, earraí riachtanacha ar níos bia, breosla, leigheas agus go leor acu freisin ag cur tacaíocht teagmhála sóisialta ar fáil freisin ar an teileafón. Tá a gcuid línte cabhrach aonair nasctha ag na grúpaí seo ar fad le Líne Chabhrach Freagartha Pobail an Chláir do Covid-19 na Comhairle 1800 203 600. Baineann cuid de na fadhbanna a thagann trí na línte cabhrach leis an imní atá i measc na ndaoine scóthaosta atá againn, le meabhairshláinte an teaghlaigh agus an duine óig, le foréigean teaghlaigh (mná/fir/leanáil), tacaíochtaí don lucht siúil, tacaíochtaí don strus feirme, agus tacaíochtaí do na h-inimirceacha.
- ▶ Bhí Co. an Chláir an-sciobtha ag dul i mbun comhordaithe fud fad an chontae mar fhreagra ar ghéarchéim Covid-19 agus dá bharr sin b'éigean dóibh go leor fadhbanna ar leith a réiteach toisc gan treoirlínte rialtais a bheith ann, dála tacaíocht d'oibrithe deonacha,

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

grinnfhiúchán agus árachas d'oibrithe deonacha. Tugaimid dár n-aire freisin go raibh roinnt comhairle nach raibh ag réiteach le chéile ag teacht i dtosach ón Roinn agus ó FSS maidir le hoibrithe deonacha a bheith i mbun gníomhaíochta le baill den phobail a bhí ag cocúnú, ach réitíodh é seo gan mórán moille. Bhí mearbhall ann freisin maidir le ról Laoch an Phobail agus imní ann faoi dhúbláil go háirithe agus grúpa láidir oibre ag feidhmiú cheana féin sa Chontae agus ganntanas maoinithe ann i gcás freagraí áitiúla eile a raibh géarghá leo.

Dún na nGall

- ▶ D'fhorbair PPN bunachar sonraí don líne cabhrach a bhain le Glaobh an Pobail. D'oibrigh foireann an PPN ar an Líne Chabhrach (deireadh seachtaine & tráthnóna san áireamh).
- ▶ Chuir sé Oiliúint Ar ais ag Obair tar éis Covid-19 ar fáil & Bileoga do ghrúpaí Pobail- D'éirigh thar barr leis.
- ▶ I gcomhar le Aoisbhá d'aimsigh PPN Dhún na nGall pacáistí Earragh, Geimhrídh & Altranais, chuir siad ina chéile iad agus dháil siad iad ar dhaoine scothaosta & leochaileach i nDún na nGall- D'éirigh thar barr leis.
- ▶ D'fhorbair PPN Clár Dianghlásála Folláine i mí na Samhna/Nollaig 2020 i gcomhar le FSS & an Garda Síochána chun clár Dianghlásála a fhobairt do ghrúpaí lena n-áirítear Ag Cuimhneamh ar do Mheabhairshláinte, Aireachas, Mír an Gharda Síochána, Cothú, Aclaíocht & Oiliúint Zúm - Acmhainn luachmhar do Ghrúpaí.

Cathair Bhaile Átha Cliath

- ▶ Dháil PPN Chathair Bhaile Átha Cliath eolas.

Dún Laoghaire / Ráth an Dúin

- ▶ Dhíríomar go mór ar an gcumarsáid lenár mbaill, agus túis áite á thabhairt do thaighde chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi chinntí na bpáirtithe leasmhara agus tacaíochta leanúnach a chur ar fáil. Rinneamar é seo trí: Leathanach gréasáin ar leith, le hacmhainní úsáideacha ann, a chruthú ag túis na géarchéime ar ár láithreán gréasáin: www.dlrppn.ie/covid-19; Nuashonruithe nuachta postáilte go rialta ar ár láithreán gréasáin maidir le maoiniú, tionscnaimh áitiúla, acmhainní ar líne agus go leor eile.
- ▶ Poist sna meáin shóisialta ag roinnt na nuachta agus líne chabhrach DLR (Facebook agus Twitter) go minic i rith na seachtaine.
- ▶ Ríomhphoist sheachtainiúla chuig na baill faoi nuashonruithe, seirbhísí agus tacaíochtaí a bhí ar fáil.
- ▶ Teachtaireachtaí téacs chuig na Cumainn Áitritheoirí chun poiblíocht a thabhairt do líne chabhrach DLR.
- ▶ Seoladh Nuachtítir E-zine PPN DLR chuig na baill uilig, d'iarramar ar ghrúpaí agus ar phobail nuacht a sheoladh isteach faoin gcaoi a raibh siad ag freagairt d'fhoinn aird a tharraingt ar an bhfreagairt bheoga sa phobal seo agus d'éirigh thar barr leis.
- ▶ Cláir raidió - Naisc Phobail - agallaimh le heagraíochtaí áitiúla ábhartha a chuireann tacaíocht ar fáil.
- ▶ Cumarsáid ar an bhfón – chuireamar glaoch ar gach Cumann Áitritheoirí agus cuideachta Bainistíthe Eastát a bhí inár mbunachar sonraí (beagnach 100 san iomlán) chun iad a chur ar an eolas agus aiseolas a fháil.
- ▶ Tuarascáil na gCumann Áitritheoirí de chuid DLR. Rinneamar teagháil le gach ceann de na

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Cumainn Áitritheoirí chun léargas a fháil ar an bhfreagairt a bhí ag tarlú ag an leibhéal áitiúil, rud a raibh tortaí an-suimiúla agus ábhartha air- féach *Cumainn Áitritheoirí in DLR ag Freagairt do Ghéarchéim Covid-19* ar dlrppn.ie. Scaipeadh na tortaí go forleathan ar pháirtithe leasmhara áitiúla.

- ▶ D'iarramar ar na grúpaí áitiúla aiseolas a thabhairt dúinn maidir le riachtanais a thug siad faoi deara agus a d'eascair as géarchéim Covid-19. Féach an Tuarascáil maidir leis na riachtanais maoinithe atá aitheanta ag Grúpaí DLR. Chabhraigh sé seo le treoirínté maoinithe Chomhairle Contae DLR a chur ar an eolas mar a bhain le Ciste Éigeandála Covid-19 agus an Tionscnamh Folláine Pobail. Tríd an taighde seo, chomh maith le teagmháil rialta a bheith againn le pobail éagsúla ar an nguthán, bhíomar in ann athrú meoin a thabhairt faoi deara agus ár gcumarsáid a chur in oiriúint chun freagairt don athrú seo.
- ▶ Rinneamar taighde agus roinneamar faisnéise ar chúrsaí Sláinte agus Folláine, acmhainní chun cabhrú le daoine atá ag clútharú agus na Línte Cabhrach a bhfuil fáil orthu.
- ▶ Bhí an-éileamh ar ár bpostáil *Caitheamh Aimsire ar Líne agus Acmhainní Cultúir*.
- ▶ Fóram na bPáirtithe Leasmhara um Fhreagairt Phobail. Táimid i mo bhall den Fhóram ó thús, rinneamar freastal ar gach cruinniú agus thugamar aiseolas ríthábhachtach ar an bhfreagairt ag an leibhéal áitiúil, bunaithe ar ár dtaihde agus ar an aiseolas a fuaireamar.
- ▶ Táimid mar chuid de thionscnamh ar leith, an Tionscnamh Folláine Pobail, atá faoi cheannas na Roinne Pobail san Údarás Áitiúil.
- ▶ Tacaíocht fhrithpháirteach breiese do *Community Champion* an DLR (Comhpháirtíocht an Deiscirt) chun tionscnaimh áitiúla a chur chun cinn.
- ▶ Cros Dhearg na hÉireann faoin tabhartas de chuid Nestlé do DLR.
- ▶ Suirbhéanna - Cumainn Áitritheoirí in DLR ag Freagairt do Ghéarchéim Covid-19. Riachtanais mhaoinithe. Suirbhé Folláine Pobail PPN DLR. Riachtanais Dhigiteacha.
- ▶ Comhdháil Bhliantúil Martin McEvoy 2020 – Cur i láthair ar Chás-Staidéar ar Fhreagairt Chumainn Áitritheoirí Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin do Covid-19. “Rannpháirtíocht an Phobail le linn géarchéime”.
- ▶ Oiliúint - Clár a Forbraíodh go Sonrach mar Fhreagra ar Covid-19. Bhí an oiliúint seo thírithe ar ionadaithe PPN DLR agus ar na baill chun cabhrú leo leanúint lena ngníomhaíochtaí le linn na dianghlásála agus na srianta éagsúla.

Fine Gall

- ▶ Chomhoibrigh PPN Fhine Gall arís le Rannóg Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall chun grúpaí deonacha áitiúla a chomhordú ar mhaithe leis na tacaíochtaí cuí a chur ar bun ina gceantair féin. Bunaíodh grúpaí ó gach cearn d'Fhine Gall, roinnt grúpaí nua agus grúpaí eile a bhí ann cheana féin, chun cabhrú lena bpobal déileáil le héigeandáil Covid-19.
- ▶ D'eagraigh PPN Fhine Gall polasaí árachais cuí do bhaill PPN Fhine Gall trí BHP Insurance. Tairgeadh an t-árachas seo saor in aisce do ghrúpaí deonacha nach raibh aon árachas acu nó do ghrúpaí nach gcuirfeadh a gcuideachtaí iad faoi árachais chun an obair a bhí ar bun acu go deonach a leathnú amach, mar fhreagairt ar Covid-19.
- ▶ Rinne PPN Fhine Gall in éineacht le Comhairle Contae Fhine Gall clárú ar dhialann de scéalta a bhain le hobair dheonach ar shuíomh gréasán an PPN Fhine Gall chun léargas a thabhairt ar an méid tacaíochta agus cúram a taispeánadh le linn thús na paindéime agus atá sé fós á thaispeáint timpeall Fhine Gall. Tá os cionn 100 scéal sa dialann seo, agus spreagann an dialann seo dearfacht sa phobal áitiúil.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Cathair na Gaillimhe

- ▶ I gcomhthéacs an fholáirimh a bhain le Covid-19, thug GCCN túis áite do na freagairtí ar an bpaindéim. Bhí obair a bhain le Covid-19 dian go dtí Bealtaine 2020, agus ina dhiaidh sin filleadh de réir a chéile ar an 'ngnáthshaol' sa dara leath den bhliain. Tá GCCN ina bhall d'Fhóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe, atá faoi stiúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus a bunaíodh ag túis na chéad sraithe de shrianta Covid-19 agus ar a bhfuil includes páirtithe leasmhara ar nós Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte, an Garda Síochána, an tSeirbhís Leasa Pobail – DEASP, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, Ionad Saorálaithe na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe agus dreamanna eile. Mar chuid d'Fhóram Freagartha Pobail Chathair na Gaillimhe, cuireadh de chúram ar GCCN na bealaí atreoraithe, a ndearnadh 'script' díobh níos déanaí, a fhorbairt d'oibreoirí Líne Chabhrach Tacaíochta Pobail Covid-19 Chathair na Gaillimhe. Ba shaothar dian é seo, a bhí á athbhreithniú, á fhíorú agus á ath-eisiúint go rialta. Thacaigh GCCN freisin, i gcomhar le Foireann Chomhpháirtíochta Chathair na Gaillimhe leis na hatreoruithe níos casta.
- ▶ Bhailigh GCCN an fhaisnéis agus na sonraí freisin le haghaidh Léarscáil de na Sheirbhísí agus na Tacaíochtaí atá gníomhach i gCathair na Gaillimhe le linn ghéarchéim Covid-19. Bhí GCCN i gceannas ar fheachtas cumarsáide ar na Meáin Shóisialta, ar an Láithreán Gréasáin, ar ríomhphost agus ar an bhfón. Rinneadh obair shuntasach chun na sonraí a bhailiú agus a għlanadħ sular cuireadh faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iad. Tá na sonraí á nuashonrú go rialta agus á gcur ar an léarscáil atá ar fáil go poiblí.
- ▶ Thionól GCCN Grúpa Freagartha neamhbhrabús Covid-19 d'eagraíochtaí na socháí sibhialta lena n-áirítear Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Ionad Oibrithe Deonacha na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus Cuimsú Aois an Taoibh Thiar. Chomh maith leis na cruinnithe comhchoiteanna, lean GCCN ar aghaidh ag obair leis na heagraíocht ar fad astu féin ar bhonn leanúnach.
- ▶ In 2020, chomh maith leis an nuachtlitir agus an chumarsáid rialta, scaip GCCN faisnéis agus nuashonruithe a bhain le Covid-19 ar gach balleagraíocht thar ceann FSS, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus foinsí oifigiúla eile. Sheol GCCN feachtas cumarsáide freisin a bhí dírithe ar bhunachar sonraí poiblí nua a chruthú le go bhféadfadh duine ar bith i gCathair na Gaillimhe an chumarsáid oifigiúil a bhain le Covid-19 a fháil. Ina theannta sin, cruthaíodh leathanach gréasáin nua a bhaineann le Covid-19 ar shuíomh gréasáin GCCN ina dtugtar an fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí oifigiúla. Chuir GCCN agus Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Oibrithe Deonacha na Gaillimhe, Treoir maidir le Dul i mbun Gnómhaíochta arís ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus deonacha.
Contae na Gaillimhe

Contae na Gaillimhe

- ▶ Bhí Oibrithe PPN ag feidhmiú mar chuid den fhoireann ar líne chabhrach an ghlaobh pobail, i.e. ag freagairt glaonna ón bpobal, ó dhaoine ar theastaigh cúnamh uathu nó a bhí ag ofráil cabhrach. Chinntíomar gur tugadh cúnamh do dhaoine trí iad a nascadh le hoibrithe deonacha ar an láthair nó le seirbhísí FSS, Ord Mhálta nó an Gharda Síochána ionas go bhféadfaí freastal ar riachtanais na ndaoine ba mhó a bhí gearrtha amach nó an dream a bhí ag cocúnú.
- ▶ In éineacht le GRD, Oibrithe Deonacha na Gaillimhe agus PPN Chathair na Gaillimhe, rinneamar suirbhé i measc na ngrúpaí pobail ar fad le fiafraí faoin gcineál tacaíochtaí a bhí ag teastáil uathu le linn Covid-19 agus an chaoi a ndeachaigh Covid-19 i bhfeidhm orthu. Għlac go leor grúpaí páirt sa suirbhé bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé chuireamar ár għklär oiliúna in oiriúint.
- ▶ Bunaithe ar an ngá a bhí ann go ndéanfadħ grúpaí PPN athrú suntasach ar an gcaoi ar oibrigh siad mar gheall ar Covid-19 chuireamar túis freisin leis an Tionscadal PPN Connect. Áiríodh leis an tionscadal sraith gnómhaíochtaí chun grúpaí a nascadh agus tacaíocht a ofráil. Áiríodh leis sin an suirbhé ar riachtanais tacaíochta, coimre faisnéise saincheaptha, chomh maith le hardán 'clinic' a

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

chuireann tacaíochtaí saincheaptha ar fáil mar fhreagra ar cheisteanna aonair ó ghrúpaí. Díríodh ar go bhfanfadh daoine ceangailte agus ar eolas ábhartha shaincheaptha a thairiscint. Agus é sin á dhéanamh againn, bhí sé mar aidhm againn cabhrú le grúpaí leanúint leis an ról tábhachtach atá acu ó thaobh rannpháirtíocht an phobail. Chuireamar prótacail don Obair Dheonach ar fáil agus chabhraíomar freisin le pacáil agus dáileadh a dhéanamh ar na 'Pacáistí folláine' chomh maith le leis an Tionscnamh 'Fan Follán' de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ciarraí

- ▶ B'éigean do PPN Chiarraí dul in oiriúint go han-tapa do riachtanais an phobail a d'athraigh le linn phaindéim Covid-19 nuair ba ghá agus na cineálacha cumarsáide a bhí in úsáid a bheith ionchuimsitheach. Léirigh sé an bhochtaineacht ó thaobh TF agus an eisiamh sóisialta atá ann, rudaí nach n-aithnítear ag an leibhéal náisiúnta.
- ▶ Ar an Domhnach an 22 Mártá, bunaíodh Grúpa Comhairleach Nua chun Freagairt an Phobail ar Covid-19 a chomhordú i gContae Chiarraí. Chuir Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Covid-19 (Coróinvíreas) de chúram ar na húdarás áitiúla agus ar ghníomhaireachtaí eile oibriú go dlúth leis an Roinn Forbartha Pobail agus Tuithe chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt phobail agus dheonach maidir leis an éigeandáil sláinte poiblí a bhí ann ag an am. Bunaíodh Grúpa Comhairleach nua um Fhreagairt Pobail Covid-19 Chiarraí chun comhordú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar oibrithe deonacha a bhainistíú agus a spriocdhíriú a chinntíú gur féidir le baill leocheileacha den phobal leas a bhaint as seirbhís tacaíochta atá iontaofa agus chomhordaithe sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn. Is mian leis an ngrúpa leas a bhaint as fuinneamh agus flaithiúlacht na ndaoine a tháinig chun cinn chun tacaíocht a thairiscint don dream sa phobal a dteastaíonn cúnamh agus comhairle uathu. Cuimsíonn Grúpa Comhairleach Freagartha Pobail Covid-19 Chiarraí ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas: Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte; Comhairle Contae Chiarraí; An Garda Síochána; Cros Dhearg Chiarraí; Cosaint Shíbhialta Chiarraí; Ionad Saorálaithe Chiarraí; Forbairt Chiarraí Thoir Thuaidh agus Thiar; Compháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas; IRD Duhallow; CLG Chiarraí; Lónra Rannpháirtíochta Poiblí Chiarraí (a dhéanann ionadaíocht ar 700+ grúpa pobail i gCiarraí); Lónra Aoisbhá Chiarraí; Nasc Áitiúil Ciarraí ; An tSeirbhís um Phaisnéis do Shaoránaigh. Tá sé mar phríomhaidhm ag an ngrúpa nua cur leis an iarracht ar fud an phobail le smacht a choinneáil ar scaipeadh Covid-19. Is é aidhm an Ghrúpa Chomhairleach um Fhreagairt an Phobail a chinntíú go bhfuil lónra tacaíochta d'oirbithe deonacha atá comhordaithe, sábhálte agus iontaofa ar fáil dóibh siúd atá i ngátar agus go bhfuil a fhios ag an dream a bhfuil an cúnamh sin de dhíth orthu cé leis ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh chun comhairle a fháil. Cuirfidh a chuid oibre go mór leis an obair dheonach atá ar siúl cheana féin i bpobail ar fud Chiarraí. Is é an príomhchúram atá ar an nGrúpa Comhairleach an bealach is fearr a aimsiú le seirbhís idirghníomhaireachta atá bunaithe ar oibrithe deonacha a chomhordú dóibh siúd a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu ag an am seo. I dtosach, bhíodh comhdhálacha glaonna go laethúil idir na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an mbealach le tabhairt faoin iarracht chomhordaithe. Bhí ról lárnach ag PPN Chiarraí ó thaobh comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar Covid 19 i gContae Chiarraí agus ar dtús bhíodh cruinnithe comhdhála gutháin ann gach lá ag 12 chun freagairt thapa agus éifeachtach a chinntíú. Tugadh an Grúpa seo le chéile an obair iontach atá ar siúl cheana féin ar fud an chontae a chomhlánú agus a threisiú de réir mar a fhreagraíonn pobail do riachtanais an phobail agus tá sé mar aidhm aige a áirithíú gur féidir aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí sa soláthar atá ann cheana agus iad a chomhordú go lárnach.
- ▶ 10,000 bileog eolais mar fhreagairt ar Covid-19. Ag na chéad chruinnithe den Ghrúpa Comhairleach um Fhreagairt An Phobail, mhol baill an Gharda Síochána agus CLG go gcabhródh sé go mór leo agus iad ag dul amach sa phobal dá mbeadh roinnt comhairle agus faisnéise tacaíochta tábhachtach acu a d'fhéadfaidís a roinnt leis na daoine a raibh siad ag tabhairt cuairte orthu. Aontaíodh go bhféachfadh Comhordaitheoir Aoisbhá agus Oifigeach Forbartha an PPN le huirlis úsáideach a forbairt. D'oibrigh Oifigeach Aoisbhá agus Oifigeach Forbartha an PPN in éineacht leis an nGrúpa Comhairleach um Fhreagairt Pobail chun bileog eolais a forbairt.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Aontaíodh go mbeadh an bheileog eolais ar thoisí soláimhsithe sa mhéid is go mbeadh an t-eolas a theastaigh ann ach go mbeadh sí sách beag ag an am céanna le go bhféadfaí í a ghreadú ar an gcuisneoir. Áirítear sa bheileog A5 seo sonraí faoin uimhir nua Saorghlao agus eolas áitiúil eile a bheadh úsáideach agus cabhrach don phobal. Thug an gnólacht prioritála faoin gcúram lena chinntíú gur scaipí ar an bpobal é go tráthúil chun cabhrú le strus agus imní a mhaolú. Bhí na bileoga táirgthe faoi Dé Luain an 30 Márta. Rinneadh an dáileadh trí na lónraí atá ann cheana ar nós Lónra Rannpháirtíochta Poiblí Chiarraí, eagraíochtaí spóirt, cuideachtaí forbartha áitiúla agus na céadta grúpa pobail agus deonach ar fud an chontae. Roinn baill den Gharda Síochána na mílte bheileog ar an bpobal agus fuair siad amach gur bealach fhíorluachmhar a bhí ann chun rochtain a fháil ar an bpobal. Tá an chéad chló de 10,000 dálteanois. Is é an t-aiseolas ó na gardaí sa phobal ná gur thug sé deis dóibh bualadh isteach chuig tithe agus a bheith ag plé le daoine aosta agus le daoine leochaileacha sa phobal, fiafraí díobh conas a bhí siad agus eolas a fhágáil acu. Tá siad curtha isteach ina gcuid ciseán ag Forbairt Áitiúil, FRCanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn ciseáin bhia, siopadóireacht agus béisí ar rothaí agus arís thug an t-eolas áitiúil an-suaimhneas intinne don phobal agus teacht acu ar na huimhreacha teileafóin agus na teagmhálacha. Thóg na trí Chuideachta Forbartha Áitiúla na bileoga freisin agus scaip siad iad ar an bpobal, rud atá déanta freisin ag FSS a dháil iad ar a bpearsanra féin a bhíonn ag obair leis an bpobal, dála na n-altráí sláinte poiblí srl. Tá meastóireacht déanta ar an mbileog anois bunaithe ar na moltaí agus na rudaí breise a sheol daoine isteach agus aitheantas á thabhairt againn freisin don chéim dhifriúil den Phaindéim a bhfuilimid ag tabhairt aghaidh air.

- ▶ Cásanna Féideartha don Líne Chabhrach Tacaíochta Pobail. D'fhorbair an tOifigeach Aoisbhá agus an tOifigeach Forbartha PPN suíomhanna féidearthacha éagsúla le cur faoi bhráid an Ghrúpa Comhairleach um Fhreagairt Pobail le plé, ionas go bhféadfaí iad a scagadh agus cur leo mar ullmhúchán don Líne Chabhrach agus do shaincheisteanna agus ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn ansin.
- ▶ 29 Márt, FREAGART POBAIL ar COVID-19 – LÍNE NUA SAORGHLAO seolta. FÓN: 1800 807 009 TÉACSÁIL 'SUPPORT' agus d'AINM chuijg 50555, RÍOMHPHHOST: covidsupport@kerrycoco.ie. TÁ FÓRAM FREAGARTHA POBAIL CHIARRAÍ I GCEANNAS AR AN BHFREAGART AR COVID-19 •BILEOG EOLAS Á SCAIPEADH AR THEAGHLAIGH CHIARRAÍ NA MÍLTE OIBRÍ DEONACH Á SPREAGADH CHUN TACÚ LE DAOINE LEOCHAILEACHA. Seoladh líne chabhrach teileafóin nua i gCiarraí chun cabhrú le baill den phobal rochtain a fháil ar sheirbhísí neamhéigeandála agus neamhleighis agus tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine le linn na héigeandála sláinte poiblí reatha. An tseirbhís líne teileafóin rúnda saor in aisce bunaithe ag Fóram Freagartha Pobail Chiarraí ar COVID -19 ar a bhfuil níos mó ná dosaen gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí atá tagtha le chéile chun an fhreagairt phobail agus dheonach ar an ngéarchéim reatha a spreagadh agus a chomhordú, go háirithe maidir le freagairt do riachtanais na dteaghlaigh agus na ndaoine aonair atá leochaileach. Tá an uimhir FREEPHONE 1800 807 009 ar bun anois agus beidh sé ar fáil ó 8am go 8pm seacht lá na seachtaine. Tá fáil freisin ar líne téacs (téacsáil 'SUPPORT' agus d'AINM ina dhiaidh sin chuijg 50555) do lucht lagéisteachta nó don dream a dteastaíonn scairt ar ais uathú ón tseirbhís agus is féidir iarratais a sheoladh ar ríomhphost freisin chuijg covidsupport@kerrycoco.ie. Tá an líne chabhrach, a bhfuil oibrithe deonacha oilte in bun, dírithe go príomha ar a chinntíú gur féidir le baill leochaileacha den phobal nó an dream atá ina gcónaí ina n-aonar rochtain a fháil ar sheachadadh earraí riachtanacha ar nós earraí grósáera, leigheas agus breosla. Sa chás gur féidir le gníomhaireachtaí níos eagraíochtaí eile faisnéis níos oiriúnaí a sholáthar, cuirfear an glaoiteoir ar aghaidh chuijg eagraíochtaí níos seirbhísí eile más gá. Mar gheall ar an nasc láidir idir PPN Chiarraí agus pobal na mbodhar i gContae Chiarraí, bhíomar in ann aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le go mbeadh téacsóirí ag fáil téacs seachas glao ar ais mar tharlaíodh ar dtús ach ceartaíodh é nuair a tarraingíodh aird na Líne Cabhraí air. Scaipeadh eolais trí bhunachar sonraí PPN Chiarraí agus an leathanach Facebook.
- ▶ Seolann an Róinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cumarsáid rialta chuijg PPN Chiarraí le scaipeadh ar an bpobal agus d'úsáid siad an bonn sonraí go rathúil chun an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal. Chomh maith leis sin tháinig ardú níos mó ná 370% ar lón na 'is maith liom' a fuair

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Leathanach Facebook an PPN agus tá clúdach acu a chuireann ar a gcumas teagmháil a dhéanamh le breis agus 20,000 duine. D'fhonn a chinntíú gur sroicheadadh lucht féachana pobail chomh leathan agus ab fhéidir, bhunaíomar grúpaí WhatsApp le Rúnaíocht an PPN a choinneáil ar an eolas faoin bhfaisnéis agus na gníomhaíochtaí ar fad, ach freisin chun ár gcuid faisnéise a dhíriú ar earnálacha éagsúla den phobal.

- ▶ Tionscnamh le hateangaire comharthaíochta. Chuaigh an t-ateangaire Comharthaíochta i dteagmháil le PPN Chiarraí le moladh go ndéanfaí an fhaisnéis oifigiúil a léirmhíniú trí úsáid a bhaint as WhatsApp. Tá an grúpa WhatsApp SIGN bunaithe ag PPN Chiarraí agus bainfidh an tAteangaire Comharthaíochta úsáid as an uirlis seo agus scaipfear é seo ansin trí na meáin shóisialta. Tá sé seo á dhéanamh ar bhonn deonach. Tá KCC curtha san áireamh anois ag PPN Chiarraí sa ghrúpa WhatsApp mar sin tá KCC in ann aon fhaisnéis a roinnimid, a thógáil agus a roinnt trí chuntas twitter KCC. Tá na céadta lucht féachana tar éis féachaint air, agus sroicheadadh os cionn 1K i gcás cheann amháin de na seisiún comharthaíochta. Chomh maith leis sin, féadfaidh ball ar bith den phobal bodhar teagmháil a dhéanamh leis an Ateangaire Comharthaíochta agus is féidir linn iad a chur isteach leis na seirbhísí cuí. Clúdaíodh an tionscnamh i nuashonrú an Nuacht Aoisbhá ar an 17 Aibreán 2020, agus PPNanna eile, an Roinn agus an Garda Síochána ag cur seirbhís den chineál céanna ar fáil anois.
- ▶ Tionscnamh Chros Dhearg na hÉireann, Craobh Thrá Lí. Fuair Cros Dhearg na hÉireann in éineacht leis na PPNanna tairiscint ó bhianna Nestle maidir le soláthar bia agus uisce a chur ar fáil ar fud na tíre trí Chros Dhearg na hÉireann. D'fhonn é seo a dháileadh ar an mbealach ab fhéarr agus cabhrú le plein tacaíochta pobail an rialtais, ba é an chéad rogha ná an tairiscint fhlaithíúil seo a nascadh le línte cabhrach pobail ar fud na tíre. I measc na gcatagóirí táirgí tá caife, uisce, milseogra, gránaigh, nódail agus bia peataí. Tar éis plé a bheith déanta ag cruinníú den Fhreagairt Pobail, phléigh ionadaí Chros Dhearg Chiarraí, Majella Forde é le Caroline agus tá próiseas i bhfeidhm anois chun oibriú leis an tairiscint fhlaithíúil seo. Tháinig coinsíneacht bia ar an 28 Aibreán agus pléadh ina dhiaidh sin, toisc gur caife agus barraí seacláide a bhí ann den chuid is mó, go bhféadfaí é a úsáid i gCéim 2 de Covid-19 ar bhealach cruthaitheach a thabharfadh ardú croí.
- ▶ Léarscáil idirghníomhach PPN / KCC Chiarraí. Thug PPN Chiarraí moladh chuig an nGrúpa Comhairleach um Fhreagairt Pobail faoin bhféidearthacht a bhainfeadh le léarscáil ar líne a fhorbairt ina dtabharfaí breac-chuntas ar na grúpaí/eagraíochtaí atá fós ag feidhmiú le linn fholáireamh Covid-19 agus a bhfuil tacaíochtaí á gcur ar fáil acu don phobal. Léarscáil bheo a bheadh ann, sa mhéid is go bhféadfaí é a nuashonrú go laethúil agus dá bhrí sin nuair a chuirfí an chéad léarscáil ar shuíomhanna gréasáin PPN Chiarraí agus KCC, go spreagfadh sé grúpaí eile chun muid a chur ar an eolas faoin obair atá ar siúl acu. Déanfaidh sé seo ionadaíochtaí ar eagraíochtaí a chuireann seirbhísí, tacaíochtaí agus faisnéis ar fáil don dream is mó a dteastaíonn siad uathu le linn na tréimhse seo, lena n-áirítear gnáthsheirbhísí a choinneáil ar siúl, earraí grósaera, oidis, cógais a bhailiú, Béilí -ar-Rotháí agus lámh chúnta nó guth cairdiúil a thairiscint ar an nguthán. Tá tábhacht ar leith ag baint le Éirchód a bheith ag gach soláthraí seirbhíse agus is féidir linn an t-eolas seo a mhapáil. Seoladh an t-eolas tosaigh a bailíodh ón suirbhé chuig rannóng TF an KCC ar an 31 Márta. Bhí an saineolas teicniúil le bheith ar fáil do PPN Chiarraí. D'uaslódáil an Oifigeach Forbartha an PPN gach aighneacht ón suirbhé as féin agus rinne léarscáil a ghiniúint leis an bhfaisnéis seo. Seoladh an t-eolas agus an léarscáil seo ansin chuig an Roinn TF ionas go bhféadfaidís barr feabhas a chur ar an léarscáil sula seolfaí é. Taispeánadh na léarscáileanna idirghníomhacha ar shuíomh gréasáin KCC agus ar shuíomh gréasáin PPN Chiarraí www.kerryppn.ie Dé hAoine an 24 Aibreán agus tá an-úsáid bainte astu ag an Líne Chabhrach. Bhí grúpaí eile atá ag feidhmiú sa chontae i dteagmháil freisin chun a bheith ináirithe ar an léarscáil. Is cinnte gur uirlis amhairc é seo a d'fhéadfadh an PPN a úsáid ar bhealaí éagsúla amach anseo. Má bhíonn aon nuashonruithe nó athruithe breise i gceist tagann siad trí PPN Chiarraí, agus déanann siad an léarscáil a nuashonrú dá réir.
- ▶ Céim 2 de COVID -19. Tá an pobal ag bogadh isteach anois i gcéim 2 de Covid-19, agus tá PPN

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Chiarráí in éineacht leis an Aoisbhá ag féachaint ar bhealaí chun tacú leis an bpobal le linn na céime seo, atá ag dul i dtreo sláinte agus folláine agus ag díriú ar an ngné a bhaineann le Fanacht i dTeagmháil fad is atáimid scártha. Faoi láthair táimid ag fiosrú iris buíochais a bheadh nasctha le cuardaigh focal agus hathú aireachais mar chineál leabhar oibre difriúil. Beidh an iris bhúiochais seo mar chuid den mhála #InThisTogether lena n-áireofar cuid de na soláthairtí bhia ó Nestle agus tacaíocht na Croise Deirge áitiúla, peann PPN Chiarráí, bileog eolais nuashonraithe, le tacaíocht ón Chomhar Creidmheasa áitiúil Cara agus roinnt rudaí féinchúraim eile ar nós peidiméadar. Táimid ag costáil an mhála agus an pheidiméadar faoi láthair. Táimid ag obair go dlúth freisin le Comhpháirtíocht Spóirt Chiarráí agus le Ciarráí Sláintiúil maidir le freagairt straitéiseach éifeachtach don phobal.

- ▶ D'fhoínn cur leis an obair atá ar siúl cheana féin i gContae Chiarráí agus in ionad í a athchruthú í a comhlánú, thug PPN Chiarráí faoi shuirbhé ar na Cuideachtaí Forbartha áitiúla agus ar na hlonaid Acmhainní Teaghlach chun eolas fháil mar gheall ar na gníomhaíochtaí atá ar siúl a bhaineann le bheith gníomhach agus nasctha agus le meabhairshláinte agus folláine.
- ▶ Meitheamh 2020 - Ar an 4 Meitheamh, seoladh "In the Bag" an dara tionscnamh de chuid an fheachtas #InThisTogether. Spreagann an feachtas #InThisTogether a sheol an Rialtas gach duine chun gníomhaíocht nua a d'fhéadfadh cabhrú leo mothú rud beag níos sláintiúla nó beagán níos fearr agus muid ag déileáil le Covid-19 a roghnú. Agus an feachtas seo á threisiú, seoladh feachtas náisiúnta sna meáin dar teideal "Hold Firm". Spreagann an feachtas seo daoine leis an bhfód a sheasamh agus fuair sé an spreagadh ón dán, "Take Care", a scríobh ár nUachtaráin, Micheál D. Ó hUigínn. (Iris Bhúiochais ceangailte). Seolfar agus cuirfear chun cinn tionscnamh nua gach seachtain. Chuige sin, chuir Lónra Rannpháirtíochta Poiblí Chiarráí, a bhí ag obair i gcomhar le comhordaitheoir Chlár Aoisbhá Chiarráí, Iris Bhúiochais agus liosta nuashonraithe de Thacaíochtaí agus de theagmhálacha Pobail Chiarráí ar fáil. Cuireadh cóipeanna crua den iris seo agus den bhitheog eolais ar fáil do dhream ar leith, is iad sin na daoine sa phobal gan ríomhairí, iPad nó teileafón chliste, nach bhfuil baint acu le heagraíochtaí agus b'fhéidir gan teaghlaigh acu. D'aithin an Garda Síochána, an Chros Dhearg agus na hAltraí Sláinte Poiblí na daoine a gheobhadh iad. Chomh maith leis sin, rinne roinnt baill den phobal teagmháil ar an teileafón le hoifigeach Forbartha PPN Chiarráí, a bhí tar éis a bheith ar Raidió Chiarráí ag plé na leaganacha clóite den bhitheog eolais ag iarraidh ceann go seolfaí ceann chucu toisc nach raibh aon áiseanna acu agus glacadh an deis a gcuid sonraí a thógáil do na pacáistí folláine. Dáilfidh an Chros Dhearg na máláí seo i gContae Chiarráí. Tá maighnéad cuisneora sa mhála ionas gur féidir an bhitheog eolais, a bhfuil spás air le haghaidh Éirchóid arís, a choinneáil ar an gcuisneoir chun go mbeidh teacht air go héasca.
- ▶ Cuir Stop leis an Dramhbhia agus PPN Chiarráí. Ar cheann de na bealaí éagsúla a bhfuil PPN Chiarráí ag tacú leis an tionscnamh seo tá earraí *Stop Food Waste* a chur ar fáil ar nós cupáin ríse, gaireas spaghetti, *stop food waste* treoir phóca maidir le stop a chur le dramhbhia agus pleánaí liosta siopadóireachta. Tá Stop Food Waste ag obair le húdaráis áitiúla agus le grúpaí pobalbhunaithe ó bhí 2009 ann. Tá oilíúint áitiúil curtha ar fáil acu maidir le múiríniú agus cosc ar dhramhaíl bhia, d'fhreastail siad ar fhéilte agus ar imeachtaí áitiúla, thug siad cainteanna do scoileanna agus do ghrúpaí bailte slachtmhara agus thacaigh siad le pobail san obair a bhíonn ar bun acu go háitiúil. Níl bealach níos fearr chun an teachtaireacht a scaipeadh ná a bheith leis na pobail agus sna pobail. Tacaíonn an ghné seo go mór leis an gcolún comhshaoil agus tá sí an-chomhlántach mar a bhaineann leis.

Cill Dara

- ▶ Léarscáil Idirghníomhach. Léarscáil Idirghníomhach Fhreagairt Pobail Covid -19: Ba é PPN Chill Dara a sheol an chéad léarscáil idirghníomhach ar Covid-19, trínár lónra. Bhí liosta ar an léarscáil de na grúpaí pobail ar fad a bhí ag tairiscint cúnaimh agus tacaíochtaí do bhaill leochaileacha den phobal. Bhí grúpaí pobail agus deonacha i gContae Chill Dara in ann a gcuid seirbhísí agus tacaíochtaí a chur isteach ar ár suíomh gréasáin a d'fheidhmigh sé seo mar thacaíocht don ghlaobh.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

pobail nuair a seoladh é. Cuireadh an fhaisnéis agus na seirbhísí go léir a bhailíomar ar aghaidh chuig Comhairle Contae Chill Dara chun go mbeidís curtha san áireamh i nGlaobh Pobail Chill Dara. Chláraigh daichead a dó (42) grúpa ar ár léarscáil. Chláraigh 112 ghrúpa ar fud Chill Dara a gcuid seirbhísí agus tacaíochtaí.

- ▶ I measc na dtionscnamh agus na gcomhoibriú eile de chuid Covid-19 bhí: Athoscáilt an tSeimineáir Gréasáin iar-Covid-19 de chuid na hEarnála Pobail & dheonach; an Feachtas *Keep Kildare Talking*; Suirbhé ar Rochtaí ar Theicneolaíocht; Mol Faisnéise don Fheachtas Pobail um Thacaíochta Tiomsaithe Airgid. Scaip PPN Chill Dara agus dháil siad faisnéis agus acmhainn ríthábhachtacha maidir le Covid-19.

Cill Chainnigh

- ▶ Tá PPN Chill Chainnigh mar chuid d'Fhoghrúpa Gníomhaíochta agus Leithlisithe Sóisialta an Phobail Áitiúil maidir le Glao an Phobail laistigh d'Údarás Áitiúil Chill Chainnigh. Bhí an grúpa comhdhéanta de POF ÚÁ Chill Chainnigh, SEOanna, DOSanna, gníomhaireachtaí eile ar nós FSS, Alone, an Garda Síochána, Comhaontas Aoisbhá, Cosaint Shíbhialta, Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh, CLG, Ring-a-link agus dreamanna eile.
- ▶ D'aithin, d'eagraigh agus sheachaid PPN Chill Chainnigh os cionn 100 pacáiste cúram do na grúpaí ba leochailí agus ba imeallaithe laistigh de phobail an Lucht Siúil, na nimirceach agus phobal Siria.
- ▶ D'oibrigh PPN Chill Chainnigh i gcomhar le Comhairle na nDaoine Scothaosta chun bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar tháibléid Acorn Aoisbhách a thabhairt do bhaill níos sine sa phobal a bhí scoite amach go sóisialta. Ba é aidhm an tionscadail oibriú le daoine aosta agus múineadh dóibh leis an táibléid Acorn a úsáid mar uirlis chumarsáide. Rinneadh é seo chun an t-aonrú sóisialta agus an t-uaigneas a laghdú agus cabhrú le daoine aonair scilbhisiú a dhéanamh agus coinneáil i dteagmháil lena ngaoelta, lena gcairde agus lena dteaghlaigh.
- ▶ Rinne PPN Chill Chainnigh iarratas ar mhaoiniú faoin bhFeachtas Fan Folláin chun 11 táibléad eile a cheannach le húsáid. Bhí 34 táibléad in úsáid faoi mhí na Nollag 2020. D'oibrigh PPN Chill Chainnigh leis an BOO agus na FRCanna tacaíochtaí breise TF a chur ar fáil do na rannpháirtithe. Tugadh cuid de na táibléid do chóinéireoirí na dtithe altranais pobail agus deonacha agus na n-áiseanna Cúram Chónaithigh Lánaimseartha.
- ▶ D'fhorbair PPN Chill Chainnigh Treoir shimplí "Conas" maidir leis na Meáin Shóisialta, a mhúineann an chaoi le cuntas ríomhphoist, cuntas Zúm agus grúpa WhatsApp a chur ar bun. Scaipeadh é seo ar ghníomhaireachtaí seachtracha, ar ár mballeagraíochtaí agus cuireadh ar líne iad.

Laois

- ▶ Rinne PPN Laoise comhordú ar an tairiscint síntiús bia ó Nestle. D'oibrigh PPN Laoise le Comhpháirtíocht Laoise agus le Cros Dhearg na hÉireann air seo. Tá PPN Laoise á úsáid ag Comhairle Chontae Laoise mar cheann de na príomhbhealaí chun eolas nuashonruithe a chur ar aghaidh chuig Grúpaí Pobail. Rinne PPN Laoise suirbhé ar iarratas ón bPríomhfheidhmeannach féachaint an bhfuil aon Ghrúpa Pobail a chuireann tacaíochtaí ar fáil le linn Covid-19 spóonta ón obair dheonach. Níor tuairiscíodh aon chuid de na hoibrithe deonacha a bheith spóonta.
- ▶ Déanann PPN Laoise nuashonrú go rialta ar ár Meáin Shóisialta - Facebook, Twitter agus Instagram. Chuir PPN Laois roinnt imeachtaí oiliúna ar líne ar fáil le linn Covid-19 chun cabhrú le Ballghrápaí an PPN. Tá an t-aiseolas ó na ceardlanna oiliúna seo dearfach agus bhraith Ballghrápaí an PPN go ndeachaigh siad chun tairbhe dá nGrúpaí agus dá mbaill le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar shruthanna tiomsaithe airgid traidisiúnta Bhallghrápaí an PPN agus an chaoi le teachtaireacht agus aimseán an ghrúpa a chur amach go poiblí. I measc na n-ábhar a chlúdaítear ar líne tá larratais Ráithiúla ar Mhaoiniú a

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Scríobh, Ceardlann ar na Meáin Sóisialta chun cabhrú le Grúpaí cur lena mballraíocht agus Straitéis Maoinithe 2021.

- ▶ D'eagraigh PPN Laoise Caint um Chosc ar Choireacht leis an Oifigeach um Chosc ar Choireacht. Rinneadh é seo chun cabhrú le Grúpaí Pobail a bhféadfadh go raibh a gcuid maoine i gcontúirt ó loitiméireachta agus iad faoi dhianghlásáil le linn srianta Covid-19 agus le daoine leochaileacha a bhféadfadh go mbeadh gníomhaíocht choiriúil dírithe orthu.
- ▶ D'eagraigh PPN Laoise roinnt imeachtaí lasmuigh agus iad ag cloí le treoirínte an rialtais le linn Covid-19. D'fhreastail na himeachtaí lasmuigh ar cholún Phobail, Cuimsithe Shóisialta agus Comhshaoil PPN Laoise. Bhí an-tóir ar na himeachtaí lasmuigh agus ní raibh ticéad fágtha i gcás aon cheann acu. Tháinig aiseolas dearfach ó lucht freastail tar éis gach imeachta acu.
- ▶ Bhí tionchar suntasach ag scaipeadh Covid-19 ar Mheabhairshláinte daoine. Reáchtáil PPN Laoise roinnt imeachtaí chun cabhrú le Sláinte na ndaoine le linn Covid-19, lena n-áirítear START – Oiliúint um Fhéinmharú a Chosc, 5 Bhealach le bheith Follán and 5 Bhealaí le bheith Follán le linn Shéasúr na Féile. Tá PPN Laoise mar chuid de "Laois Connects" in éineacht le Comhairle Chontae Laoise, FSS, Compháirtíocht Spóirt Laoise agus Compháirtíocht Laoise. Is sraith seachtaire d'imeachtaí saor in aisce é Laois Connects ar féidir le muintir Laoise leas a bhaint astu. Cuireadh tús leis ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte ar an Satharn 10 Deireadh Fómhair.
- ▶ Reáchtáil PPN Laoise dhá imeacht ar son Laois Connects; "The Power of Choice" caint ón bpeileadóir de chuid Bhaile Átha Cliath, Philly McMahon, fear a bhuaigh Bonn uile-Éireann seacht n-uaire. Labhair Philly faoin gcumhacht a bhaineann le rogha a bheith ag duine nuair a tharlaíonn imeachtaí a athraíonn an saol ar nós Covid-19 nó nuair a fhagheann duine muinteartha linn bás. Tá aithne mhaith ag daoine ar Philly agus labhraíonn ón taithí ar an saol toisc go raibh deartháir aige a cailleadh de bharr andúile drugaí in 2012. Bhí an-tóir ar an ócáid seo agus ghlac réimse leathan daoine páirt ann, ina measc Clubanna CLG, Múinteoirí scoile, Oibrithe Óige, Clubanna Lúthchleasaíochta, Clubanna Cispheile, Cumainn Cheoil, Grúpaí Gasóg, Cumainn Áitritheoirí agus Grúpaí na mBailte Slachtmhara. Bhí seisiún ceisteanna agus freagraí ann le Philly ag an deireadh.
- ▶ Mar chuid de Laois Connects reáchtáil PPN Laoise Ceardlann Zúm saor in aisce dar teideal "Cúig bhealach le bheith Follán" le Meabhairshláinte Éireann. D'óstáil PPN Laoise, i gcompháirtíocht le Comhairle Chontae Laoise, na Gradaim Phobail & Dheonacha 2020. I mbliain nach raibh a leithéid ann cheana ní fhéadfadh na focail 'pobal' agus 'oibrí deonach' a bheith níos tábhactaí.
- ▶ Bhí PPN Laoise páirteach i bhFóram Freagartha Pobail Laoise ó thús. Déanann ball de Rúnaíochta PPN Laoise agus an tOibrí Acmhainne ionadaíocht ar PPN Laoise. Tá Léarscáil Idirghníomhach cruthaithe ag PPN Laoise de Grúpaí Pobail atá ag tairiscint tacaíochtaí le linn Covid-19 do dhaoine leochaileacha sa chontae agus tá sé uaslódáilte chuig suíomh gréasáin PPN Laoise. Is féidir leat é a fheiceáil anseo ach cliceáil ar <https://www.laoisppn.ie/>.
- ▶ Má chliceálann tú ar bhiorán ar an léarscáil tabharfaidh sé iad seo a leanas duit:
 - Ainm an Ghrúpa Pobail
 - Achoimre ar na Seirbhísí a raibh bhfuil orthu le linn COVID-19
 - Sonraí Teaghmála.
- ▶ Tá an Léarscáil Idirghníomhach ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae Laoise. Tá pobal Laoise tóghtha leis an Léarscáil Idirghníomhach. Bhí ailt sa dá nuachtán áitiúil, an Leinster Express agus an Laois Nationalist, maidir lena úsáidí agus a éasca le húsáid agus a bhí sé do dhaoine leochaileacha i Laois. Tá 99 Grúpa Pobail agus eagraíochtanois ag ofráil tacaíochtaí ar Léarscáil Idirghníomhach PPN Laoise. Tá Grúpa Pobail ar fáil chun tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha i ngach ceantar sa Chontae. Roinneadh an t-eolas seo le Líne Chabhrach Freagartha Pobail Chomhairle Chontae Laoise agus uaslódáladh é chuig a gcóras CRM. Tá PPN

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Laoise ag cur nuashonruithe rialta ar fáil do na 580 Ballighrúpa atá ag an PPN agus scaipeann siad seo an t-eolas ar a mbaill. Chuir Grúpaí Ballraíochta an PPN fáilte roimh an eolas seo.

Liatroim

- ▶ Bhí baint ag an PPN le tionscnamh Glaobh an Phobail COVID-19. Bhí Oibrí Tacaíochta an PPN ar an bhfóram seo. Thacaigh an PPN le dáileadh na faisnéise ábhartha a chabhraigh leis an tsláinte phoibhlí agus le freagairt an phobail. D'fhorbair an PPN chomh maith, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle agus leis an gCuideachta Forbartha Áitiúil, léarscáil phobail Covid-19 ar líne áit ar tugadh eolas i dtaobh tacáiochtaí agus seirbhísí. Chomh maith leis sin, ghlac an PPN, tríd an Oibrí Tacaíochta, páirt i bhfochoiste Bochtaineacht Bia an Fhóraim Glaobh an Phobail. Dhírigíonn fochoiste seo ar sholáthar seirbhísí éigeandála bia agus ar bhia a bheith ar fáil.

Luimneach

- ▶ Choinnigh PPN Luimnigh rannán tiomnaithe ag imeacht ar a láithreán gréasáin, áit a raibh agus naisc chuig eolas agus acmhainní iontaofa mar fhreagairt ar an bpaindéim. Seoladh r-phoist faisnéise ó Thacaíochta Náisiúnta do Pháirtithe Leasmhara Cumarsáide Sláinte Covid-19 agus aon ríomhphost faisnéise déag eile a bhain le hábhar chuig baill an PPN le linn seachtainí tosaigh na paindéime.
- ▶ D'fhreastail éascaitheoir na Rúnaíochta ar chruinnithe Fhóram Freagartha Pobail Covid inar thug foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh eolas mar gheall ar an bhfreagairt áitiúil ar Covid-19 i Luimneach.

An Longfort

- ▶ Leanamar ar aghaidh ag cur tacáiochta ar fáil do na daoine ba leochailí le linn laethanta saoire na Nollag. Eagraíodh tionscnamh "Glaobh ar an Nollaig" mar chuid den Fheachtas "Fan Folláin" faoin téama "Fan i dTeagmháil" i gcomhar le gach cumann de Bhantracht na Tuaithe sa chontae chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an uaigneas le linn na laethanta saoire, go mór mór i gcás na ndaoine a bhí ina gcónaí leo féin; rinneadh glao fíorúil "Make Way Day" a bhí comh-óstáilte le Comhairle Contae an Longfoirt; rinne cur i láthair le linn glao fíorúil an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Ráitis Físe Folláine; tosaíodh chruinnithe an PPN a eagrú ar líne trí chruinnithe Zúm agus MS Teams; cuireadh an dara céim den tionscnamh HEAR FOR YOU, Acmhainní Bia Phobal an Longfoirt, i bhfeidhm.
- ▶ Bhronn daoine aonair agus grúpaí pobail bia. Chuir Cosaint Shíbhialta an Longfoirt pacáistí bia ar fáil. D'oibríomar le Laoch Pobail Longfoirt chun an tionscnamh HEAR FOR YOU a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bhí fógrán seachadta chuig gach teach i gContae an Longfoirt trí An Post. Shocraíomar bileog a chur isteach i ngach cóip den Longford Leader.
- ▶ Nasc an tionscnamh le chéile daoine a raibh spéis acu sna hábhair chéanna, rinne sé atreoruithe chuig dochúirí, comhairleoirí, Nasc na mBan, An tAonad um Fhoréigean Baile etc. D'oibrigh sé le Comhordaitheoir Chros Dhearg na hÉireann chun pacáistí bia Nestle a thabhairt go dtí an Longfoirt. D'eagraigh sé na hionaid fágála agus an seachadadh le Cosaint Shíbhialta an Longfoirt agus ionad Acmhainní Teaghlaigh Lus na Gréine, Gránard.
- ▶ Tugadh tacáiocht do bhunú na nGrúpaí Freagartha Áitiúla mar fhreagra ar Covid19 agus oibríodh le BHP Insurance ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as árachas saor in aisce; coinníodh Lónra Míchumais an PPN ag imeacht ionas go bhféadfadh daoine faoi mhíchumas a bhí uaigneach agus faiteach fanacht i dteagmháil lena chéile agus leis an PPN. Áiríodh leis sin faisnéis a scaipeadh a bhain go díreach le cineálacha ar leith míchumais, seiceáil ar dhaoine ar an bhfón agus cuairt a thabhairt orthu, glaonna leantacha le dochtúir etc.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Cóinníodh Fóram Idirchultúrtha an PPN ag imeacht agus dá bharr sin fuair na baill i ngach pobal eolas maidir le Covid-19 a bhí aistrithe agus bhí baill sna na pobail éagsúla in ann coinneáil i dteaghmháil ar an nguthán agus ar na meáin shóisialta; bhí oibrí Forbartha an PPN ag obair chun grúpaí a spreagadh sular bunaíodh glao an phobail; tacaíodh le forbairt na Léarscáile Pobail d'Ionad Glaonna an Longfoirt; rinneadh ionadaíocht ar bhallraíocht níos leithne an PPN san Fhóram Freagartha Pobail; scaipeadh an fhaisnéis ábhartha ar fad trí ríomhphost ar ghrúpaí pobail agus ar mheáin shóisialta an PPN.

Lú

- ▶ Bhí ról lárnach ag PPN Lú sa chumarsáid maidir le COVID-19 le daoine sna pobail: nuashonruithe leanúnacha ar COVID-19 a sholáthar chomh maith le faisnéis thábhachtach ó phríomhpháirtithe leasmhara maidir le sláinte, maoiniú, oiliúint, seimineáir ghréasáin, tacaíochtaí, comhairle agus go leor eile trínár nuachtltir sheachtainiúil the Friday Communiqué agus ár n-ardáin meán sóisialta; Leathanach gréasáin sonrach i dtaobh COVID-19 ar ár suíomh gréasáin PPN; Bileog eolais áitiúil COVID-19 a dheardadh agus a sheachadadh chuig níos mó ná 5000 cónaitheoir scothaosta agus leochaileach i Lú; Cuntas ceadúnaithe Zúm a cheannach do bhaill an PPN le go bhféadfaidís fanacht i dteaghmháil; agus seachadadh 65 'Pacáistí Tacaíochta COVID an PPN' ina raibh earraí ríthábhachtacha lena n-áirítear maisc aghaidhe, lámhainní, díghalrán láimhe, díghalrán agus póstaer faisnéise chuig Baill an PPN chun cabhrú leo a gcuid seirbhísí a athoscáilt tar éis na dianglasála.
- ▶ Bhí ról lárnach ag PPN Lú i seachadadh an chláir idirghlúine Super Connectors a spreagann daoine aosta chun glacadh leis an teicneolaíocht dhigiteach agus í a fhoghlaím in éineacht le daoine óga atá tiomanta chun iad a mhúineadh. Mar chuid den chlár seo, reáchtáil an PPN comórtas Super Connectors inar tugadh cuireadh don phobal grianghraif díobh a chur isteach agus iad i dteaghmháil le duine muinteartha ag baint úsáide as FaceTime, Skype, ZÚM nó bealaí eile agus gach iontráil curtha san áireamh i gcrannchur chun dearbhán 'siopa áitiúil' a bhuachan.

Maigh Eo

- ▶ D'oibrigh PPN Mhaigh Eo i ndlúthpháirt le Rannóg Rannpháirtíochta Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Fóram Páirtithe Leasmhara Glao Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Dhear Rannóg Rannpháirtíochta Pobail Mhaigh Eo suirbhé ag iarraidh ar ghrúpaí atá ag soláthar seirbhísí i dtaca le Covid 19 i Maigh Eo clárú leo chun go bhféadfaí bunachar sonrai seirbhísí/tacaíochtaí a chruthú do cheisteanna a chuirtear ar an Deasc Cabhrach. Rinneadh poiblíocht fhórleathan ar an suirbhé seo agus roinneadh é le gach ball de PPN Mhaigh Eo agus tugadh poiblíocht dó ar na Meáin Shóisialta. Tríd an 900 ball atá cláraithe le PPN Mhaigh Eo ghlacamar páirt agus chuidíomar le clár a chur le chéile de na grúpaí tacaíochta pobail áitiúla agus grúpaí a tháinig le chéile chun tacú leis na daoine is leochailí inár bpobail.
- ▶ Tá PPN Mhaigh Eo mar chuid d'fhoghrúpa a bunaíodh chun idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara eile, e.g.: Ionad Áitiúil na nOibrí Deonach, Curadh Pobail, Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, Aoisbhá srl., aiseolas ríthábhachtach a chur ar fáil, trínár dtaighde agus tríd an aiseolas a bhí faigte maidir leis an bhfreagairt ag an leibhéal áitiúil. Bunaíodh leathanach ar leith do Covid 19 ar shuíomh gréasáin PPN Mhaigh Eo chun Léarscáil Idirghníomhach Covid 19 a thaispeáint chomh maith le hacmhainní úsáideacha eile a fuaireamar ó Róinn Gnóthaí Tuaithe agus Pobail agus faisnéis agus acmhainní ó gheall sealbhóirí eile. Rinneadh é seo a nuashonrú ar bhonn rialta chun go léireodh sé an fhaisnéis cothrom le dáta maidir le Covid 19 mar a bhain le hacmhainní a bhí ar fáil don phobal i gcoitinne agus d'oibrithe deonacha.
- ▶ Chuir PPN Mhaigh Eo, agus úsáid á bhaint as na meáin shóisialta, postálacha agus nuacht ar Líne Chabhrach Covid 19 (Facebook agus Twitter). Chuir PPN Mhaigh Eo ríomhphoist rialta chuig na baill a bhain le nuashonruithe, seirbhísí agus tacaíochtaí a raibh fáil orthu.
- ▶ Rinne PPN Mhaigh Eo, i gcomhar le Rannóg Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo, teaghmháil le

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

grúpaí áitiúla aiseolas a thabhairt ar na riachtanais a chonaic siad ag eascairt as géarchéim COVID-19. Bunaíodh seimineár gréasáin le páirtithe leasmhara áitiúla measúnú a dhéanamh ar an gaoi a leanfadh grúpaí ar aghaidh ag soláthar na seirbhísí atá acu ag glacadh san áireamh go bhfuil saorálaithe ag filleadh ar an obair. Mar thoradh ar an seimineár gréasáin seo bhíomar in ann athrú meoin a thabhairt faoi deara agus chuireamar ár gcumarsáid n oiriúint chun freagairt don athrú seo. Bhí Oibrí Acmhainní PPN Mhaigh Eo mar bhall den fhoireann a bhí ar an rota do líne chabhrach Covid.

- ▶ Scaip PPN Mhaigh Eo faisnéis agus treoirínte ar Ghrúpaí Pobail maidir le Ciste Éigeandála COVID-19. Bhíomar i dteagmháil le Cros Dhearg na hÉireann faoi thabhartas Nestlé do Chros Dhearg Mhaigh Eo, a chlúdaíonn contae ollmhór Mhaigh Eo. Chuir PPN Mhaigh Eo tacaíocht agus treoir shonrach ar fáil do ghrúpaí agus do phobail ó thaobh acmhainní a aimsiú: m.sh., fiseán/acmhainní do phobal na mBodhar agus na nDall i Maigh Eo, do dhaoine faoi mhíchumas, leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, grúpaí mionlaigh, etc.
- ▶ D'iarr PPN Mhaigh Eo ar ghrúpaí agus ar phobail nuacht a sheoladh isteach faoin gaoi a raibh siad ag freagairt d'fhonn aird a tharraingt ar an bhfreagairt bheoga inár bpobal agus bhí an fhreagairt thar barr. Léiríonn PPN Mhaigh Eo samplaí dearfacha den obair dheonach. Tá cuireadh á thabhairt ag PPN Mhaigh Eo do ghrúpaí pobail achoimre/fiseán gairid a chur isteach ar an gaoi ar chabhraigh siad lena bpobail le linn phaindéim Covid 19 le gur féidir samplaí dearfacha den obair dheonach a chur i láthair. Taispeánfar é seo ar shuíomh gréasáin an PPN agus ar chainéil na meán sóisialta. Tá tuiscint agus meas ag PPN Mhaigh Eo ar an bhfreagairt dheonach phobalbhunaithe atá ag teacht le chéile mar gheall ar Covid 19 agus bhraitheamar gur ghá léargas a thabhairt ar an obair iontach a rinne grúpaí pobail ar fud Chontae Mhaigh Eo. Tugadh MAYO PPN COMMUNITY RESPONSE TO COVID 19 ar an tionscadal seo. Cuireadh agallamh ar shé Ghrúpa Pobail a bhí cláraithe le PPN Mhaigh Eo agus rinneadh fiseán síobh agus beidh sé seo mar chuid de chlár faisnéise ina dhá chuid ina ndearnadh scannánú ar ghrúpaí pobail i ngach cuid den chontae agus a rinne plé ar ghníomhaíochtaí COVID i gceantair thuaithe. Craolfar é ar Mayo TV Show – Sky Channel 192, beidh sé le feiceáil ar You Tube agus taispeánfar é freisin ar shuíomh gréasáin PPN Mhaigh Eo.
- ▶ Chuir foireann an PPN nuashonruithe i láthair na Rúnaíochta ar bhonn rialta agus d'eagraigh siad cruinníú Thionoltóirí Rúnaíochta mhí Aibreáin ar líne.
- ▶ Cad atá foghlamtha go dtí seo ón taithí a bhí faigte? A thábhachtaí atá sé go mbeadh an PPN ag obair i gcomhar leis na Comhairlí Contae agus le páirtithe leasmhara eile. Thosaigh baill an phobail á n-eagrú féin ar bhealach neamhfoirmiúil/ag teacht le chéile chun cabhrú leis na daoine ba leochailí. An tábhacht a bhaineann le go mbeadh fáil go pras ag na PPNanna ar eolas atá le scaipeadh ar Ghrúpaí Pobail. Is é an príomhról atá ag an bhfoireann a chinntí go mbíonn fáil ar na struchtúir agus na tacaíochtaí atá de dhíth ar ghrúpaí chun tacú le Comhairle Contae Mhaigh Eo a raibh sainordú acu Fóram Freagartha Pobail a thionól le comhordú a dhéanamh ar thacaíochtaí na nGníomhaireachtaí Pobail do ghrúpaí leochaileacha mar a bhain le Covid-19.

An Mhí

- ▶ Líonra Freagartha Covid Phobal na Mí. Tag: <https://www.meathppn.ie/meath-community-response-to-covid-19/> D'oibrigh an PPN le grúpaí pobail chun líonra tacaíochta áitiúil a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud na Mí. Forbraíodh agus mapáladh an líonra in am do thuis na dianghlásála náisiúnta Covid i mí an Mhárta 2020. Bunaíodh an líonra ar bhallghrúpaí a bhfuil eolas pobail áitiúil acu agus muinín astu agus dhearbaigh sé do na pobail go raibh tacaíochta áitiúil ar fáil dá mbeadh gá leis.
- ▶ Chuir ballghrúpaí an PPN raon de thacaíochtaí cocúnaithe ar fáil lena n-áirítear siopadóireacht agus bailiú oideas, teagmháil chun dul i ngleic leis an uaigneas agus seachadadh chláir an Bhainc Bhia. Mar thoradh ar bhunú na líonraí áitiúla d'fhéadfá an tacaíocht a scaipeadh chun freastal ar éileamh an phobail áitiúil agus laghdaigh sé an baol go

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

dtarlódh scrogaill/srianta láraithe. Bhí an línra tacaíochta PPN mar chuid d'fheachas comhchoiteann an chontae i gcompháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla (CC na Mí MCC, Gardaí Pobail, etc.). D'fheidhmigh an PPN mar chóras comhordaithe don ghníomhaíocht phobail agus thacaigh sé le Struchtúr tuairiscithe Ghlaao an Pobail. De bharr gur fhoilsigh agus gur dháil an PPN treoir ar chúrsaí sláinte ó na húdarás lárnacha chuir sé cleachtas caighdeánach chun cinn mar a bhain le cosaint agus bainistíocht riosca. Tá an línra bunaithe ar oibrithe deonacha agus tá sé fós ag feidhmiú agus an PPN mar nasc agus mar tacaíocht dhíreach don chumarsáid. Bhí bainistiú ar tharchur Covid ina riosca leanúnach i gcónaí le linn 2020. Tá gá le tacaíocht ón mbonneagar pobail deonach chun cur leis an bhfeachtas sláinte náisiúnta agus contae.

Muineachán

- ▶ Rinne an PPN suirbhé i measc a chomhaltaí i mí Aibreán 2020 chun a fháil amach faoi na gníomhaíochtaí a raibh siad ag tabhairt fúthu dóibh siúd a bhí leo chaileach ina bpobail féin. Cuireadh na freagraí ar aghaidh ansin chuig an bhfoireann i Líne Chabhrach Glaao an Pobail ionas go bhféadfaidís glaonna a tháinig chuig an líne chabhrach ag iarraidh cúnaimh a shannadh ar oibrithe deonacha sna ceantair sin. Bhí an PPN ina bhall den Fhóram Freagartha Pobail ó thús agus chuir sé nuashonruithe óna comhaltaí i láthair ag gach cruinniú. Chinntigh an PPN go raibh gach faisinéis náisiúnta agus áitiúil ó FSS, Ranna Rialtais, na Feachtais Fan Folláin agus go leor eile á scaipeadh. Bhunaigh Ionadaí um Chuimsíú Sóisialta an PPN mol tacaíochta bia i mí na Bealtaine 2020 agus tá beartáin bhia fós á ndáileadh ar an dream atá i ngátar ar fud ár gcontae.

Uíbh Fhailí

- ▶ Tá an tOibrí Acmhainne ar an bhFóram Freagartha Pobail.
- ▶ Foireann PPN ag tacú leis an Líne Chabhrach Pobail agus ag feidhmiú ar an bhfoireann. Bhí an tOibrí Acmhainne ina Cheannaire Foirne ar an Líne Chabhrach ag an deireadh seachtaire.
- ▶ Thacaigh sé leis an gCuideachta Forbartha leis an tionscadal a bhaineann leis na hlonaid nua Soláthair Dhírigh sa chontae.
- ▶ Chabhraighe sé le Éire Shláintíúil/Uíbh Fhailí agus CYPSC ar thionscnaimh do thuismitheoirí níos leochailí a bhfuil leanaí óga acu. Chuidigh sé le ciseáin Nollag a eagrú do dhaoine aosta atá ina gcónaí ina n-aonar. 10,000.[I1]
- ▶ Irisí do theaghlaigh ar fud Uíbh Fhailí -4,000 cóip den iris Aoibhách faoi dhó sa mhí; le rannpháirtíocht a spreagadh, chun an spraoi agus an fhoghlaim a spreagadh agus sonrai teagmhála do sheirbhísí agus do thacaíochtaí a chur ar fáil, leadrán a laghdú agus cabhrú le achrann agus strus a chosc.
- ▶ Tacaíocht tugtha do Bhéilí ar Rotháí agus Pacáistí Cúraim do na daoine is leochailí ar fud an chontae.

Ros Comáin

- ▶ Bhí PPN Ros Comáin ina bhall d'Fhóram Freagartha Covid.
- ▶ Cuireadh oiliúint Zúm ar fáil do na baill chun cabhrú leo leis athrú chuig an obair ar líne.

Sligeach

- ▶ Tá PPN Shligigh ina bhall d'Fhóram Freagartha Pobail Shligigh atá nuabhuaithe. Bhíodh na cruinnithe ar siúl ar dtús 3 huaire sa tseachtain ach uair sa tseachtain a bhíonn siad ar bun anois. Is baill d'fhoghrúpaí an fhóram muid freisin mar a bhaineann le: obair dheonach, tacaíocht agus doiciméadú d'oibrithe deonacha, ciste éigeandála agus oibriú líne chabhrach. Tá LCDC Shligigh

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

tar éis teacht le chéile arís agus tá tuairisc maidir le nuashonruithe tugtha ag PPN Shligigh.

- ▶ Chuireamar suirbhé amach chuig na phobail ar fad agus tá líonra cruthaithe agus mapáil déanta ar gach grúpa pobail agus deonach atá cláraithe agus atá ag tairiscint seirbhísí leathnaithe ag an am seo faoi ghlao an phobail.<https://www.sligoppn.com/sligo-community-responses-under-covid-19/>. Baineann an pobal úsáid dhíreach as an léarscáil seo ach bónn tá sé in úsáid freisin ag líne chabhrach thiomnaithe Shligigh chun oibrithe deonacha a shannadh le cuidiú le glaoiteoirí atá i ngátar. Táimid ag leanúint orainn ag iaraidh ar ghrúpaí an léarscáil a chlárú agus a nuashonrú gach lá. Buailimid leis an líne chabhrach ar bhonn rialta chun plé a dhéanamh ar na príomhfhadhbanna a thagann chun cinn, conas déileáil leo agus an áit le cabhair a lorg. Toisc gur bhain go leor de na glaonna a tháinig isteach i dtosach ar an líne chabhrach le hiarratais ar bhéilí te agus eolas faoi shiopadóireacht, leathnaíomar amach an tionscadal seo chun léarscáil a chruthú de na ghnólachtaí sa cheantar a bhí ag soláthar seirbhísí riachtanacha agus úsáideann an líne chabhrach é seo freisin <https://www.sligoppn.com/shops-open-during-covid-19/>. Bónn an chuid den mhapáil seo a bhaineann le Baile Shligigh ina ghné sheachtainiúil sa Sligo Weekender i gcomhpháirtíocht le BID Shligigh.
- ▶ Forbraíodh treoir oiliúna ar gach gné a bhain le húsáid fhaisnéis an PPN agus cuireadh faoi bhráid fhoireann na líne cabhraí é.
- ▶ Sa suirbhé clárúcháin, d'iarramar ar ghrúpaí freisin bearnaí áitiúla sa tseirbhís a aithint chomh maith le deacrachartaí a bhíonn acu agus iad ag comhlíonadh a róil. Cuirtear na deacrachartaí seo faoi bhráid Ghrúpa Freagartha Pobail Shligigh go rialta faoi stiúir SCC, tráth a roghnaímid na heagraíochtaí cuí le theacht agus cabhair a thabhairt. Mar shampla, toisc gur tháinig ceist chun cinn maidir le hárachas do ghrúpaí le tabhairt faoi na gníomhaíochtaí breise seo tá PPN Shligigh tar éis clár lán-áráchais a sholáthar a chlúdaíonn gach grúpa atá cláraithe sa chlár freagartha pobail (ní gá dóibh a bheith cláraithe mar bhaill den PPN). Ar an gcaoi chéanna, táimid ag fáil réiteachanois ar an bhfadhb a bhain leis an gcáipéisíocht le haghaidh céad taistil trí chomhpháirtíocht idir an PPN agus SCC, agus tá teimpléad de litir á forbairt a chuirfear chuig gach grúpa de réir mar a chláraíonn siad. Eiseofar cóip a choinneoidh na hoibrithe deonacha sa charr agus iad ag tabhairt faoi obair lena bhfuil tiomáint i gceist. Oibrímid go dlúth le hlonad Oibrithe Deonacha Shligigh chun na hoibrithe deonacha cuí a shannadh do na grúpaí a bhfuil lámh chúnta de dhíth orthu.
- ▶ Bónn cruinnithe rúnaíochta ar siúl go cianda chun comhaltaí a choinneáil cothrom le dáta. D'fhonn a chinntí go mbeidh teacht ag níos mó earnálacha ar na tionscnaimh folláine, táimid á gcur lenár suíomh gréasáin féin le go bhfuil feidhmeanna aistriúcháin agus inrochtaineachta aige.
- ▶ Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht le SCC ar an bplean / feachtas Sláinte agus Folláine don chontae. Táimid ag obair lena chinntí go bhfreagraíonn na tionscnaimh go díreach do chuid de na deacrachartaí a ardaíodh mar chuid den phróiseas Fís Folláine an PPN agus tá síúil againn go léireoidh sé seo cur chuige níos leithne i leith na folláine seachas an fócas níos traidisiúnta a dhíríodh ar an gcleachtadh fisiciúil/aireachas srl. I measc na sampláí tá dúshlán faire éan chun an bpobal a spreagadh le speicis dhúchasacha a thabhairt faoi deara, suirbhé maidir le snáthaid mhór Shligigh, clár a spreagann daoine chun fionnachtana oidhreachta a dhéanamh laistigh de 2 km dá mbaile srl.
- ▶ Táimid ag obair i bpáirt le cuid dár mballghrúpaí a oibríonn leis na grúpaí is leochailí sa phobal ar níos dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, taistealaithe, daoine faoi mhíchumas fisiciúil agus intleachta chun a fháil amach faoi na dúshláin ar leith atá ag na grúpaí seo agus freagairtí spriocdhírithe sláinte agus folláine a fhorbairt.
- ▶ Tá leathanach eolais cruthaithe againn ar shuíomh gréasáin an PPN a tharraingíonn le chéile in aon áit amháin an fhaisnéis oifigiúil agus ábhartha ar fad. Eagraítear é seo faoi cheannteidil éagsúla poist ar níos acmhainní sláinte agus pobail, eolas do dhaoinne a bhfuil deacrachartaí cumarsáide acu agus cúnamh airgeadais <https://www.sligoppn.com/covid-19/>. Déantar é seo a nuashonrú go rialta lena a chinntí go bhfuil an fhaisnéis is déanaí ar fáil agus go scaptear an t-

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

elolas ábhartha go díreach ar na grúpaí agus go gcuirtear chun cinn é ar na meáin shóisialta.

- ▶ Táimid ag obair leis an Sligo Leader agus Oibrithe Deonacha Shligigh le pacáiste eolais a fhorbairt do ghrúpaí lena chinntíú go mbíonn an t-eolas ar fad acu i dtaobh rudaí ar nós oidis, scaradh sóisialta, grinnfiosrúchán an Gharda Síochána.
- ▶ Bímid i dteagmháil uair sa tseachtain leis na grúpaí chun a fháil amach conas atá cúrsái, saincheisteanna nó fadhbanna nua a aithint, agus a moltaí a iarraigdh.
- ▶ Táimid i mbun cumarsáide ar bhonn leanúnach leis an Rúnaíocht agus leis na hlonadaithe Pobail le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de fhreagairt an SPC nuair a mhaolófar an scaradh sóisialta a ardú agus a phlé.
- ▶ Tá ár dTreoir do Ghrúpaí Pobail, a foilsíodh in 2018 curtha in oiriúint againn do na Meáin Shóisialta agus mír nua san áireamh ann maidir le húsáid na meán sóisialta le linn na géarchéime.
- ▶ Tá PPN Shligigh ag obair le Cros Dhearg na hÉireann chun tabhartas bia ó Nestle, atá ceaptha a bheith á sheachadadh go Sligeach an tseachtain seo, a fháil. Táimid ag plé le Tusla agus SLPCo chun a chinntíú go mbronnfar an bia ar an dream is mó atá i ngátar – ag obair leis an laoch pobail áitiúil.
- ▶ Táimid díreach ag cur túis le feachtas ar na meáin shóisialta leis an eagraíocht One Step Closer chun iarracht a dhéanamh obair na hearnála pobail i Sligeach, faoin ngéarchéim, a léiriú agus a cheiliúradh. Tiocfaidh sé seo freisin leis na haidhmeanna atá ag Éire Shláintíúil don chontae agus beidh baill de Chomhairle na nÓg agus d'Fhoróige páirteach ann. Rachaidh sé seo i ngleic leis an riacthanas atá ann mar a bhaineann le daoine óga a bheith ag streachailt ag iarraidh áit a aimsiú sa bhfreagairt ar Covid-19 agus tabharfaidh sé seo seans dóibh na scileanna uathúla atá acu maidir leis na meáin shóisialta a úsáid chun tacú le freagairt an phobail.
- ▶ D'oibríomar go dlúth le SCC sa phróiseas iarratais ar an gciste práinnfhreagartha. Daoine a chur ar an elolas faoin gciste trí phlé leanúnach le ballghrúpaí faoi smaointe maidir le cláir ie chuala muid i bplé leis na FRCanna faoi dheacracht atá ag teacht chun solais a bhaineann le deireadh a bheith á chur le ranganna Béarla do na pobail nua agus mar gheall air sin in táimid ag obairanois le Comhpháirtíocht Leader Shligigh, Ionad Oibrithe Deonacha Shligigh agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Shligigh chun iarracht a dhéanamh clár ar líne a bhunú a bhainfeadh úsáid as struchtúir an cheachta freisin chun faisnéis agus comhairle thábhachtach sláinte a thabhairt.
- ▶ D'oibríomar le SCC chun maoiniú a fháil le trealamh PPE a chur ar fáil do ghrúpaí deonacha agus beidh an leithdháileadh á chomhordú againn. Táimid ag obair freisin ar sciatha aghaidhe a tháirg IT Sligigh a dháileadh ar na grúpaí pobail is mó atá i ngátar.
- ▶ Tá PPN Shligigh ag obair ar phíosa taighde le IT Shligigh a dhéanfaidh iarracht léargas a thabhairt ar an méid atá á dhéanamh ag an earnáil phobail agus dheonach don tsochaí agus géarchéim Covid ann. Is é aidhm an taighde seo iarracht a dhéanamh a chinntíú, a luaithe a bheidh an ghéarchéim thart, nach mbeidh an earnáil phobail ag fulaingt mar a bhíonn de ghnáth agus acmhainní á dtarraingt siar agus níos mó brú airgeadais orthu. Teastaíonn uainn iarracht a dhéanamh luach a chur ar iarracht reatha an pobail, ó thaobh na heacnamaíochta agus na sochaí de, agus an cás a dhéanamh gur cheart go dtabharfaí an tacaíocht agus an seasamh céanna don earnáil phobail ó thaobh na hinfheistíochta a chuideoidh leis an tir teacht chuici féin. Beidh roinnt céimeanna i gceist leis an taighde, ag tosú le suirbhé deonach a bhfuil súil againn go dtacóidh líonra náisiúnta an PPN leis.
- ▶ Táimid ag cur túis faoi láthair le tionscadal le SLPCo agus SVC chun treoir a chur le chéile do ghrúpaí pobail ionas gur féidir leo athoscailt agus dul i mbun a gcuid oibre go sábhalte. Beidh sé seo i bhfoirm treoir /seicliosta simplí a bheidh curtha in oiriúint don chineál grúpa atá i gceist i.e., grúpaí sainleasa neamhfhoirmiúla, clubanna spóirt, ionaid phobail agus siopaí carthanachta.
- ▶ D'oibríomar le Aoisbhá Shligigh agus Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh maidir le cur

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

chun cinn na billeoige *Ageing Well at Home* agus clár raidió beo.

- ▶ Tá an PPN ag obair i bpáirt le hOifig Oidhreachta Shligigh le raon tionscnamh bithéagsúlachta agus oidhreachta a chur chun cinn faoin bhfeachtas sláinte agus folláine.
- ▶ Táimid ag obair le feachtas Rothaíochta Shligigh chun iarracht a dhéanamh cur leis an tuiscint faoin gcontúirt a bhaineann le mí-úsáid a bheith á bhaint as bóithre folmha agus an tiomáint fhíorchontúirteach agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith air toisc go bhfuil níos mó coisithe ag úsáid na mbóithre áitiúla.

Barúlacha

- ▶ Tá roinnt mearbhaill ann faoi gur tugadh isteach an tionscnamh Laoch an Phobail i bhfianaise go raibh go leor de na PPNanna tar éis túis a chur cheana féin le cuid mhaith de na gnéithe atá i gceist leis an tionscnamh seo.
- ▶ Toisc go sainmhínítear na PPNanna go hoifigiúil mar an príomhbhealach cumarsáide idir na hÚdarás Áitiúla agus an earnáil phobail, seans nach raibh a seasamh mar chuid den fhreagairt náisiúnta pobail chomh láidir agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Tháinig an obair ar fad a rinne na PPNanna de bharr idirphlé leanúnach leis an lónra ar fad agus trí thionscnaimh aonair agus tiomantas na n-oibrithe agus na n-ionadaithe pobail – níor tugadh aon treoir náisiúnta maidir le comhghníomhaíochtaí.
- ▶ Is léir go bhfuil easpa trealaímh agus easpa mar a bhaineann le heolais dhigiteach ina bhac mar a bhaineann leis an rannpháirtíocht agus bealach nua oibre i gceist agus beidh sé seo níos soiléire fós nuair a rachaidh grúpaí agus eagraíochtaí pobail i mbun seirbhísí lárnacha a sheachadadh arís agus úsáid á bhaint as na modhanna seo.
- ▶ Ceann de na rudaí is mó atá ag déanamh imní do na grúpaí is ea an chaoi le tosú go sábhlíte ar ghnáthsheirbhísí a sholáthar – níl aon treoirínte cinnte nó ordachán ann maidir leis seo. Rinne PPN Shligigh teagmháil le The Wheel féachaint an dtacódíis linn (agus SVC agus SLPCo) le forbairt a dhéanamh ar uirlisí de chineál éigin ach b'fhéidir gur rud é a d'fhéadfaí a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Lónra oibrithe acmhainní an PPN ar fad dá mbeadh spéis ann.
- ▶ Neartaigh an próiseas seo an caidreamh idir an PPN agus an fhoireann Pobail agus Fiontair agus tá síul againn go mbeidh níos mó aitheantais agus tacaíocht ann feasta maidir le ról na PPNanna ó thaobh nasc a chruthú idir an rialtas áitiúil agus an pobal.
- ▶ D'fhéadfaí roinnt fadhbanna eile atá tagtha chun cinn a réiteach ar bhealach níos éasca dá dtabharfaí aghaidh orthu ag túis na géarchéime dála soilíriú Grinnfhiúrúcháin an Gharda Síochána.
- ▶ Tá sé cruthaithe ag Oibrithe Acmhainne an PPN gur féidir cuid de na príomhghnéithe a bhaineann lena ról a chur i gcrích go cianda. Ról ar leith atá ag an PPN agus ní chloíonn sé i gcónaí le modh oibre an Údarás Áitiúil ó thaobh na gcroíuaireanta, taisteal agus a bheith ar fáil. Tá síul againn de réir mar a philleann an gnáthaimh oibre ar an ngnáthshaol, nach rachaidh na hÚdarás Áitiúla ar ais chuig na seanbhealaí oibre agus go dtabharfaidh siad cead do na hoibrithe acmhainne méid áirithe solúbthachta a choinneáil ina socruithe oibre.

Baile Átha Cliath Theas

- ▶ Leanfaidh PPN Bhaile Átha Cliath Theas de bheith ina bhall gníomhach d'Fhóram Freagartha Pobail Chontae Bhaile Átha Cliath agus beidh sé ag freastal ar na cruinnithe ar líne a bheidh ag an bhFóram agus ag cur leo. Déanfar nuashonrú go rialta ar Leathanach Acmhainní Covid-19 ar shuíomh gréasáin PPN Bhaile Átha Cliath Theas, áit a dtugtar sonraí teagmhála na ngrúpaí a chuireann cabhair agus tacaíochtaí ar fáil. Leanfaidh PPN Bhaile Átha Cliath Theas de bheith ag

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

dáileadh gach eolas a bhaineann le Covid-19, lena n-áirítear ábhar nuashonruithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus gníomhaireachtaí eile. Leanfaidh PPN Bhaile Átha Cliath Theas de bheith ag tabhairt poiblíochta don tionscnamh "Glao an Phobail" go háirithe an Líne Chabhrach, trí phostálaí chuig an lónra agus trí chainéil na meán sóisialta.

Tiobraid Árann

- ▶ An Fhreagairt Pobail –An chéad fhoireann freagartha pobail a d'fhreagair go sciobtha nuair a thosaigh paindéim Covid-19, a cruthaíodh i mí an Mhárta agus a bhí ar siúl i rith Aibreáin, nó gur bunaíodh struchtúr níos foirmiúla, Fóram Glaonna Pobail an Chontae. Ar na heagraíochtaí, a d'oibrigh thar barr leis an PPN i dtaca leis seo tá lonad Oibrithe Deonacha Thiobraid Árann, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Cosaint Shíbhialta. Ba é an PPN an príomh-bhealach a bhí ann chun seirbhísí a cheangal le grúpaí, teacht ar árachas grúpa agus faisnéis maidir le nuashonruithe / srianta Covid-19 etc. Rinne an fóram seo mapáil ar acmhainní pobail, chuir sé comhairle Sláinte & Sábháilteachta & Sláinte & Folláine ar fáil do ghrúpaí pobail, chruthaigh sé na chéad phacáistí eolais i dtaca le teacht aniar le greamáin ghluaiseáin d'oibrithe deonacha le go n-aitheofaí iad le linn na dianghlásála tosaigh ag Leibhéal 5. Fóram Glao an Phobail - is freagairt chomhoibritheach leanúnach é seo ar thus phaindéim Covid-19 atá fós ar siúl ar fud an chontae. Tá na heagraíochtaí ag obair leis an bpriomhgníomhaireacht, is é sin Comhairle Contae Thiobraid Árann. Is iad na gníomhaireachtaí atá i gceist ná an PPN, lonad Oibrithe Deaonach Thiobraid Árann, Cuideachtaí Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, Cosaint Shíbhialta, Muintir na Tíre, An Garda Síochána, FSS, CLG, An Post, ALONE, Local Link agus Tusla. Glacadh an deis leis an PPN a chur ar taispeáint do ghníomhaireachtaí eile agus táthar den tuairim gur chuir sé seo leis an gcaidreamh a bhí cheana féin ag an PPN agus gur bunaíodh comhghuaillíochtaí nua le dreamanna eile. Seachadadh 3 phacáiste acmhainneachta bia trí fhuireann Glao an Phobail agus Nestle ar theaghlaigh leochaileacha sna pobail áitiúla trí ghrúpaí deonacha, chomh maith le pacáiste acmhainneachta eile do dhaoine níos sine.
- ▶ D'eagraigh PPN Thiobraid Árann foghrúpa Deontais Covid-19 ina raibh baill den rúnaíocht páirteach in éineacht le foireann an PPN chun measúnú a dhéanamh ar iarratais agus le deontais bheaga Covid-19 a dháileadh ar ghrúpaí pobail (an deontas uasta - €500). Tháinig an ciste deontais seo ó mhaoiniú a bhronn iarfhoram Pobail agus Deonach Thiobraid Árann Theas.
- ▶ Le linn phaindéim Covid-19, bhí oiliúint deartha go sonrach le freastal ar na riachtanais agus freagairt do ghuth na mballghrúpaí. Oiliúint dála RTF, Oiliúint lonadaithe Community Wellbeing Vision, Rialachas, oiliúint TF, leathanaigh ghrúpa gnó FB, SDGanna.
- ▶ De bharr comhoibriú maoinithe atá idir Comhairle Contae Thiobraid Árann, an PPN agus TVC, riartar tionscadal tríd an Líonra Aoisbhá chun an nascadh fiorúil a spreagadh agus an t-uaigneas a tharlaíonn de bharr daoine scothaosta a bheith scartha amach a laghdú, trí ghléasanna atá curtha in oiriúint agus rochtain ar an idirlíon a chur ar fáil. Bhí maoiniú agus tacáocht chun tábléid Acorn a sholáthar, chomh maith le rochtain ar oiliúint chun na feistí a úsáid, mar chuid den tionscadal Digital Connections.
- ▶ Cuireadh rannán tiomnaithe breise, 'In This Together', ar shuíomh gréasáin an PPN chomh maith le Scéalta faoi Covid-19 a insíodh agus a aistríodh isteach ina thionscadal fise, arís le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus TVC. Tá rannán ar leith do Covid-19 ar an láithreán gréasáin freisin.

Port Láirge

- ▶ Tá PPN Phort Láirge ina mball d'Fhóram Freagartha Pobail Covid-19 Phort Láirge a thagann le chéile ar Telecon uair sa tseachtais agus tá thart ar 35 sa ghrúpa seo. Tá suíochán ag PPN Phort Láirge freisin ar an bhFoghrúpa Comhordaithe & Tacáiochta agus ar fhoghrúpaí an Chiste

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Dheonaigh/Éigeandála ina gcuimsítear of Leabharlann/Deasc Chabhrach/GIS Phort Láirge, Foireann Roinn Pobail ÚÁ Phort Láirge, agus Comhpháirtíocht Ceantair Phort Láirge. Chuir PPN Phort Láirge le chéile do dheasc chabhrach Covid-19 liosta teagmhála le haghaidh tacaíochtaí ie, grúpaí tacaíochta, ospidéil, bainc, cógaslainne srl. a chlúdaíonn gach ceantar bardasach i gContae Phort Láirge.

- ▶ Dhear ÚÁ Phort Láirge suirbhé ag iaraidh ar ghrúpaí a bhfuil seirbhísí Covid-19 á gcur ar fáil acu i bPort Láirge clárú leo chun go mbeadh bunachar sonraí ann le haghaidh aon fhiosruiithe a thiocfadh chuig an Deasc Cabhrach. Tugadh poiblíocht fhorleathan don suirbhé seo, roinneadh é le gach ball den PPN agus rinneadh fógraíocht ina thaobh ar Facebook. Tá an t-eolas ar fad a bailíodh á choinneáil agus á bhainistiú ag ÚÁ Phort Láirge agus é mar fhoinsí eolais do cheisteanna a thagann chuig an Deasc Chabhrach.
- ▶ Fógraíocht ar Facebook. Tá an t-eolas ar fad a bailíodh á choinneáil agus á bhainistiú ag ÚÁ Phort Láirge mar fhoinsí eolais do cheisteanna a thagann chuig an Deasc Chabhrach.
- ▶ Níl mapáil bheo ag Port Láirge mar atá ag roinnt contaetha eile, rud inmheánach atá ann agus ní úsáidtear an t-eolas ach amháin ar an Deasc Chabhrach. Rinneadh aon ghrúpaí a chláraigh leis an suirbhé a mheasúnú agus cuireadh i mbun gnímh iad a luaithe a bhí coinníollacha áirithe comhlíonta i.e. bhí Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i bhfeidhm. Thart ar 2 sheachtain tar éis don Deasc Chabhrach dul beo cheap PPN Phort Láirge ceistneoir le haghaidh gach ballghrápa den PPN chun a fháil amach an raibh aon ghrúpaí/seirbhísí/bearnaí ann nár aimsigh suirbhé an ÚÁ. D'úsáideamar an ceistneoir seo freisin chun teacht ar eolas faoi aon ghrúpaí nua a bhí bunaithe nach rabhamar ar an eolas ina dtaobh, aon ghrúpaí a bhí ag streachailt, an tionchar atá agus a bheidh ag Covid-19 orthu agus na tacaíochtaí a theastaigh uathu nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu amach anseo. Cuireadh aon eolas cabhrach a d'eascair as seo isteach san Fhóram Freagartha Pobail.
- ▶ D'oibríomar le Cros Dhearg na hÉireann chun tabhartas bia ó Nestlé a chur i dteagmháil le grúpa pobail (Banc Bia Phort Láirge) a thugann faoi bhia a sholáthar. Scaipeamar faisnéis ó Ranna Rialtais, ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, ó na Gardaí srl. agus phléamar le ceisteanna agus iarratais ar bhreis faisnéise. Cuirimid Nuachtlitreacha amach gach seachtain maidir le Deontais/ Maoiniú, Tacaíochtaí, seimineáir ghréasáin, oiliúint saor in aisce etc a bhfuil fáil orthu.
- ▶ Tá ár suíomh gréasáin nuashonraithe againn le leathanach ar Covid-19, áit a bhfuil liosta d'fhaisnéis agus de thacaíochtaí cabhracha. Bíonn ár leathanáigh meán sóisialta á nuashonrú go leanúnach ar Facebook, tá seirbhís phoist á thairiscint againn do dhuine ar bith a dteastaíonn foirmeacha, treoracha srl. uaidh agus cuirimid Nuachtlitreacha na nDaoine Aosta amach sa phost. Bhíomar i dteagmháil le FSS cúpla uair le smaointe agus moltaí maidir leis na pacáistí acmhainní agus eolais atá acu, i.e., iad a bheith níos éasca le n-úsáid agus iad a bheith ar fáil i níos mó teangacha. Tháinig freagra go pras uathu agus ghlac siad lenár moltaí.
- ▶ Pléadh idirghabhálacha sonracha (le haghaidh gníomhaíochta amach anseo – nach mbaineann le Covid-19 amháin) le príomh-chomhpháirtithe, dála Comhairle na nDaoine Scothaosta agus grúpaí Cónaitheoirí.
- ▶ Dréacht-Fhís Folláine: ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis na ceardlanna ach tá clár comhairliúcháin ar líne á phleanáil chun é a chríochnú – breathnófar freisin ar níos mó córais don chianobair – Seisiún lomlánach fíorúil, mar shampla?
- ▶ Leanamar orainn ag obair le grúpaí pobail – ar fhadhanna a bhaineann le Covid-19 dála iompar frithshóisialta – agus ag cothú ceangail chun na pobail, an Chomhairle agus na Gardaí a nascadh.
- ▶ Shocraíomar suas Zúm le haghaidh cruinniú leis an Rúnaíocht.
- ▶ Fuaireamar bréagáin, leabhair agus cluichí do Phobal an Lucht Siúil.

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

Tá freastal déanta ag an bhfoireann ar go leor seimineár gréasán agus oiliúna i.e., Grinnfiosrúchán an Gharda Síochána, Brightpay, Líonrú pobail, Acmhainní Covid-19.

Ceachtanna a foghlaimíodh:

Tharraing Géarchéim Covid-19 aird, mura ndearna sé rud ar bith eile, ar thábhacht agus ar luach na PPNanna. Is dóigh linn gur tharraing sé aird go háirithe ar an ngéarghá atá le Comhordaitheoir Náisiúnta don PPN.

I bPort Láirge, tá an-chur amach ag an PPN ar gach ceann de na 700+ ballgrúpa agus ar an gceantar. Gan rannpháirtíocht PPN, ní dócha go n-éireodh chomh maith céanna leis an mapáil agus bhí ár dteagmhálacha sna pobail éagsúla ríthábhachtach chomh maith. Tá súil againn go bhféachfaidh an Chomhairle le súile nua ar an obair a dhéanann an PPN agus an bhrefisluach a bhaineann leis.

Ba chóir go mbeadh na rialacháin maidir le Grinnfiosrúchán an Gharda Síochána níos soiléire ó thus agus braithimid go mbeadh sé ina bhuntáiste ollmhór anseo dá mbeadh ionad Oibrithe Deonacha Phort Láirge i mbun oibre. D'oibrigh os cionn 280 duine go deonach tríd an suirbhé. Tá súil ó chroí againn nach gcuirfear isteach ar an obair thábhachtach seo (mar a tharla roimhe seo) de réir mar a bheidh an cúnla eacnamaíochta ag imirt tionchair.

Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, tá PPN Phort Láirge fós i dteaghmháil go rialta le Roinn Pobail na Comhairle agus treisíonn sé seo an rud a chreidimid gurb é seo an príomhnasc idir na Comhairle agus na PPNanna. Ar leibhéal níos praiticiúla de réir mar a thiocfaidh méadú ar an gcianobair lena n-áirítear cruinnithe fíorúla, tuigimid nach bhfuil an trealamh cuí againn e.g., fóin chliste, táibléid, ríomhairí glúine, ríomhairí etc. agus freisin nach bhfuil an t-eolas i measc an phobal maidir leis an gcaoi leis na feistí, bogearraí agus feidhmchláir a úsáid.

An larmhí

- ▶ Riarann foireann PPN na hlarmhí Fóram Freagartha Pobail Covid-19 na hlarmhí. Oibríonn foireann PPN na hlarmhí ar an Líne Chabhrach Freagartha Pobail thatar 7 lá in aghaidh na míosa. D'eagraigh PPN na hlarmhí agus mhaoinigh sé ceardlann/seimineár gréasán athoscaile do gach ball. Sheol PPN na hlarmhí 52 píosa faisnéise sonrach ar Covid-19 chuig na baill. D'oibrigh PPN na hlarmhí go dlúth le Comhairle Contae na hlarmhí, Forbairt Pobail na hlarmhí, FSS, Cosaint Sibhialta, An Garda Síochána agus grúpaí pobail ar fud an chontae lena n-áirítear CLG, Grúpaí Forbartha Pobail, Béilí ar Rothaí, SVP agus an Chros Dhearg.
- ▶ D'oibrigh PPN na hlarmhí go dlúth le Comhairle Contae na hlarmhí ag eagrú agus ag Dáileadh 1000 pacá curaím. Rinne PPN na hlarmhí páirtmaoiniú ar 2500 maighnéad cuisneora ar a raibh sonraí na Líne Cabhrach Pobail: dáileadh iad ar fud an chontae. Dháil PPN na hlarmhí eolas faoi dheiseanna sonracha maoinithe Covid-19, lena n-áirítear an Scéim Feabhsúcháin Pobail agus chuidigh siad le grúpaí ina leith.

Loch Garman

- ▶ Tacaíodh le Glao an Phobail agus cuireadh sé phacáiste gnó amach.

Cill Mhantáin

- ▶ Rinne PPN Chontae Chill Mhantáin logáil láithreach ar fhreagra an phobail ar an gcéad dianghlásáil. D'oibrigh an PPN ansin leis an údarás áitiúil chun an fhaisnéis a logáil isteach in uirlis léarscailithe chun tacú le Glao an Phobail. D'oibrigh an PPN freisin le hlonad Oibrithe Deonacha Chontae Chill Mhantáin chun dea-chleachtas agus sábháilteacht a chinntí do na hoibrithe deonacha agus don dream a raibh siad ag cabhrú leo. D'oibrigh PPN Chontae Chill Mhantáin le Raidió Pobail na gCloch Liath chun agallaimh a eagrú ar son ghrúpaí ar mhaithé le haird a

Aguisín 3: Tionchair Covid-19 ar obair an PPN

tharraingt ar an obair a bhí ar siúl acu agus ar na tacaíochtaí a bhí á soláthar acu le linn na dianghlásála. Ghlac PPN Chontae Chill Mhantáin páirt ghníomhach sa tionscnamh Laoch an Phobail agus ina dhiaidh sin i bhFóram Freagartha Pobail an Údarás Áitiúil. Ghlac PPN Chontae Chill Mhantáin páirt ghníomhach i bhFoghrúpa um Bhochtaineacht Dhigiteach Fhóraim Freagartha Pobail Chill Mhantáin i gcomhar le Comhairle Contae Chill Mhantáin, Ionad Oibrithé Deonacha Chontae Chill Mhantáin, Muintir na Tíre, CYPSC, agus Aoibhá. Bunaíodh an grúpa seo chun freagairt do dheacrachtaí a raibh aird á dtarraing orthu a bhain leis an deighilt dhigiteach.

- ▶ Forbraíodh próiseas deontais chun acmhainní a chur ar fáil do na grúpaí ba mhó a bhí i ngátar agus mar thoradh air sin scaipeadh €45,000 le go bhféadfadh eagraíochtaí trealamh ríthábhachtach a cheannach, dála táibléid, ríomhairí glúine agus dongles a cheannach agus ba mbeadh teacht orthu ag an dream ba mhó ar theastaigh siad uathu. I measc na ngrúpaí a fuair tacaíocht bhí: daoine a bhfuil dúshláin fhisiciúla agus mheabhairshláinte acu, grúpaí na ndaoine scothaosta, dídeanaithe atá ina gcónai in ionaid soláthair dhírig, an Lucht Siúil, agus daoine óga faoi mhíbhuntáiste. Ghlac PPN Chontae Chill Mhantáin páirt ghníomhach sa *bhFoghrúpa Staying Connected & Managing Your Mood* de chuid Fhóram Freagartha Pobail Chill Mhantáin i gcomhar le Comhairle Contae Chill Mhantáin, FSS, Aoibhá, Éire Shláintíúil, CYPSC, Ionad Oibrithé Deonacha Chontae Chill Mhantáin agus Muintir na Tíre.
- ▶ Bunaíodh an grúpa mar chuid den Fheachtas Keep Well chun comhordú, cumarsáid, agus poiblíocht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla a bunaíodh chun folláine agus acmhainneacht an phobail a chur chun cinn agus a éascú. D'fhorbair PPN Chontae Chill Mhantáin doiciméad 2 leathanach chun grúpaí a threorú chuig comhairle maidir lena n-áiseanna a athoscailt agus dul i mbun a gcuid gníomhaíochtaí arís, chomh maith le tacaíochtaí maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil le cur ar a gcumas a gcuid seirbhísí a oscailt agus iad a thosú arís.
- ▶ D'eagraigh PPN Chontae Chill Mhantáin seisiúin oliúna agus tacaíochta piaraí chun tacú le grúpaí a n-ionaid agus a halláí a oscailt arís agus a gcuid seirbhísí a thosú athuair tar éis na chéad dianghlásála. D'fhorbair agus scaip PPN Chill Mhantáin suirbhé chun a fháil amach faoi na tionchair airgeadais a bhí ag Covid-19 ar ghrúpaí pobail.
- ▶ Bunaíodh tuarascáil ar na freagraí agus scaipeadh é seo ansin ar an údarás áitiúil, an Róinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus Ionadaithe Tofa & Teachtaí Dála Chontae Chill Mhantáin. Tá an tuarascáil ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus léiríonn sé go raibh sé an-deacracht ag na grúpaí a reáchtálann ionaid phobail morgáistí, billí srl a ioc agus ba chúis imní agus strus é sin do choistí deonacha. Chomhoibrigh PPN Chontae Chill Mhantáin le Cros Dhearg na hÉireann chun Tabhartas Bia Nestle a dháileadh ar ghrúpaí pobail lena n-áirítear Grúpaí Béilí ar Rotháí agus Ionaid Acmhainne.
- ▶ D'oibrigh PPN Chontae Chill Mhantáin le Human Givens Counsellor & Coach chun ár gClár Oiliúna *Supercharge Your Selfcare* a fhorbairt. Cuireadh an clár ar fáil ina dhiaidh sin i bhfoirm 6 fhíseán ghearrá chun cabhrú leis na hoibrithe deonacha agus na pobail aire a thabhairt dóibh féin agus dá chéile. Bhí na físeáin nasctha go soiléir lenár bhFís don Pholláine Pobail agus an Feachtas Náisiúnta & Áitiúla Fan Folláin. Seoladh na físeáin i mí na Nollag agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin PPN Chontae Chill Mhantáin.

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

Ceatharlach

- ▶ Tá níos mó ama ag teastáil don phróiseas comhairliúcháin, ionas go mbeadh ionadaithe pobail níos ullmhaithe agus níos eolasaí. Ba chóir go mbeadh an t-eolas saor ó bhéarlagair agus scríofa i mbÉarla simplí, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé éasca ag gach duine é a thuisint. Comhairliúcháin phoist a thairiscint. D'fhreagair Ceatharlach aon chomhairliúchán déag in 2020.

An Cabhán

- ▶ Go mbeadh níos mó baint ag ionadaithe pobail le leagan amach na gclár oibre agus níos mó cumhachta acu ar bhoird/ar choistí. Chomh maith leis sin, ba chóir tuairisci ar dhul chun cinn/cinntí an CBS sin etc. a dháileadh ar na comhaltaí.

An Clár

- ▶ Faoi láthair, bíonn ar PPN an Chláir thar a bheith gníomhach ó thaobh comhairliúcháin áitiúla agus náisiúnta a lorg toisc nach gcuirtear muid ar an eolas go seasta. Bheadh sé an-úsáid dá mbeadh tairseach comhairliúcháin náisiúnta ann a d'fhéadfaí a chuardach de réir contae nó leas, ar nós an ceann seo ag céim na mbéite:

https://www.gov.ie/en/consultations/?%20fbclid=IwAR3ocMXkQLDsPzmi4_CjDSUeoKGLPWdoP4tK3B9ORXDVhSw1CKDSRPy_NWw

- ▶ Faoi láthair tá sé deacair a fháil amach conas a láimhseáiltear na comhairliúcháin, a ndéantar meastóireacht orthu agus a dtugtar údarás dóibh tar éis dóibh a bheith faigte ag údarás áitiúil. Bheadh sé úsáideach dá ndéanfaí creat a fhorbairt a dhéanfadh meastóireacht ar chomhairliúcháin agus a chuirfeadh aiseolas ar fáil.
- ▶ Rinne PPN an Chláir deich n-aighneacht scríofa ar leith chuig comhairliúcháin a bhain le beartais náisiúnta agus áitiúla. Rinneadh na haighneachtaí seo mar thoradh ar chruinníú comhairliúcháin phoiblí a d'iarr PPN an Chláir ar iarratas ó chomhaltaí nó ó choláistí nó mar thoradh ar chomhaontú reatha maidir le cinneadh beartais an PPN. I roinnt cásanna, d'eagraigh agus thionól PPN an Chláir cruinnithe eolais le saineolaithe ábhartha sula ndearna sé na haighneachtaí agus ina dhiadh sin thiomsaigh sé ionchur na mballghrápaí leasmhara sna haighneachtaí a tháinig as sin. Bhí sé seo mar chuid lárnach dár gcuid oibre mar PPN ach ba mhaith linn go mór go bhfoilseodh na comhlachtaí a gcuirimid aighneachtaí chucucreat a léireodh go soiléir an chaoi a ndéantar údarás a thabhairt d'aighneachtaí agus do shaincheisteanna agus na critéir agus na próisis a bhaineann leis na cinní a bhíonn déanta sa deireadh.

Contae Chorcaí

- ▶ Cumarsáid níos fearr le rannóga na nÚdarás Áitiúil agus le comhlachtaí eile.

Dún na nGall

- ▶ Achar Ama níos Faide.

Cathair Bhaile Átha Cliath

- ▶ Oiliúint ar na hÚdarás Áitiúla maidir leis na PPNanna.

Ceanglas maidir le doiciméid inrochtana a chur san áireamh i dtairiscintí.

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

Dún Laoghaire / Ráth an Dúin

- ▶ Creidimid go gcabhródh na nithe seo a leanas leis na comhairliúcháin a fheabhsú: - Tosaíocht a thabhairt d'úsáid an Bhéarla shimplí i gcás gach rannpháirtíochta. – Tuiscint ar an éagsúlacht atá laistigh de ghrúpaí pobail agus deonacha mar a bhaineann le cúrla agus leibhéal oideachais. – Soiléireacht maidir leis na pleananna a mbeidh an comhairliúchán ag cur leo agus an bhaint atá acu le chéile.

Sé chomhairliúchán: an Plean Forbartha Contae Réamhdhréachta (dhá chruinniu den nascghrúpa); Saol Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath (cruinniu amháin de nascghrúpa ar an ábhar); pleán an LDA do Dhún Droma, agus an comhairliúchán spriocdhírithe ar Ascaill Carysfort. Chuireamar tús le dhá chomhairliúchán pobail faoi na riachtanais a d'eascair as Covid-19 (ceann amháin i mí Aibreáin 2020 agus ceann eile i mí na Samhna-Nollaig 2020). Bhíomar ullamh freisin do sheoladh an chomhairliúcháin Vision for Community Wellbeing, ach b'éigean na ceardlanna ar fad a bhí pleanálte a chur siar mar gheall ar an bpaindéim.

Fine Gall

- ▶ Eolas a bheith eisithe níos túisce chun go bhféadadh ionchur a bheith ann. Achoimre déanta ar dhoiciméid. Tá súil againn go mbeidh cruinnithe beo ann amach anseo. 1 Plean Leathnaithe an Dart Thiar.

Cathair na Gaillimhe

- ▶ Tagann aiseolas rialta ó bhalleagraíochtaí Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe ina gcuirtear i íúl cé go gcaitear cuid mhaith ama ar fhreagairtí fianaise-bhunaithe ar chomhairliúcháin a fhorbairt gur annamh a áirítear iad sin nó a léirítear iad sna dréachtaí deiridh. D'fhéadfá an comhairliúchán a fheabhsú dá ndéanfaí teagmháil níos fiúntaí le linn na gcéimeanna tosaigh den phróiseas nuair a d'fhéadfá tionchar a imirt ar an bpolasaí. Is iondúil go dtugann comhairliúcháin phoiblí an t-údarás céanna d'aighneachtaí aonair a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar thuairim an duine aonair agus a thugann siad do fhreagairtí comhchoiteanna bunaithe ar sheasaimh a bhí dea-bheartaithe. Creidimid go bhféadfaí feabhas a chur air sin dá dtabharfaí níos mó údaráis agus go ndéanfaí níos mó plé ar aighneachtaí a thagann ó eagraíochtaí agus lónraí ar nós GCCN.
- ▶ Ina theannta sin, is minic nach dtugtar fógra nó am leordhóthanach le go bhféadfadh an Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe agus na baill aon chineál comhairliúcháin nó rannpháirtíochta fiúntach a bheith acu sa phróiseas. Chuir Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe treoirlínte maidir le Rannpháirtíocht Rathúil Pobail ar fáil a léiríonn treoirlínte DPER maidir le comhairliúchán agus bheadh sé ina chabhair dá leanfaí iad. D'áireofaí leis sin comhairliúchán a reáchtáil i gceantair thíreolaíoch taobh amuigh de lár na cathrach, rochtain níos éasca a bheith ar chomhairliúcháin, dul i dteaghmáil le grúpaí a bhfuil tionchar díreach ag an bpróiseas cinnteoireachta orthu agus féachaint ar mhodhanna eile a bheadh níos idirghníomhaí do na comhairliúcháin.
- ▶ Féach le do thoil <https://galwaycitycommunitynetwork.ie/wp-content/uploads/2016/12/GCCN-Guidelines-for-Successful-Community-Engagement.pdf> le haghaidh cóip de Threoirlínte GCCN maidir le Rannpháirtíocht Rathúil Pobail ina leagtar amach an seasamh atá ag Lónra Pobail Chathair na Gaillimhe maidir leis an gcaoi le comhairliúcháin a eagrú.

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

Contae na Gaillimhe

- ▶ Bheadh bunachar sonraí náisiúnta de na comhairliúcháin agus nuashonrú seachtainiúil maidir leis na comhairliúcháin atá fógartha úsáideach, mar gur minic a fhaighimid amach faoi chomhairliúchán tar éis don spriocdháta a bheith caite.

Ina theannta sin, dá seofaí meamram chuit gach cuid den Rialtais ag lua an tábhacht a bhaineann leis na PPNanna sna phróisisí chomhairliúcháin chabhródh sé leis na Ranna Rialtais uile a chur ar an eolas faoin ról lárnach atá ag na PPNanna agus go ndéanann siad ionadaíocht ar ghuth an phobail. Chomh maith leis sin, bheadh córas faoina bhféadfaí 'comh-aighneachtaí PPN' a dhéanamh úsáideach agus sheachnódh sé dúbláil mar go mbíonn go leor de na saincheisteanna céanna á n-ardú ag na PPNanna ar fad.

Cill Dara

- ▶ D'fhéadfaí féilire a chur ar fáil ar a mbeadh dátaí aon chomhairliúcháin atá ar na bacáin do na míonna/an bliain amach romhainn chun go mbeadh am ann le haghaidh pleannáil a dhéanamh agus feabhas a chur ar chaighdeán na n-aighneachtaí. Ba cheart aiseolas a bheith tugtha éis don aighneacht deiridh a bheith déanta ionas go mbeadh ar ár gcumas an rath a bhí ar aighneacht a thomhas thar ceann na mballeagraíochtaí. 2 Chomhairliúchán curtha isteach ag PPN Chill Dara; Dréachtphealán Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Chill Dara; Straitéis Spáis Oscailte agus Áineasa Chomhairle Contae Chill Dara.

Cill Chainnigh

- ▶ D'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile oibriú i gcomhar leis na PPNanna chun comhairliúcháin a fhógaírt agus tabháirt faoi cheardlanna eolais. D'fhéadfadh na PPNanna cabhrú le haiseolas a thiomsú agus aighneachtaí a chur le chéile ar an mbonn sin. 16/06- Comhairliúchán Poiblí ar An Scéim um Fhaoiseamh Tuile do Ghráig na Manach-Tigh na hInse 04/08- Páirc Uirbeach Cheathrú na Mainistreach 11/12- Dréachtphealán Bainistíochta Soghluaisceachta Challainn.

Laois

- ▶ A bheith curtha ar an eolas ar bhealach tráthúil. Ba cheart go mbeadh tosaíocht ag an PPN maidir le fógraí faoi chomhairliúcháin.

Liatroim

- ▶ Níos mó ama, Béarla níos simplí, níos mó comhoibrithe.

Luimneach

- ▶ Go mbeadh a ndóthain ama agus fógra faichte ag na Baill faoi chomhairliúcháin. D'aontaigh ár PPN ag cruinniú lomlánach mhí na Nollag teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh leis an gcomhairle chun iarratas a dhéanamh go mbeadh an cháipéisíocht faichte sách fada roimh chruinnithe coiste na Comhairle- ionchorpraíodh é sin sna buanorduithe nua do SPCanna agus don JPC i mí an Mhárta 2021. 1 (8 seisiún comhairliúcháin maidir le Méara a Toghadh go Díreach do Luimneach)

An Longfort

- ▶ Léarscáileanna méadaithe etc. dóibh siúd a bhfuil laige radhairc ag cur as dóibh. D'fhreagair an Longfort deich gcomhairliúchán in 2020.

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

Lú

- ▶ Chuideodh comhairliúcháin tráthnóna, mar gur minic a bhíonn Oibrithe Deonacha ag obair i bpoist lánimseartha i gcaitheamh an lae.

Maigh Eo

- ▶ Go mbeadh fógraí agus comhairliúcháin á bhfáil go pras ag na PPNanna.

An Mhí

- ▶ Dá ndéanfaí forbairt ar líonraí struchtúrtha laistigh den PPN thiocfadh feabhas ar an gcaoi a mbíonn na comhairliúchán dírithe agus ar ullmhú aighneachtaí comhoibríocha. Eisítéar fógraí comhairliúcháin chuig an líonra ina ionláine. Chuirfeadh struchtúir chomhoibríocha trascholúin feabhas ar chaighdeán agus ar chomhordú na ranpháirtíochta sa chomhairliúchán agus ar na haighneachtaí. Chuideodh soiléireacht agus feiceálacht maidir leis an tionchar a bhíonn ag na haighneachtaí ar na próisis chinnteoireachta/phleanála/mheastóireachta le feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Muineachán

- ▶ Ba cheart go dtabharfaí níos mó ama le go bhféadfáil dul i gcomhairle i gceart leis na comhaltaí. Ba chóir go dtabharfadhbh na gníomhaireachtaí a úsáideann an PPN le haghaidh comhairliúcháin aiseolas do bhaill an PPN maidir leis an tionchar a bhí an obair chrua agus ag an iarracht a chuir siad isteach sa chomhairliúchán ar na gníomhaireachtaí sin. (Cuidíonn 'Go raibh maith agat' go mór). Ba chóir go mbeadh níos mó ionchuir ag lonadaithe an PPN ag leibhéil an CBS i bhforbairt an pholasaí/an phlean le haghaidh comhairliúcháin. Bainimid úsáid as focail ar nós pleannana / straitéisí gníomhaíochta, rud nach spreagann daoine le bheith párteach. Chun go mbeidh an comhairliúchán fiúntach caithfidh sé a bheith ábhartha do dhaone.

Uíbh Fhailí

- ▶ Caithfidh an PPN gach rud a bhaineann leis na Comhairliúcháin a fháil go pras le go mbeidh deis ann aighneachtaí a dhéanamh, ag cur san áireamh go mbíonn sos ag an earnáil Phobail i rith an tsamhraidh agus ag an Nollaig, ní bhfaighidh Comhairliúchán i mí Lúnasa nó go déanach i mí na Nollag an aird chuí.

Sligeach

- ▶ Modhanna comhairliúcháin a bhfuil níos mó éagsúlachta ag baint leo – na ceardlanna foirmiúla a choinneáil ach iad a bheith ar siúl anuas ar sheisiúin/ar mhodhanna a ligfeadh do ghrúpaí níos ilchineálaí a bheith párteach. Ceangal níos dlúithe le straitéisí áitiúla agus náisiúnta mar a bhaineann le pobal agus folláine – mar táimid ag iarraidh ar eagraíochtaí go siarghabhálach glacadh lenár gcuid oibre. 7 gComhairliúchán- Plean Corparáideach, N17, Eirgrid, BMDP, Athbhreithniú Structúrach, Plean Cumarsáide, Taithí na nlonadaithe.

Baile Átha Cliath Theas

- ▶ Tuilleadh fógra ón UÁ, níos mó smaointeoireacht chomhleanúnach mar a bhaineann le scaipeadh eolais.

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

Tiobraid Árann

- ▶ Cé go ndearnadh an contae a chónascadh go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2014, mar a bhaineann le go leor gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí maoinithe, tá Co. Thiobraid Árann fós, go straitéisearch, roinnte ina dhá cheantar atá an-scartha óna chéile. Cothaíonn sé seo deacrachartaí i gcás aon phróiseas comhairliúcháin de chuid PPN Thiobraid Árann nach bhfuil dírithe ar an gcontae ionlán. Bheadh gá le comhaontú ginearálta, rud is dócha atá dodhéanta m.sh. ceantair FSS, Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas, SERDATF, a bheith ag oibriú leis an gcontae ar fad. Is minic a bhíonn gá le tréimhse níos faide roimh an spriocdháta don chomhairliúcháin mar thacaíocht phraiticiúil chun go bhféadfaidh an PPN rannpháirtíocht MD a mhéadú agus a ghníomhachtú.

Port Láirge

- ▶ Ba cheart don UÁ na Comhairliúcháin Áitiúla a sheoladh chugainn go díreach, bíonn orainn iad a lorg. Ba chóir go gcuirfí gach comhairliúchán eile ar phríomhthairsearch amháin, áit a mbeadh rochtain againn orthu, ba chóir go mbeadh siad i mbÉarla simplí agus éasca don phobal teacht orthu agus ba cheart aiseolas a spreagadh.

An Iarmhí

- ▶ Tuilleadh ama. I gcuid mhaith cásanna ní bhíonn na comhairliúcháin oscailte sách fada le go dtarlódh comhairliúchán sásúil. Chomh maith leis sin, ní chuirtear na PPNanna ar an eolas go tráthúil. Ba cheart go mbeadh an t-eolas faoi na comhairliúcháin éasca le tuiscint, chun go mbeifí níos fearr ar an eolas agus an comhairliúcháin ar bun. Ba chóir go n-iarrfadadh na coistí/na fóram ar na PPNanna grúpaí fócais a bhunú agus é seo a chur san áireamh mar chuid den chomhairliúchán. Agus de bharr go bhfuil deighilt dhigiteach ann, ba cheart go mbeadh an oiread modhanna agus is féidir ar fáil do dhaoine le dul i gcomhairle (ar líne / post / cruinnithe etc.).

Loch Garman

- ▶ Nuair a bheidh Covid-19 thart beimid ag plé i gceart le hionadaithe an PPN chun an teachtaireacht atá sa Ráiteas Folláine a threisiú agus tú a chur le hathbhreithniú ar an gCeantar Bardasach. Tá páirtithe leasmhara eile a bhfuil sé beartaithe ag an PPN labhairt leo, m.sh., Healthy Wexford Committee, Clár Aoibhá Loch Garman. Tá sé i gceist na teachtaireachtaí ilmheán a fheabhsú chun teacht ar lucht spéise níos leithne, m.sh., oiliúint maidir le Zúm srl.. Comhairliúcháin amháin críochnaithe: Dréachtphelean Forbartha Contae Loch Garman.

Cill Mhantáin

- ▶ Níor cheart comhairliúcháin a reáchtáil nuair a bhíonn, go hiondúil, formhór na ndaoine ar saoire i.e., i rith na Nollag, um Cháisc nó sa Samhradh. Ba cheart go mbeadh na tréimhsí ama a thugtar do na comhairliúcháin sách fada, 2 mhí ar a laghad, chun go bhféadfadadh an PPN dul i gcomhairle le ballghrápaí, ballghrápaí dul i gcomhairle lena chéile & aiseolas a thabhairt don PPN in am le go mbeadh aighneacht i scríbhinn déanta ag an PPN. Ba cheart do na Ranna dul i gcomhairle lena chéile lena chinntí nach mbíonn comhairliúcháin éagsúla ar ardleibhéal á reáchtáil ag an am céanna. Dá mbeadh córas níos fearr ann chun ionchur an phobail a aithint agus luach a chur air spreagfadhbh sé níos mó rannpháirtíochta e.g., aitheantas a bheith tugtha i gcónaí don rud a bhí le rá ag an bpobal agus léargas a thabhairt ar an gcúis go raibh nó nach raibh na rudaí a bhí ráite á fhorbairt i bhfoirm gnímh. Ba cheart go mbeadh níos mó sineirgí agus comhoibrithe ann maidir le comhairliúcháin i dtaca le

Aguisín 4: Tuairimí ar Chomhairliúcháin / Samplaí Comhairliúcháin

pleananna áitiúla lena n-áirítear Pleananna Forbartha Contae, Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail agus Pleananna LEADER. Shábhálfadh sé sin acmhainní airgeadais agus foirne chomh maith lei an tuirse a bhaineann le comhairliúcháin. Ba chóir go mbeadh na PPNanna ar liostaí cúrsaíochta do gach comhairliúchán rialtais áitiúil agus náisiúnta. Níor cheart go mbeadh struchtúr na gcomhairliúchán ró dhocht toisc go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin a chuirfeadh as do dhoimhneacht na freagartha. Tá cuid de na comhairliúcháin áitiúla a reáchtálamar comhairliúcháin maidir le agus/nó ar chuireamar aighneachtaí isteach ina leith: Treochlár Náisiúnta Aeráide agus Aeir don Earnáil Talmhaíochta go dtí 2030, Dréacht-Sraitéis Náisiúnta don Obair Dheonach 2020-2025, Straitéis Crann WCC, Tionchar Airgeadais Covid-19 ar Ghrúpaí Pobail Chontae Chill Mhantáin (Comhairliúchán de chuid an PPN), Aighneacht d'Fhorbairt Phlean Oibre an CBS um Ghníomhú aeráide agus bithéagsúlachta, Straitéis Um Imeascadh Imirceach Chill Mhantáin, Suirbhé ar Bhochtaineacht Bia Chill Mhantáin.